Litearthacht agus Uimhearthacht i Scoileanna faoi Mhíbhuntáiste: Dúshláin do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimeoirí

Meastóireacht déanta ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

© 2005 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
ISBN 0-0000-0000-X

Deartha ag Brian Kelly Design
Baile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Le ceannach díreach ó

Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Theach Laighean
Baile Átha Cliath 2

nó trína ordú tríd an bpost ó

Oifig Dhíolta Foilseachán
Rannán Post-Trádála
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6476834 Facs: (01) 6476843

10.00

Clár na n-ábhar

Brollach leis an bPríomhchigire		i
Buíochas		7
Achoimre feidhmiúcháin		9
1	Réamhrá	13
2	Modheolaíocht Mheastóireachta	19
3	Comhthéacs Scoile agus Dalta	25
4	Pleanáil do Litearthacht agus Uimhearthacht	35
5	Teagasc agus Foghlaim:Litearthacht	41
6	Teagasc agus Foghlaim: Uimhearthacht	49
7	Measúnú a dhéanamh ar Litearthacht agus Uimhearthacht	57
8	Príomhthorthaí agus Moltaí	61
9	Tagairtí	69

Tá sé riachtanach teagasc ar ardchaighdeán a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama na ndaltaí.

Brollach leis an bPríomhchigire

Tá an mheastóireacht seo ar litearthacht agus uimhearthacht i scoileanna atá ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste mar mheastóireacht amháin i sraith d'athbhreithnithe téamacha doimhne atá á ndéanamh ag an gCigireacht. Léiríonn an mheastóireacht seo go bhfuil dúshláin ar leith os comhair múinteoirí a bhíonn ag obair i scoileanna a aithnítear mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste ó thaobh scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí a fhorbairt, agus go bhfuil deacrachtaí nach beag ag céatadán suntasach leanaí sa dá réimse foghlama sin.

Ghlac dhá scoil déag páirt sa mheastóireacht seo, agus bhain cúinsí ar leith le gach aon scoil. I rith an athbhreithnithe aithníodh i gcónaí gur bhain tábhacht le fachtóirí chomhthéacs na scoile, ar nós tinreamh scoile agus tacaíocht ó thuismitheoirí, agus aithníodh go raibh tionchar acu sin ar rath na ndaltaí i litearthacht agus in uimhearthacht. Dhírigh an mheastóireacht ar chaighdeán an teagaisc agus ar chaighdeán na foghlama sna seomraí ranga, agus chuir sí béim ar fhorfheidhmiú beartas agus cleachtas i scoileanna a mbíonn tionchar acu ar rath a bhaint amach sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Agus torthaí na tuarascála á measúnú, ba cheart cuimhneamh nach raibh ach líon beag scoileanna bainteach leis an tuarascáil, agus dá bhrí sin ba cheart tátail na tuarascála a thuiscint laistigh den chomhthéacs sin. Mar sin féin, tá an anailís a rinne na cigirí ar na sonraí a bailíodh, roinnt mhaith acu a bhí i gcoiteann ag na scoileanna rannpháirteacha uile, tábhachtach do scoileanna agus don lucht déanta beartas.

Bhain roinnt de na príomhréimsí iniúchta le ceannaireacht agus le bainisteoireacht straitéiseach scoileanna agus an tslí ina gcabhraíonn pleanáil don scoil ina hiomláine le múinteoirí aonair agus iad á n-ullmhú féin chun litearthacht agus uimhearthacht a theagasc. Dearbhaíodh dea-chleachtas i scoileanna, agus moladh roinnt gnéithe den soláthar le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta. Go ginearálta, áfach, dearbhaíonn na cigirí tríd is tríd an fhaisnéis a chuireann príomhoidí ar fáil sna foirmeacha faisnéise scoile, is é sin gur ábhar imní dáiríre é leibhéil ghnóthachtála daltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Cuireann tátail na tuarascála béim ar an riachtanas atá ann go mbeidh scileanna ardfhorbartha teagaisc ag múinteoirí a ligeann dóibh foghlaim na ndaltaí a fhorbairt. Cuirtear san áireamh freisin nósanna imeachta meastóireachta agus an tionchar atá acu ar fhorbairt clár oiriúnach chun freastal ar inniúlachtaí agus riachtanais éagsúla na leanaí. Leagann an tuarascáil béim ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim a chomhdhlúthú agus naisc a chinntiú idir shraitheanna difriúla an churaclaim maidir le litearthacht agus uimhearthacht.

Tá impleachtaí ann do phríomhoidí agus do mhúinteoirí, do bhainisteoireacht inscoile agus do bhoird bhainisteoireachta, ach lena chois sin is torthaí ábhartha iad do sheirbhísí tacaíochta éagsúla na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a mbíonn baint acu le scoileanna ainmnithe. Leagann an mheastóireacht seo béim ar an ngá atá ann go nglacfaidh na seirbhísí le cur chuige níos comhordaithe chun a chinntiú go dtugtar teachtaireacht níos intuigthe do scoileanna maidir le straitéisí a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar theagasc agus fhoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta.

Ba mhian liom aitheantas a thabhairt don leibhéal an-ard comhoibrithe a fuair an Chigireacht ó na scoileanna uile i rith na meastóireachta. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis na príomhoidí agus na múinteoirí as a n-oscailteacht agus a macántacht agus as an léargas gairmiúil a thug siad ar na castachtaí a bhaineann leis an téama seo. Ba mhian liom freisin buíochas a ghabháil le hAonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde na Cigireachta as ucht an taighde seo a chomhordú, agus le baill eile na Cigireachta a raibh baint acu leis an meastóireacht seo a dhéanamh. Tá an Chigireacht ag tnúth go mór le cumarsáid bhreise a dhéanamh leis na scoileanna ainmnithe uile agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar leibhéil foghlama agus gnóthachtála na leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Eamon Stack
Príomhchigire

Buíochas

Ba mhian leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta buíochas a ghabháil leis na príomhoidí agus na múinteoirí sa dá scoil déag a ghlac páirt sa mheastóireacht as a gcomhoibriú.

Tugtar aitheantas ar leith do chur isteach na gcigirí ar an nGrúpa Stiúrtha a d'fhorbair an múnla meastóireachta agus a d'ullmhaigh an tuarascáil seo: Brendan Doody, Anne Feerick, Séan Ó Cearbhaill, Carmel O'Doherty, agus Gary Ó Donnchadha.

Lena chois sin ba mhian leis an Roinn aitheantas a thabhairt do chur isteach bhaill na Cigireachta a raibh baint acu leis an meastóireacht a dhéanamh ar litearthacht agus ar uimhearthacht sa dá scoil déag: Colm Cregan, Brendan Doody, Margaret Dunning, Anne Feerick, Éamon Mac Coitir, Seán Ó Cearbhaill, Carmel O'Doherty, Gary Ó Donnchadha, Anne O'Gara, Séamus Ó hÉilí, Pádraig Ó Néill, agus Máire Uí Chonghaíle.

Tugtar aitheantas freisin don pháirt shuntasach a bhí ag Gearóid Ó Conluain, Leas-Phríomhchigire, agus ag Éamonn Murtagh, Príomhchigire Cúnta, Aonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde, as treoir eolach úsáideach a thabhairt don ghrúpa stiúrtha ag céimeanna éagsúla a gcuid oibre.

Glactar buíochas ar leith le foireann an Fhorais Taighde ar Oideachas as comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna suntasacha agus eagarthóireachta a bhain leis an tuarascáil seo.

Ba chóir go gcuirfeadh na leabharlanna atá sna seomraí ranga réimse leathan d'ábhar léitheoireachta breise ar fáil do dhaltaí, cosúil le leabhair mhóra, leabhair léitheoireachta comhthreormhara agus leabhair léitheoireachta.

Achoimre feidhmiúcháin

I mí an Mhárta 2004 rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta meastóireacht ar litearthacht agus uimhearthacht i roinnt scoileanna a roghnaíodh a bhí faoi leibhéil arda mhí-bhuntáiste. Ba é aidhm na meastóireachta athróga scoile a aithint a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus beartais agus straitéisí a mholadh a ligfeadh do scoileanna feabhas a chur ar ghnóthachtáil leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Roghnaíodh dhá scoil déag as liosta scoileanna de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a bhí ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Múnla meastóireachta

Rinne cigirí meastóireacht ar theagasc agus fhoghlaim sa litearthacht agus san uimhearthacht i sampla thart ar sé rang phríomhsrutha i ngach ceann den dá scoil déag a roghnaíodh. Baineadh úsáid as foirm suirbhé faisnéise scoile chun sonraí cúlra agus comhthéacsacha a bhailiú, agus rinneadh agallaimh struchtúrtha le príomhoidí, múinteoirí ranga agus múinteoirí eile i róil tacaíochta. Rinneadh athbhreithniú ar cháipéisí pleanála na scoile iomláine, beartas measúnaithe scoile, pleananna curaclaim múinteoirí, faisnéis ar inniúlacht leanaí, agus pleanáil clár maidir le leanaí aonair.

Fachtóirí comhthéacs scoile

Leagann an comhthéacs dúshlánach ina n-oibríonn na scoileanna seo agus na fachtóirí seachtracha a mbíonn tionchar diúltach acu ar fhoghlaim leanaí béim ar na dúshláin shuntasacha a bhíonn ag bainisteoireacht agus foireann sna scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Is cúis imní ar leith é leibhéal an neamhláithreachais i measc daltaí i bhformhór na scoileanna. Bhí idir ceathrú agus leath de na daltaí sna scoileanna a ndearnadh suirbhé orthu as láthair ón scoil ar feadh níos mó ná fiche lá in aghaidh na bliana. Moltar do scoileanna tosaíocht níos mó a thabhairt d'fheabhas a chur ar thinreamh scoile na leanaí agus straitéisí a dhearadh a dhíríonn isteach ar na leanaí a mbaineann na leibhéil tinrimh is ísle leo. Ba chóir don Bhord Leasa Oideachais agus don Scéim Teagmhála Baile-Scoil-Pobal machnamh breise a dhéanamh ar conas is fearr is féidir cabhrú le scoileanna chun a chinntiú go bhforbrófaí cultúr tinrimh sna scoileanna.

Cé go dtuigeann scoileanna go mbaineann tábhacht leis an mbaint a bhíonn ag tuismitheoirí le hoideachas a leanaí, níor tuairiscíodh go raibh mórán ratha sa réimse sin.

Ba chóir do scoileanna scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna níos gníomhaí ina bhféadfaidís tacú le tuismitheoirí a bheith bainteach le hoideachas a leanaí, agus ba cheart don tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal straitéisí breise a fhorbairt chun cabhrú le tuismitheoirí leanaí níos sine a bheith bainteach lena n-oideachas.

Is díol tromchúiseach imní í an fhaisnéis a sholáthair príomhoidí ar leibhéil inniúlachta leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Is díol imní ar leith é leibhéal íseal inniúlachta leanaí san uimhearthacht. Bhí scór an-íseal sa léitheoireacht ag beagnach leath de na leanaí sna scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu, agus bhí beagnach dhá trian de na leanaí an-lag sa mhatamaitic.

Litearthacht agus uimhearthacht i scoileanna: Soláthar agus moltaí

Pleanáil agus ullmhúchán

Mar gheall ar na riachtanais foghlama aonair a bhíonn ag leanaí sna scoileanna ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste, bíonn gá le pleanáil shárchaighdeánach

agus leis na cleachtais teagaisc is fearr. Thug cigirí faoi deara go bhfuil pleananna scoile cumtha ag formhór na scoileanna le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta ach go bhféadfadh forbairt bhreise a dhéanamh ar phleanáil litearthachta agus uimhearthachta chun creat éifeachtúil a sholáthar d'fhorfheidhmiú curaclaim ar ardchaighdeán sna seomraí ranga. Moltar don bhainisteoireacht inscoile naisc a chinntiú idir pleanáil scoile iomláine, ullmhú múinteoirí aonair agus cleachtas laethúil na múinteoirí maidir le litearthacht agus uimhearthacht. Tá gá go leagfaidh pleanáil múinteoirí níos mó béime ar chur chuige idirdhealaitheach chun freastal ar leanaí le hinniúlachtaí agus riachtanais éagsúla foghlama agus ar leagan amach spriocanna litearthachta agus uimhearthachta atá níos sonraí ó thaobh ama de. Aithnítear go mbaineann deacracht le ham a sholáthar ar mhaithe le pleanáil chomhoibritheach; ba chóir do na páirtithe oideachais teacht ar réiteach ar an tsaincheist seo anois.

Teagasc agus foghlaim

Bhí cigirí dearfach faoin tslí inar cuireadh na ceachtanna i láthair agus faoin tslí inar riaradh gníomhaíochtaí ranga a bhain le litearthacht agus le huimhearthacht. Mar sin féin, cuireadh béim ar laigí agus ar easnaimh shuntasacha i bpróiseas timthriallach na pleanála, an teagaisc agus an mheasúnaithe. Léirigh cigirí imní freisin faoi na caighdeáin ghnóthachtála sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus moladh gur cheart do mhúinteoirí níos mó airde a thabhairt ar fhoghlaim a chomhdhlúthú agus ar naisc a chothú idir shraitheanna an churaclaim. Bhí níos lú ná leath na leanaí sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha in ann léamh go líofa agus le tuiscint ar an méid a bhí á léamh acu. Maidir le huimhearthacht, thug cigirí faoi deara go raibh deacracht ar leith ag leanaí i meánranganna agus ranganna sinsearacha le réimsí ar nós luach áite, meastachán agus scileanna réitigh fadhbanna. Molann an tuarascáil seo gur cheart d'fhoireann múinteoirí a bhfuil saineolas aitheanta ar litearthacht agus ar uimhearthacht acu oibriú i ról forbartha gairme chun tacaíocht speisialtóireachta a sholáthar do scoileanna sna réimsí curaclaim sin chun saineolas múinteoirí a fheabhsú agus a fhorbairt agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phróisis agus chórais bhainisteoireachta inscoile. Moltar freisin gur cheart cláir ardtacaíochta lena mbaineann tacaíocht chórasach do dhaoine aonair nó do ghrúpaí beaga, ar nós Aisghabháil Léitheoireachta, a leathnú agus tosaíocht a thabhairt do na scoileanna faoin míbhuntáiste is mó.

Cuireann formhór na seomraí ranga timpeallachtaí foghlama atá saibhir in ábhair chlóbhuailte ar fáil, ach léirigh cigirí imní mar gheall ar an easpa de raon cuí leabhar, nó an easpa fáil ar raon cuí leabhar i meánranganna agus ranganna sinsearacha. Mhol cigirí do go leor scoileanna feabhas a chur ar chaighdeán na dtimpeallachtaí seomra ranga ina bhfoghlaimítear an mhatamaitic.

Measúnú

D'úsáid formhór na scoileanna éagsúlacht d'uirlisí measúnaithe chun dul chun cinn leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht a thomhas, ach rinneadh anailís theoranta ar na sonraí, agus baineadh úsáid theoranta astu. Cé gur bhain múinteoirí úsáid as tástálacha caighdeánaithe agus tástálacha eile, níor baineadh úsáid as na torthaí chun cláir oiriúnacha teagaisc a fhorbairt. Go ginearálta, tugtar le fios ag formhór na ráiteas meastóireachta a rinne cigirí go bhfuil beartas agus cleachtas measúnaithe ina ngnéithe den soláthar a bhfuil gá aghaidh a thabhairt orthu agus feabhas suntasach a dhéanamh orthu. Ba chóir do na seirbhísí tacaíochta éagsúla, lena n-áirítear tionscnamh na Seirbhíse Pleanála um Fhorbairt Scoile (SDPS), Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile (PCSP), agus Cigireacht na Roinne, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus gníomhaireachtaí ábhartha eile treoir níos comhordaithe agus níos intuigthe a sholáthar do scoileanna i réimsí ar nós measúnú sa seomra ranga, brí a bhaint as torthaí na dtástálacha caighdeánaithe, agus an nasc idir measúnú agus teagasc agus foghlaim.

Tacaíocht foghlama

I bhformhór na scoileanna leagadh béim ar an ngá a bhí le seirbhís níos comhordaithe agus níos comhtháthaithe do leanaí le riachtanais tacaíochta foghlama sa litearthacht agus san uimhearthacht araon. Mhol cigirí gur chóir do mhúinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta foghlama nó acmhainne comhoibriú go foirmiúil chun soláthar cláir foghlama dírithe a phleanáil. Aithnítear go mbaineann laige ar leith le réimsí áirithe, ar nós an bhaint theoranta a bhíonn ag múinteoirí seomraí ranga sa phleanáil a dhéantar chun freastal ar riachtanais foghlama daltaí le leibhéil ísle gnóthachtála agus an bhaint theoranta a bhíonn acu ó thaobh Clár Próifíle agus Foghlama Aonair (IPLP) a fhorbairt, mar a moladh sna Treoirlínte Tacaíochta Foghlama (2000). I leath na scoileanna a ghlac páirt sa mheastóireacht thuairiscigh cigirí nach raibh aon soláthar tacaíochta foghlama ann le haghaidh uimhearthachta.

Ceannaireacht straitéiseach scoile

Tá saincheist na ceannaireachta straitéisí scoile ríthábhachtach ó thaobh litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn sna scoileanna a bhí páirteach sa mheastóireacht. Aithnítear nach bhfuil baint ghníomhach ag formhór na mbord bainisteoireachta le saol na scoile agus go bhfuil oiliúint shonrach riachtanach chun cur ar chumas boird bhainisteoireachta tabhairt faoin bpáirt atá acu i monatóireacht ar sholáthar oideachais ina scoileanna. Tugtar aitheantas freisin do ról ceannaireachta fíordhúshlánach an phríomhoide, go háirithe ról dúshlánach na bpríomhoidí a bhfuil dualgais teagaisc orthu. Tuairiscíonn móramh na bpríomhoidí go bhfuil post dualgas speisialta sa scoil a bhaineann le litearthacht agus uimhearthacht; mar sin féin, dúirt cigirí nach mbaintear an úsáid is féidir as féidearthacht príomhoidí agus foirne bainisteoireachta inscoile ceannaireacht curaclaim a sholáthar.

Aithnítear forbairt ghairmiúil múinteoirí mar réimse a bhfuil gá le feabhas a chur air freisin. Dúirt formhór na múinteoirí a ndearnadh agallaimh orthu nár ullmhaigh a n-oiliúint agus a n-oideachas iad don dúshlán a bhain le teagasc i dtimpeallacht faoi mhíbhuntáiste. Is rud suntasach é sin, mar ní raibh ach taithí teagaisc cúig bliana nó níos lú ag leath de na múinteoirí ar cuireadh agallamh orthu. Go ginearálta, ní thugann boird bhainisteoireachta ná bainisteoireacht inscoile aghaidh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach na bhfoirne ar leibhéal na scoile. Tá gá le cláir forbartha gairmiúla scoilbhunaithe a phleanáil a chabhródh le scoileanna freagra intuigthe bunaithe ar an scoil ina hiomláine a thabhairt ar riachtanais agus chomhthéacsanna ar leith gach aon scoil.

Moltaí eile

Is iad seo a leanas roinnt de na moltaí ginearálta eile a rinne an fhoireann meastóireachta:

- Tacú le forbairt tionscnaimh phobail atá dírithe ar chúram agus oideachas luathóige chun deiseanna a sholáthar ar fhorbairt scileanna teanga agus cumarsáide leanaí an-óg. Ba cheart forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar réamhscolaíochta pobalbhunaithe sna ceantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón tionscnamh Tús Luath (Early Start).
- Ba cheart fáil níos fearr ar dheiseanna oideachais do dhaoine lánfhásta a sholáthar do thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi dhroch-mhíbhuntáiste.
- Ba cheart don Roinn Oideachais agus Eolaíochta machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le ráta athraithe múinteoirí i scoileanna atá ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste chun críche straitéisí a fhorbairt le múinteoirí a choinneáil.

Ba chóir freastal ar fhoghlaim na matamaitice trí go leor úsáide a bhaint as ábhair choinchréiteacha.

1 Réamhrá

Tá cur isteach ríthábhachtach ag an oideachas i gcaighdeán agus dea-bhraistint ár sochaí. Cuireann *An Curaclam Bunscoile* síos ar na nithe seo a leanas mar spriocanna ginearálta an oideachais:

- **cur ar chumas linbh saol iomlán a bheith aige mar leanbh agus a fhéidearthacht mar dhuine aonair a bhaint amach**
- **cur ar chumas linbh é féin a fhorbairt mar dhuine sóisialta trí mhaireachtáil agus chomh-oibriú le daoine eile agus cur le maitheas na sochaí, agus**
- **an leanbh a ullmhú do bhreisoideachas agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.**

Is cuid lárnach de bhaint amach na n-aidhmeanna leathana sin forbairt inniúlachtaí leanaí i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta. Dhírigh an mheastóireacht ar shaincheisteanna litearthachta agus uimhearthachta i measc leanaí in dhá scoil déag a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. De réir an dualgais atá air faoin *Acht Oideachais (1998)*, rinne an Chigireacht an tionscadal meastóireachta taighdebhunaithe chun comhairle úsáideach a sholáthar do bhoird bhainisteoireachta, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí maidir leis an bhforáil a dhéanann scoileanna do litearthacht agus uimhearthacht. Lena chois sin, tá sé mar aidhm ag na torthaí a luaitear sa tuarascáil seo tacaíocht a thabhairt d'fhoirmiú beartais ar leibhéal an chórais.

Feidhmíonn na scoileanna a roghnaíodh don mheastóireacht i dtimpeallachtaí an-dúshlánach. Déanann an tuarascáil seo cur síos ar roinnt fachtóirí comhthéacs a bhaineann le daltaí na scoileanna a ghlac páirt sa staidéar seo agus sonraí maidir le neamhláithreachas, gnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht, líon foirne i scoileanna, agus an bhaint atá ag tuismitheoirí le hoideachas a leanaí. Léiríonn taighde ar éifeachtúlacht agus ar fheabhsú scoileanna gur féidir le scoileanna difríocht a dhéanamh i leibhéil ghnóthachtála na ndaltaí agus go ndéanann siad an difríocht sin. Dhírigh an mheastóireacht seo go príomha ar chaighdeán an teagaisc agus ar chaighdeán na foghlama sna seomraí ranga, agus chuir sí béim ar fhorfheidhmiú beartas agus cleachtas i scoileanna a mbíonn tionchar acu ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Ag leibhéal pleanála na meastóireachta, leag cigirí príomhthréithe teagaisc agus foghlama amach ar cheart dóibh a bheith i láthair chun a chinntiú gur féidir le daltaí, go háirithe daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna faoi mhíbhuntáiste, scileanna litearthachta agus uimhearthachta cuí a bhaint amach. Tá na tréithe sin bunaithe ar chuir chuige maidir le teagasc agus foghlaim a gcuirtear síos orthu i ráitis *An Curaclam Bunscoile* (1999). Áirítear orthu sin:

- aitheantas a thabhairt don ghá atá le pleanáil gnímh don scoil ina hiomláine ar ardchaighdeán a dhíríonn ar fheabhas a chur ar scoileanna
- tosaíocht tugtha ag boird bhainisteoireachta, príomhoidí scoile agus múinteoirí do litearthacht agus uimhearthacht
- aitheantas a thabhairt don pháirt lárnach atá ag measúnú sa timthriall teagaisc agus foghlama
- teagasc ar ardchaighdeán a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanas foghlama na ndaltaí maidir le litearthacht agus uimhearthacht
- aitheantas a thabhairt don ghá leanúnach atá le forbairt ghairmiúil a sholáthar do phríomhoidí agus mhúinteoirí scoileanna.

Ar deireadh thiar thall, is é aidhm na tuarascála seo feabhas a chur ar scoileanna. Is é an aidhm atá leis go gcabhróidh na torthaí le scoileanna agus iad ag déanamh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an tsoláthair litearthachta agus uimhearthachta a dhéanann siad dá ndaltaí, agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil do na freagraí atá nasctha leis an gcóras agus a bhfuil gá leo chun cabhrú le scoileanna na dúshláin sin a shárú. Tacóidh an tuarascáil seo le bainisteoireacht scoileanna trí dhíriú isteach ar an tábhacht a bhaineann le tuiscint a fháil ar theagasc agus fhoghlaim mar chuid de thimthriall leathan, lena n-áirítear pleanáil éifeachtúil agus teagasc dea-struchtúrtha a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama na ndaltaí agus a bhaineann úsáid leanúnach as measúnú chun aiseolas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus chun pleananna eolacha a chruthú d'fhoghlaim sa todhchaí.

1.1 Míbhuntáiste oideachasúil

I gcomhthéacs an oideachais, glactar leis go n-eascraíonn míbhuntáiste as easpa leanúnachais idir eolas, scileanna agus dearcaí leanaí agus éilimh scoileanna (*Educational Disadvantage in Ireland*, 1995, lch xi). De réir Alt 32 (9) den Acht Oideachais (1998) ciallaíonn "míbhuntáiste oideachasúil" constaicí oideachais a eascraíonn ó mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch a chuireann cosc ar leanaí leas cuí a bhaint as oideachas sna scoileanna. Is féidir a rá go mbíonn leanbh faoi mhí-bhuntáiste ar scoil má tá difríocht idir na hinniúlachtaí a bhíonn aige agus na hinniúlachtaí a mbaineann luach leo ar scoil mar gheall ar fhachtóirí eacnamaíocha, cultúrtha, nó sóisialta. Nuair a chuireann fachtóirí eacnamaíocha agus sóisialta isteach ar rannpháirtíocht agus ghnóthachtáil sa chóras oideachais, déanann an stát iarracht fáil réidh le foinsí agus tionchar an mhíbhuntáiste oideachasúil nó cúiteamh a dhéanamh orthu.

1.2 Idirghabhálacha agus tacaíocht do scoileanna

Ó na 1960í ar aghaidh teastaíonn ó oideachasóirí agus lucht déanta beartas míbhuntáiste oideachasúil a laghdú trí leibhéal rannpháirtíochta leanaí san oideachas a mhéadú agus trí dhul i ngleic le leibhéil tearcfheidhmithe agus tearcghnóthachtála. Le daichead bliain anuas tá straitéisí difriúla á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le míbhuntáiste sóisialta, agus tá éagsúlacht de thionscnaimh oideachasúla á cur i bhfeidhm. Áirítear orthu siúd cláir idirghabhála réamhscoile ar nós Tionscadal Shráid Rutland, réamhscoileanna don Lucht Siúil, agus an clár Tús Luath. Áirítear ar na tionscnaimh a dhírigh ar leanaí bunscoile ó 4 go 12 bliain d'aois an Scéim do Scoileanna faoi Mhí-bhuntáiste, an Scéim Teagmhála Baile-Scoil-Pobal, Breaking the Cycle, an Tionscadal um Mhúinteoirí Tacaíochta, agus Giving Children an Even Break. Is é aidhm an tionscnaimh is déanaí, an Clár um Chríochnú Scoile, líon na ndaltaí a fhanann ar scoil agus a chríochnaíonn an clár sraithe sinsearaí ag an dara leibhéal a mhéadú.

Baineann formhór na scoileanna a ghlac páirt sa staidéar seo tairbhe as pearsanra breise suntasach. Áirítear orthu sin múinteoirí acmhainne do dhaltaí le riachtanais speisialta, múinteoirí teagmhála baile-scoil-pobal, agus múinteoirí i bpoist a cheadaítear ar bhonn lamháltais. Tá an cóimheas dalta-múinteora sna scoileanna sin íseal go ginearálta i gcomparáid leis an ráta náisiúnta.

1.3 Míbhuntáiste oideachasúil agus gnóthachtáil daltaí

Taispeánann roinnt staidéir thaighde go bhfuil gnóthachtáil na ndaltaí sna scoileanna a ainmnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste níos lú ná gnóthachtáil na ndaltaí i scoileanna eile. Fuair Weir, Milis agus Ryan (2002) go raibh meánghnóthachtáil na ndaltaí sa séú rang sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic lear maith níos ísle ná gnóthachtáil na ndaltaí go náisiúnta. Fuair Weir (2003) go raibh gnóthachtáil na ndaltaí i scoileanna ina raibh leibhéil mhíbhuntáiste an-ard níos lú ná gnóthachtáil

daltaí sna scoileanna faoi mhíbhuntáiste i gcoitinne. Rinne Shiel, Cosgrave et al. (2001) staidéar ar fheidhmíocht daltaí cúig bliana déag d'aois i litearthacht sa chlár de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) um Mheasúnú Idirnáisiúnta Daltaí (PISA), agus cé gur bhain daltaí Éireannacha an cúigiú scór is airde amach i measc na seacht dtír is fiche san OECD maidir le litearthacht, fuair siad go raibh 11% de dhaltaí Éireannacha ar leibhéal 1 nó níos ísle ná sin ar scála cumais PISA sa léitheoireacht. Ciallaíonn sin nach féidir le 11% de dhaltaí cúig bliana déag d'aois sa tír seo ach na tascanna léitheoireachta is bunúsaí a dhéanamh. Fuair na staidéir go raibh scóir ghnóthachtála na ndaltaí i scoileanna a ainmnítear mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste lear maith níos ísle ná scóir na ndaltaí a bhí ag freastal ar scoileanna nach bhfuil ainmnithe. Fuair Weir agus Ryan (2000) go raibh meánghnóthachtáil na ndaltaí Teastais Shóisearaigh a fuair oideachas bunscoile i scoileanna a bhí faoi mhíbhuntáiste mór agus a ghlac páirt sa scéim Breaking the Cycle cuid shuntasach níos ísle ná meánghnóthachtáil daltaí go náisiúnta.

1.4 Litearthacht sa Churaclam Bunscoile

Soláthraíonn *An Curaclam Bunscoile—Béarla* (1999) an creat a chuireann eolas ar fáil maidir le fócas an teagaisc ar gach leibhéal ranga, agus tugann sé na mionsonraí maidir le táscairí feidhmíochta agus gnóthachtála na ndaltaí. Bhí dearcaí na gcigirí a rinne meastóireacht ar chaighdeán teagaisc agus foghlama sa litearthacht bunaithe ar an bhfealsúnacht agus an cur chuige i leith léitheoireachta atá leagtha amach sa churaclam.

Cuireann *An Curaclam Bunscoile—Béarla* (1999) teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht in iúl mar ghnéithe de phróiseas teanga comhtháite, agus tá an cur chuige i leith léitheoireachta "bunaithe ar inniúlacht agus eispéireas teanga leanaí" (*Treoirlínte do Mhúinteoirí*, lch 13). Cuireann an curaclam béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéireas léitheoireachta a sholáthar do gach leanbh atá cuí dá riachtanais agus dá inniúlachtaí. Leagtar amach éagsúlacht de chur chuige maidir le measúnú sa churaclam, agus is é aidhm an mheasúnaithe "cuidiú leis an múinteoir cur le heispéiris foghlama na leanaí" (lch 15).

Cuirtear béim ar fhorbairt na litearthachta ar gach leibhéal ranga, agus cuirtear na codanna difriúla a bhaineann leis an bpróiseas léitheoireachta in iúl i snáithaonaid dhifriúla:

- Coincheapa teanga agus cló a fhorbairt
- Scileanna agus straitéisí léitheoireachta a fhorbairt
- Léamh le haghaidh pléisiúir agus faisnéise
- Spéis, dearcaí agus cumas smaointeoireachta a fhorbairt
- Freagairt do théacs.

Sna ranganna naíonán (naíonáin shóisearacha agus sinsearacha) díríonn an curaclam ar fhorbairt teanga ó bhéal, mar tá "ról ríthábhachtach aige an leanbh a ullmhú chun tosú ag léamh" (lch 54). Tugtar faoi réimse de ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla léitheoireachta, agus cuirtear an leanbh i dteagmháil le héagsúlacht téacsanna. Tugann an múinteoir múnla don phróiseas léitheoireachta trí úsáid a bhaint as leabhair le cló mór agus an cur chuige eispéireas teanga, agus cuirtear an leanbh ar an eolas maidir le coincheapa cló ar nós focail, litreacha, agus an treoshuíomh ó bharr go bun agus ó chlé go deis. Cuirtear béim ar fheasacht radharcach na leanaí ar theanga trí thimpeallacht atá saibhir sa chló agus ina bhfuil an cló ag athrú a chur in aithne dóibh, agus forbraítear stór focal bunúsach a aithníonn an leanbh nuair a fheiceann sé é. Cuireann an curaclam béim ar straitéisí chun focail a aithint, lena n-áirítear feasacht fhóineolaíochta agus fóinéimeach.

Sna ranganna sóisearacha (rang 1 agus rang 2) leanann daltaí ar aghaidh ag forbairt straitéisí chun focail a aithint, ar nós tús focal agus rím (foghlaim conas tús focal agus siollaí a nascadh le codanna ríme), deirí focal coitianta, aicmí focal agus fréamhacha, agus conas eolas maidir le caidrimh idir litir agus fuaim, gramadach agus comhréir agus leideanna comhthéacsacha a úsáid chun focail nua a aithint. Spreagtar leanaí le réimse níos leithne de théacsanna ficsin agus neamhfhicsin a léamh, le léitheoireacht phearsanta a dhéanamh, agus le leas a bhaint as an leabharlann ranga agus an leabharlann scoile. Ag an gcéim seo spreagtar daltaí le léitheoireacht a dhéanamh chun faisnéis a bhailiú agus le réimse straitéisí tuisceana a fhorbairt.

Sna meánranganna (rang 3 agus rang 4) agus sna ranganna sinsearacha (rang 5 agus rang 6) is léitheoirí iad na leanaí a bhíonn ag éirí níos neamhspleáiche i gcónaí, agus leanann siad orthu ag forbairt réimse straitéisí léitheoireachta. De réir an churaclaim, ba cheart do leanaí réimse straitéisí tuisceana a fhorbairt chun go mbeidís in ann déileáil le téacsanna scéalaíochta (cuntas ar eachtraí, eispéiris, srl.), téacsanna nochtaitheacha (téacs a dhéanann cur síos ar rud éigin nó a mhíníonn rud éigin), agus ábhair léitheoireachta léiritheacha (téacs i bhfoirm léaráidí, pictiúr, agus graf). Ba cheart go mbeadh daltaí in ann léamh go léiritheach agus go líofa, agus ba cheart go mbeadh siad in ann léitheoireacht chiúin a dhéanamh ar feadh tréimhsí sách fada. Ba cheart do leanaí ar na leibhéil ranga sin scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe leabhar mar na pearsana, na húdair is fearr leo, na suímh, agus rúin agus bunchúiseanna na scéalta. Ba cheart dóibh a bheith in ann faisnéis a fháil ó scéalta agus an bhrí a thuiscint, agus ba cheart dóibh argóintí agus tuairimí a thacú le fianaise ón téacs.

1.5 Uimhearthacht sa Churaclam Bunscoile

Cuireann *An Curaclam Bunscoile—An Mhatamaitic* (1999) creat ar fáil do na spriocanna ábhar agus an fhorbairt scileanna ar cheart cur ar cumas leanaí a bhaint amach le linn a n-oideachas bunscoile ar gach leibhéal ranga. Bhí an cur chuige a bhí ag na cigirí maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama san uimhearthacht bunaithe ar an gcur chuige maidir leis an matamaitic a bhí leagtha amach sa churaclam.

Is é aidhm an churaclaim mhatamaitice tuiscint a thabhairt do leanaí ar na coincheapa agus na próisis mhatamaitice atá cuí dá leibhéal forbartha agus inniúlachta. Spreagann an curaclam forbairt dearcaí dearfacha i leith na matamaitice, sealbhú scileanna chun réiteach a fháil ar fhadhbanna, agus an inniúlacht an mhatamaitic a chur i bhfeidhm sa ghnáthshaol laethúil. Glactar leis go mbeidh sé ar cumas leanaí scileanna bunúsacha matamaitice a úsáid agus go mbeidh fíricí bunúsacha maidir le huimhreacha de ghlanmheabhair acu.

Cuirtear an curaclam in iúl i gcúig shraith:

- Líon
- Ailgéabar
- Cruth agus spás
- Tomhais
- Sonraí.

Ba chóir do leanaí réimse scileanna a fhorbairt trí na sraitheanna sin, lena n-áirítear

- Iad a chur i bhfeidhm agus teacht ar réiteach ar fhadhbanna
- Comhtháthú agus cumarsáid
- Réasúnaíocht

- Forfheidhmiú
- Tuiscint agus cuimhneamh.

Tá curaclam na matamaitice bunaithe ar fhealsúnacht mhodhanna an inchiallaithe agus na fionnachtana treoraithe, agus feictear go bhfuil páirt ghníomhach ag an leanbh sa phróiseas foghlama. Is é atá i gceist go mbeadh an leanbh treoraithe chun smaointe atá aige cheana féin a úsáid chun brí a bhaint as eispéiris agus suímh nua agus turgnaimh a dhéanamh chun smaointe agus coincheapa nua a fhorbairt, agus tabharfaidh an múinteoir treoir don leanbh le brí a chruthú agus straitéisí matamaitice a fhorbairt chun réiteach a fháil ar fhadhbanna. Aithníonn an curaclam go mbíonn sé deacair freastal ar riachtanais éagsúla na leanaí (inniúlacht, gnóthachtáil agus stíl foghlama) má leantar clár comónta don rang iomlán. Mar sin, ba cheart do phleanáil, teagasc agus measúnú an chláir mhatamaitice an t-eolas a bhí ag an leanbh cheana féin a chur san áireamh, agus moltar go bhfuil tréimhsí rialta athbhreithnithe riachtanach. Is é aidhm an mheasúnaithe faisnéis a chur ar fáil a bheidh úsáideach chun an t-eolas atá ag an leanbh cheana féin agus míthuiscintí agus straitéisí foghlama an linbh a aithint. Ba cheart don fhaisnéis sin cur ar chumas múinteora freastal ar dhifríochtaí in inniúlachtaí agus i stíleanna foghlama aonair agus deiseanna a sholáthar ar obair bhreise a thabhairt do na leanaí atá in ann é a dhéanamh.

1.6 Imlíniú na tuarascála

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta an mheastóireacht seo ar theagasc agus fhoghlaim i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta in dhá scoil déag a ainmnítear mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste le linn mhí an Mhárta 2004. Déanann caibidil 2 cur síos ar an modheolaíocht mheastóireachta ar baineadh úsáid aisti agus an staidéar seo á dhéanamh. Lena chois sin, mínítear an próiseas lena roghnaíodh na scoileanna, na nósanna imeachta iniúchta agus na sceidil mheastóireachta ar baineadh úsáid astu sa tionscadal seo. Tugtar aghaidh ar chomhthéacs na scoile i gCaibidil 3, agus meastar saincheisteanna ar nós baint amach agus gnóthachtáil leanaí, neamhláithreachas, tacaíocht ó thuismitheoirí, agus ráta athraithe foirne. Is é caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin sna scoileanna ábhartha téama Chaibidil 4, agus cuirtear béim ar leith ar an tosaíocht a thugtar don phleanáil do litearthacht agus uimhearthacht. Cuirtear breathnóireacht agus tuairimí na gcigirí a raibh baint acu leis an meastóireacht san áireamh sna hathbhreithnithe ar theagasc agus fhoghlaim a chuirtear i láthair i gCaibidil 5 agus Caibidil 6. Cuirtear moltaí sonracha in iúl faoin mbealach ina bhféadfaí feabhas a chur ar theagasc na litearthachta agus na huimhearthachta. Is é príomhfhócas Chaibidil 7 caighdeán an mheasúnaithe a dhéantar ar leanaí, lena n-áirítear leanaí le riachtanais speisialta foghlama. Déanann an chaibidil dheireanach cur síos ar na torthaí agus na moltaí uile maidir leis an meastóireacht a rinneadh ar theagasc agus fhoghlaim na litearthachta agus na huimhearthachta sa dá scoil déag a roghnaíodh.

Tá clár teagaisc comhordaithe atá ceaptha ag na múinteoirí ranga, an múinteoir tacaíochta foghlama agus an múinteoir acmhainne riachtanach chun tacú le scileanna litearthachta na ndaltaí le deacrachtaí foghlama.

2 Modheolaíocht mheastóireachta

2.1 Spriocanna meastóireachta

Ba é aidhm na meastóireachta tríd is tríd tuairisc a thabhairt ar chaighdeán an tsoláthair a bhí ann do litearthacht agus uimhearthacht i sampla de scoileanna a ainmnítear mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Dhírigh an mheastóireacht ar athróga a chuireann isteach ar fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta in dhá scoil déag a ainmnítear mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste, agus is é an aidhm a bhí aige beartais agus straitéisí a mholadh a ligfeadh do scoileanna feabhas a chur ar ghnóthachtáil leanaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

2.2 Roghnú na scoileanna

Roghnaíodh dhá scoil déag as liosta scoileanna de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a bhí ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Roghnaíodh na scoileanna ó na céad scoil a bhfuil an leibhéal is airde míbhuntáiste sa tír tuairiscithe dóibh, agus chinntigh an nós imeachta roghnúcháin go raibh éagsúlacht de chineálacha scoile agus de shuímh scoileanna curtha san áireamh sa sampla. Bhí scoileanna aonghnéis agus scoileanna comhoideachais sa sampla, agus bhí scoileanna sóisearacha, scoileanna sinsearacha agus scoileanna ingearacha san áireamh. Ba scoileanna uirbeacha iad an dá scoil déag. Bhí seacht scoil i mBaile Átha Cliath, bhí trí cinn i Luimneach, agus bhí dhá cheann i gCorcaigh.

2.3 Forbairt an mhúnla meastóireachta

Le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2004 d'fhorbair grúpa stiúrtha cigirí múnla meastóireachta le tacaíocht ón Aonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde. Bhí ceithre phríomhshraith de ghníomhaíochtaí meastóireachta sa mhúnla sin. Ba iad seo a leanas na príomhshraitheanna:

- meastóireacht déanta ag cigirí ar theagasc agus fhoghlaim i litearthacht agus uimhearthacht i sampla de ranganna príomhsrutha i ngach ceann den dá scoil déag roghnaithe
- foirm suirbhé faisnéise scoile a bheith líonta ag an bpríomhoide
- agallaimh struchtúrtha le príomhoide na scoile, na múinteoirí ranga, na múinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne agus na múinteoirí teagmhála baile-scoil-pobal, agus
- athbhreithniú déanta ag cigirí ar na cáipéisí a bhain le pleanáil don scoil ina hiomláine, pleananna curaclaim na múinteoirí, beartas measúnaithe, faisnéis maidir le gnóthachtáil leanaí, agus pleanáil clár do leanaí aonair.

Eagraíodh seimineár treoshuímh aon lae le haghaidh foirne de dháréag cigirí ar ceapadh iad chun tabhairt faoin obair mheastóireachta scoilbhunaithe.

Sannadh foireann meastóireachta beirte do gach scoil agus rinne cigire amháin ó gach foireann teagmháil leis an scoil chun socruithe a dhéanamh maidir leis an gcéim scoilbhunaithe den mheastóireacht. Tar éis dul i gcomhairle le príomhoide gach scoile, roghnaíodh dhá lá i mí an Mhárta 2004 don ghníomhaíocht meastóireachta scoilbhunaithe.

2.4 Meastóireacht ar theagasc agus foghlaim

I ngach scoil, roghnaíodh cúig nó sé rang go randamach, ag cur réimse na leibhéal ranga a bhí sna scoileanna san áireamh. I roinnt ranganna dhírigh an mheastóireacht ar litearthacht; i ranganna eile dhírigh sí ar uimhearthacht. Rinneadh breathnóireacht ar 31 rang litearthachta agus 35 rang uimhearthachta san iomlán. Lean an chuairt mheastóireachta i ngach suíomh ranga thart ar 90 nóiméad. Áirítear ar an iniúchadh breathnóireacht ar theagasc agus fhoghlaim, athbhreithniú ar obair na leanaí, athbhreithniú ar cháipéisí pleanála na múinteoirí, agus smaoineamh ar na socruithe a mbeadh gá leo chun freastal ar riachtanais na ndaltaí aonair. Rinne na cigirí idir-ghníomhaíocht le leanaí ar bhonn an ranga ina iomláine agus le grúpaí agus leanaí aonair chun meastóireacht a dhéanamh ar an méid a bhí foghlamtha acu.

San áireamh sa chreat don ghníomhaíocht iniúchta rangbhunaithe bhí sceidil bhreathnóireachta, sceidil athbhreithnithe cáipéisí agus teimpléid tuairiscithe chun bailiú faisnéise na gcigirí a éascú. Áiríodh ar na sceidil ábhair a bhain le caighdeán na timpeallachta foghlama sa seomra ranga, an réimse modheolaíochtaí agus straitéisí a úsáideadh chun litearthacht agus uimhearthacht a theagasc, agus idirdhealú an churaclaim chun freastal ar riachtanais daltaí. D'éascaigh na teimpléid an tuairisciú ar na hábhair clúdaithe sa chlár curaclaim a bhí á mhúineadh agus an comhordú agus an nasc idir obair an mhúinteora ranga agus obair na múinteoirí tacaíochta. Chlúdaigh an t-ionstram le hathbhreithniú a dhéanamh ar cháipéisí gnéithe ar nós pleanáil curaclaim, pleanáil do mhonatóireacht agus do mheasúnú, agus athbhreithniú ar shamplaí oibre leanaí. Tar éis cuairteanna a thabhairt ar na suímh seomra ranga chríochnaigh na cigirí tráchtaireacht mionsonraithe meastóireachta maidir le gach gné den chleachtas a ndearnadh athbhreithniú uirthi. Lena chois sin, cuireadh scála rátála ceithre phointe i bhfeidhm i leith gach ceist meastóireachta chun na próisis chun na sonraí a thabhairt le chéile agus chun anailís a dhéanamh orthu a bhain le hullmhú na tuarascála meastóireachta ilchodaí seo a éascú.

2.5 Foirm faisnéise na scoileanna

Líon príomhoidí scoile foirm suirbhé a chuir faisnéis shonrach ar fáil maidir le gnéithe a bhain le heagrú scoile agus leis an bhforáil do litearthacht agus d'uimhearthacht. Bailíodh sonraí maidir le rannpháirtíocht i dtionscnaimh, clárú agus tinreamh leanaí, líon na leanaí a raibh tacaíochtaí breise curtha ar fáil dóibh, réimse na n-acmhainní scoile, líon foirne agus patrún ráta athraithe foirne, eagrú dualgas speisialta, agus beartas pleanála agus measúnaithe scoile. Chuir an dá scoil déag foirmeacha suirbhé ar ais, agus le cois próifíl uilechuimsitheach scoile a sholáthar thug na príomh-oidí a léargais ghairmiúla féin maidir le soláthar litearthachta agus uimhearthachta ina gcuid scoileanna.

2.6 Agallaimh struchtúrtha le pearsanra scoile

Chuir na cigirí agallamh struchtúrtha ar gach príomhoide scoile. Áirítear ar na téamaí a pléadh fachtóirí comhthéacs scoile a raibh tionchar acu ar phobal na scoile a aithint, beartas agus cleachtas maidir le pleanáil don scoil ina hiomláine, agus straitéisí scoile chun dúshláin nó fachtóirí a aithint a chuireann isteach ar iarrachtaí scoileanna feabhas a chur ar leibhéil ghnóthachtála na leanaí. Thug an t-agallamh deis ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige teagaisc a bhí á chur chun cinn tríd an scoil, ar an mbaint a bhí ag tuismitheoirí, agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla do mhúinteoirí i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta. Thug na hagallaimh struchtúrtha deiseanna do phríomhoidí scoile ar a dtuairimí a roinnt maidir le forbairt bhreise an tsoláthair scoile agus chórais.

Chuir gach cigire agallaimh struchtúrtha ar na múinteoirí ranga príomhshrutha a raibh meastóireacht le déanamh ar a gcuid ranganna. Is iad na príomh-shaincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu le linn na n-agallamh sin saincheisteanna a bhain le cur chuige pleanála na scoile ina hiomláine agus an tseomra ranga, constaicí ar fheabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht, agus an bhaint a bhí ag tuismitheoirí le forbairt litearthachta agus uimhearthachta. Thug múinteoirí a dtuairimí maidir le deiseanna forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus maidir leis na hathruithe is féidir le bainisteoireacht na scoile agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a dhéanamh chun feabhas a chur ar ghnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta leanaí.

Bhuail cigirí le múinteoirí a raibh baint acu le tacaíocht foghlama nó le teagaisc acmhainne do leanaí le riachtanais oideachais speisialta. Nuair a bhí sé indéanta bhí baint ag an gcomhordaitheoir teagmhála baile-scoil-pobal leis an bpróiseas freisin, agus pléadh na téamaí céanna agus a pléadh san agallamh leis an bpríomhoide scoile.

D'ullmhaigh na cigirí taifead ar na príomh-shaincheisteanna a pléadh faoi na ceannteidil agallaimh leis na grúpaí uile. Chuir an tAonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde na freagraí i mbunachar sonraí ionas go bhféadfaí scrúdú aonair a dhéanamh ar pheirspictíochtaí na bpríomhoidí agus an phearsanra scoile eile agus ionas go bhféadfaí comparáid a dhéanamh eatarthu agus iad a chur i gcontrárthacht lena chéile.

2.7 Athbhreithniú ar bheartais scoileanna agus cháipéisí pleanála

Rinne na cigirí athbhreithniú ar na cáipéisí pleanála don seomra ranga agus ar shamplaí oibre na leanaí sna ranganna ar tugadh cuairt orthu. Rinne an fhoireann iniúchta measúnú ar na beartais don scoil ina hiomláine, pleananna scoile, sonraí measúnaithe agus cáipéisí scoile eile a bhaineann le comhordú an tsoláthair litearthachta agus uimhearthachta sa scoil. Bhain cigirí úsáid as comhchreat athbhreithnithe cáipéisí chun meastóireacht a dhéanamh ar fhócas gach scoile ar phróisis phleanála chomhoibritheacha, an bhéim a bhí ar fheabhas a chur ar scoileanna laistigh de na beartais, an tosaíocht a thugtar do spriocanna litearthachta agus uimhearthachta, socruithe maidir le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú gnéithe den phlean scoile, agus tagairtí i bpleananna agus beartais scoileanna do dheiseanna forbartha gairmiúla do mhúinteoirí.

2.8 Aiseolas do scoileanna agus ullmhú tuarascálacha meastóireachta

Tar éis an tionscadail mheastóireachta d'ullmhaigh gach foireann iniúchta tuarascáil mheastóireachta a rinne cur síos ar phríomhthorthaí na meastóireachta ar litearthacht agus uimhearthacht i ngach ceann den dá scoil déag agus a rinne cur síos ar mholtaí na foirne iniúchta i gcomhthéacs fhoráil reatha na scoile. Bhí cruinniú iarmheastóireachta ag an gcigire tuairiscithe le príomhoide na scoile i ngach ceann de na scoileanna chun aiseolas a thabhairt, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhí sa tuarascáil, agus chun deis a thabhairt ar dhíospóireacht bhreise ar bhreis fhorbairt a dhéanamh ar an soláthar litearthachta agus uimhearthachta sa scoil. Eisíodh an dá thuarascáil mheastóireachta déag do scoileanna i mí Iúil 2004.

2.9 Torthaí na meastóireachta a chur in iúl sa tuarascáil ilchodach

D'éascaigh na ceithre shraith den mhúnla meastóireachta cur le chéile bonn leathan faisnéise maidir leis an bhforáil do litearthacht agus uimhearthacht sa dá scoil déag a ndearnadh meastóireacht orthu. Tháinig torthaí tábhachtacha maidir le teagasc agus foghlaim sa dá réimse as an meastóireacht scoilbhunaithe a rinne na cigirí. Déanann an múnla cur síos ar pheirspictíochtaí gairmiúla iad siúd a bhíonn ag obair go díreach leis na ranganna freisin. Tá na torthaí ó na ceithre shraith den mheastóireacht comhtháite sa chuid eile den tuarascáil seo.

2.10 Téarmaí cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáidtear sa tuarascáil

Úsáidtear roinnt téarmaí cainníochtúla agus cáilíochtúla sa tuarascáil. Tá achoimre ar na téarmaí is mó a úsáidtear sa tábla seo a leanas:

Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuarascáil	Neaschéatadán an tarlaithe
Beagnach iad go léir	Níos mó ná 90%
Formhór	75–90%
Móramh	50–74%
Níos lú ná leath	25–49%
Líon beag	16–24%
Beagán	Suas le 15%

Téarmaí cáilíochtúla a úsáidtear sa tuarascáil	Neasleibhéal feidhmíochta
An-mhaith	Feidhmíocht is fearr
Go maith	Feidhmíocht inniúil
Measartha	Scóip le haghaidh forbartha
Lag	Deacracht shuntasach acu

Tábla 2.1: Téarmaí cainníochtúla agus cáilíochtúla a úsáidtear sa tuarascáil

Tá sé tábhachtach go spreagtar páistí agus go mbíonn siad páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama a thugann deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh sna ceachtanna litearthachta.

3 Comhthéacsanna scoile agus daltaí

3.1 Réamhrá

Tugann an chaibidil seo próifíl imlíneach de na daltaí cláraithe i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra shóisialta agus chultúrtha, baint amach agus gnóthachtáil, leibhéil neamhláithreachais agus tacaíocht ó thuismitheoirí de. Bailíodh an fhaisnéis sin trí cheistneoirí agus trí agallaimh struchtúrtha a chur ar mhúinteoirí agus phríomhoidí. Déantar cur síos ar líon foirne na scoileanna agus a rannpháirtíocht i dtionscnaimh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Scrúdaíodh an bhaint a bhí ag múinteoirí le forbairt ghairmiúil leanúnach freisin.

3.2 Míbhuntáiste sóisialta agus comhthéacs scoile

Thug an mheastóireacht ar litearthacht agus uimhearthacht deis do phríomhoidí agus mhúinteoirí ar phlé a dhéanamh ar fhachtóirí comhthéacs tábhachtacha a mbíonn tionchar acu ar litearthacht agus uimhearthacht. Cé go n-aithnítear go bhfuil dea-bhraistint a gcuid leanaí mar dhíol imní do mhóramh na dtuismitheoirí, rinne na príomhoidí agus na múinteoirí ranga cur síos ar réimse leathan d'fhachtóirí sóisialta a mbíonn tionchar diúltach acu ar dhaltaí agus a chuireann srian ar an mbaint a bhíonn ag tuismitheoirí le hoideachas a leanaí, ar na rudaí a bhíonn tuismitheoirí ag tnúth leo dá leanaí, agus ar acmhainn na ndaltaí tairbhe a bhaint as na heispéiris oideachasúla a chuirtear ar fáil dóibh. Aithníodh nár éirigh le líon suntasach daltaí mar gheall ar a gcúlra baile agus fachtóirí socheacnamaíocha. Luaigh na príomhoidí fachtóirí comhthéacs diúltacha ar nós forleithne mí-úsáide drugaí sa timpeallacht thart ar na leanaí, mífheidhmiú muintire, easpa tuismithe éifeachtúil, faire neamhéifeachtúil, agus easpa acmhainní oideachasúla sa bhaile. Luaigh múinteoirí agus príomhoidí fadhb na leibhéal ard neamhláithreachais mar dhúshlán mór a bhí le sárú ag scoileanna, agus bhí tuairim acu go raibh an tsaincheist sin nasctha go dlúth le fadhbanna socheacnamaíocha níos forleithne.

Luaigh formhór na bpríomhoidí go raibh easpa rannpháirtíochta ag tuismitheoirí le scolaíocht a leanaí, agus cuireadh síos ar roinnt tuismitheoirí a bhí ar nós cuma leo agus a thug neamhaird ar oideachas a leanaí. Cheap líon beag múinteoirí go raibh an easpa spéise sin mar thoradh ar eispéiris theoranta nó diúltacha na dtuismitheoirí nuair a bhí siad ag an mbunscoil. Dúirt múinteoirí nach mbíonn an léitheoireacht mar chuid de chultúr an teaghlaigh agus go raibh an easpa nochtaithe ar leabhair agus ar chaipiteal oideachais eile sa bhaile mar chonstaic ar scileanna litearthachta a chur chun cinn. Luaigh formhór na múinteoirí go bhfuair siad go raibh sé deacair daltaí a spreagadh le léitheoireacht a dhéanamh mar ghníomhaíocht spraoi. Dúirt múinteoirí go mb'fhéidir nach mbeadh an muinín nó an líofacht léitheoireachta ag go leor tuismitheoirí le léitheoireacht a leanaí a spreagadh. Luadh go minic go dtagann leanaí ar scoil le heaspa suntasach sa teanga labhartha agus nach mbíonn na scileanna agus inniúlachtaí ó bhéal a bhíonn riachtanach chun scileanna litearthachta a fhorbairt forbartha ag na daltaí. Dúirt múinteoirí go mbíonn go leor daltaí traochta nuair a thagann siad ar scoil agus mar sin nach bhfuil siad in ann díriú isteach ar a gcuid obair scoile nó níl siad sásta comhoibriú le gníomhaíochtaí sa seomra ranga. Tá tuairimí na múinteoirí maidir le fachtóirí a mbíonn tionchar diúltach acu ar ghnóthachtáil leanaí tacaithe ag go leor staidéir eimpíreacha.

Dúirt príomhoidí agus múinteoirí ranga go dtagann go leor daltaí ar scoil le deacrachtaí iompraíochta agus go bhfuil gá le hiarracht shuntasach a dhéanamh ar dhea-iompraíocht agus chomhoibriú ginearálta na leanaí a chinntiú. Rinne múinteoirí tagairt do na deacrachtaí a bhaineann

le daltaí a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha acu a riaradh sa rang, agus leag siad béim ar an mbealach ina gcuireann iompraíocht dhúshlánach isteach ar chur i bhfeidhm clár oibre do na daltaí.

Measadh go raibh riachtanais speisialta oideachais ag thart ar 10% de na daltaí sna scoileanna a raibh athbhreithniú á ndéanamh orthu agus bhí teagasc acmhainne á fháil acu. I scoil amháin measadh go raibh riachtanais speisialta oideachais ag beagnach ceathrú de phobal na scoile. Bhí difríochtaí idir líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíocht teagaisc idir na scoileanna, ach ar an meán bhí cúigiú de phobal na scoile ag fáil tacaíocht teagaisc. I scoil amháin bhí níos mó ná trian de phobal na ndaltaí ag fáil tacaíocht teagaisc, agus i scoil eile ní raibh sí á fáil ach ag 6%.

3.3 Patrúin tinrimh na ndaltaí

Chuir an dá scoil déag faisnéis ar fáil maidir le tinreamh daltaí ar scoil agus a rannpháirtíocht san oideachas. Leiríonn na sonraí sin gur fadhb shuntasach ag go leor leanaí é an neamhláithreachas. Chuaigh tinreamh iomlán na ndaltaí ar an dá scoil déag don scoilbhliain ó 79% go 91.5%. Sholáthair na scoileanna faisnéis faoi líon na ndaltaí a bhí as láthair ón scoil ar feadh níos mó ná 10 lá, líon na ndaltaí a bhí as láthair idir 11 agus 20 lá, líon na ndaltaí a bhí as láthair idir 21 agus 30 lá, agus líon na ndaltaí a bhí as láthair ón scoil ar feadh níos mó ná 30 lá.

Taispeánann tábla 2 thíos céatadán an phobail scoile a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá i ngach ceann den dá scoil déag. Téann raon na bhfigiúirí ó 23.64% go 52%. Ar an meán bhí 36.5% de na daltaí sa dá scoil déag as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá. Is féidir é sin a chur i gcomparáid leis an bhfigiúr do bhunscoileanna i gcoitinne, a sheasann ag 11%.

Scoileanna	a	b	c	d	e	f
Céatadán na ndaltaí a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá	23.6%	24.3%	24.7%	29.2%	31.2%	33.6%

Scoileanna	g	h	i	j	k	l
Céatadán na ndaltaí a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá	33.9%	39.9%	45.6%	47.8%	52%	52.6%

Tábla 3.1: Céatadán an phobail scoile a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 20 lá le linn na scoilbhliana 2002/03

Léiríonn na sonraí go raibh idir ceathrú agus leath de na daltaí sna scoileanna a ndearnadh suirbhé orthu as láthair ón scoil ar feadh níos mó ná 20 lá in aghaidh na bliana. Má dhéantar athbhreithniú ar na figiúirí a bhaineann leis an bhfo-thacar daltaí sa ghrúpa sin a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 30 lá scoile, tugann sé le fios go bhfuil eispéireas scoile thar a bheith neamhleanúnach ag roinnt daltaí. Téann na figiúirí i leith gach scoile ó 9% go dtí 40% de dhaltaí a bhí as láthair ar feadh níos mó ná 30 lá scoile.

Le linn na n-agallamh struchtúrtha leis na cigirí dúirt go leor príomhoidí agus múinteoirí ranga go raibh neamhláithreachas daltaí mar cheann de na constaicí is mó ar fheabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht ina scoileanna. Thuairiscigh cigirí go raibh feasacht ann i measc pearsanra scoile ní hamháin go mbíonn tionchar an-diúltach ag neamhláithreachas ar leibhéil ghnóthachtála na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht ach go gcuireann sé isteach go mór ar dheiseanna foghlama na ndaoine eile sa rang. Agus iad ag déanamh measúnú ar thionchar an neamh-láithreachais ar dhaltaí thug na cigirí na rudaí seo a leanas faoi deara:

- caithfidh fáil a bheith ag daltaí ar chláir oideachasúla leanúnacha agus córasacha, agus mar sin caithfidh siad freastal ar an scoil go laethúil,
- ní féidir cosc a chur ar bhearnaí i bhforbairt coincheapa agus scileanna, mar is minic nach mbíonn daltaí ann nuair a bhíonn na coincheapa nua á dtógáil isteach nó nuair a bhíonn siad á

gcomhdhlúthú, agus mar sin bíonn frustrachas orthu toisc nach mbíonn tuiscint acu ar na hábhair nó na gníomhaíochtaí ar a mbíonn an rang ag obair, agus
- ní dhéantar pleanáil éifeachtúil do riachtanais aonair na ndaltaí, agus ní bhaineann an soláthar de thacaíocht teagaisc aon toradh amach nuair a thiteann cláir aonair as a chéile i ngeall ar neamhláithreachas na ndaltaí.

Thuairiscigh roinnt príomhoidí gur éirigh le tionscnaimh scoilbhunaithe a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar láithreachas roinnt daltaí agus ar chomhairle a chur ar scoileanna i leith dul i ngleic le neamhláithreachas. Aithníonn cigirí na hiarrachtaí atá déanta ag scoileanna faoi thionscnaimh ar nós an Chlár um Chríochnú Scoile.

Go ginearálta, áfach, tugann an leibhéal suntasach de neamhláithreachas daltaí le fios go bhfuil gá le freagairt ó thuismitheoirí, ó scoileanna, ón mBord Náisiúnta Leasa Oideachais agus ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta. Tá gá le hidirghabháil fócasaithe chun a thaispeáint do thuismitheoirí ar bhealach soiléir go bhfuil freagracht orthu a chinntiú gur féidir lena leanaí a bheith go hiomlán rannpháirteach ina n-oideachas. Is impleacht mhór é do scoileanna gur gá taifead a choinneáil ó lá go lá ar na laethanta go léir nach mbíonn dalta i láthair mar chuid de straitéis chórasach don scoil ina hiomláine atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhadhb neamhláithreachas daltaí. Moltar gur cheart níos mó úsáide a bhaint as saineolas na Seirbhíse Teagmhála Baile-Scoil-Pobal chun tionscnaimh fócasaithe a fhorbairt dírithe ar dhaltaí a bhíonn as láthair go mionmhinic. Moltar gur cheart dul i gcomhairle leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais maidir le freagairtí a fhorbairt i leith na leibhéal an-íseal láithreachais a bhaineann le líon mór daltaí sna scoileanna sin.

3.4 Próifíl ghnóthachtála na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht

Cuir an tAonad Tacaíochta Meastóireachta agus Taighde (ESRU) sonraí maidir le gnóthachtáil daltaí a tháinig ó na scoileanna a raibh baint acu leis an meastóireacht le chéile chun próifíl tríd is tríd de ghnóthachtáil daltaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic a chruthú. Baineann roinnt srianta leis an tionscnamh próifíliúcháin sin toisc go ndearna na scoileanna na tástálacha agus bhailigh siad na sonraí mar chuid dá ngnáthchleachtais measúnaithe, agus ní raibh na coinníollacha tástála agus an próiseas chun iad a chur le chéile comhordaithe roimh ré. Mar sin féin, tugann an fhaisneis léargas ar ghnóthachtáil daltaí sna scoileanna samplacha. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir glacadh leis an bpróifíl gnóthachtála thíos mar léiriú ginearálta ar fheidhmíocht daltaí i scoileanna lasmuigh den sampla ar leith a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air.

Chuir aon scoil déag as an dá scoil déag faisnéis ó mheasúnuithe ar fáil ar fheidhmíocht na ndaltaí i dtástálacha caighdeánaithe ar an léitheoireacht agus ar an matamaitic, agus i bhformhór na gcásanna rinneadh na measúnuithe sin le daltaí ar gach leibhéal ranga, ó rang 1 go dtí rang 6, sa bhliain acadúil a bhí caite. Sna scoileanna sóisearacha soláthraíodh faisnéis ó mheasúnuithe i leith daltaí i rang 1 agus rang 2 amháin. Sholáthair scoil amháin torthaí tástálacha a rinneadh le déanaí sa Bhéarla ach níor sholáthair siad a leithéid sa mhatamaitic. Thug torthaí na dtástálacha le fios líon na ndaltaí ar gach leibhéal ranga a bhain scóir amach laistigh de gach banda a bhí mar chúigiú den pheircintíl, mar seo a leanas: peircintíl 1–20; peircintíl 21–40; peircintíl 41–60; peircintíl 61–80; peircintíl 81–99. Cuireadh faisnéis achoimrithe ar fáil i leith 1,477 dalta san iomlán sa léitheoireacht agus 1,080 sa mhatamaitic.

Gnóthachtáil tomhaiste sa léitheoireacht

Tugann fíor 1 próifíl de ghnóthachtáil thomhaiste 1,477 dalta sa léitheoireacht, nó 97% de na daltaí sna ranganna a ndearnadh tástálacha orthu in aon scoil déag. Taispeánann an phróifíl go raibh scóir

ag 639 dalta (43%) a bhí ag an 20ú peircintíl nó faoina bhun. I roinnt scoileanna bhí céatadán i bhfad níos airde de dhaltaí laistigh den bhanda gnóthachtála is ísle. I leath na scoileanna, mar shampla, bhí níos mó ná 50% de na daltaí sa chúigiú is ísle. In dhá scoil bhí feidhmíocht thart ar 60% de na daltaí a ndearnadh tástálacha orthu ó rang 1 go dtí rang 6 sa chúigiú is ísle. Bhí céatadán níos ísle de dhaltaí, go comparáideach, sa chúigiú is ísle ag dhá scoil, le 24% agus 29% de dhaltaí sa raon sin acu, faoi seach.



Fíor 3.1: Feidhmíocht na ndaltaí uile (ó rang 1 go dtí rang 6) a ndearnadh tástálacha orthu laistigh de gach banda peircintíle sa léitheoireacht

As an 1,277 dalta a ndearnadh tástálacha orthu, níor bhain ach céatadán íseal marc níos airde ná an 80ú peircintíl amach sa léitheoireacht. Thuairiscigh scoileanna nach bhfuair ach 91 dalta (6%) scóir laistigh den bhanda is airde. Ar leibhéal na scoileanna aonair chuaigh céatadán na ndaltaí a bhain an banda is airde amach ó 2.1% go 11.5%.

Tá an fheidhmíocht a tuairiscíodh sa léitheoireacht níos laige ar leibhéil rang 5 agus rang 6 nuair a chuirtear i gcomparáid le feidhmíocht iomlán na ndaltaí í. Bhí 555 dalta sna ranganna sinsearacha den aon scoil déag a chuir faisnéis ar fáil maidir le feidhmíocht i dtástálacha léitheoireachta a rinneadh le déanaí. Fuair 260 dalta (47%) i rang 5 agus rang 6 scóir sa bhanda cúigiú is ísle, agus ní bhfuair ach 19 dalta as an 555 (3.4%) scóir sa bhanda is airde de ghnóthachtáil sa léitheoireacht.

	Peircintíl	
	Ag an 20ú peircintíl nó faoina bhun	Os cionn an 80ú peircintíl
Meánscóir do gach leibhéal ranga sa litearthacht	43.3%	6.2%
Scóir rang 5 agus rang 6	46.85%	3.4%

Tábla 3.2: Céatadán na ndaltaí i rang 5 agus rang 6 a fuair scóir faoi bhun an 20ú peircintíl agus os cionn an 80ú peircintíl i dtástálacha caighdeánaithe sa litearthacht a rinne na scoileanna

Gnóthachtáil tomhaiste sa mhatamaitic

Léiríonn fíor 2 próifíl d'fheidhmíocht an 1,080 dalta sa mhatamaitic a thug na scoileanna faisnéis mar gheall orthu. Cé gur sholáthar deich scoil sonraí measúnaithe don mhatamaitic, níor cuireadh na scóir ó scoil amháin san áireamh toisc gur bhain siad leis an mbliain 1997. Mar sin, léiríonn an figiúr iomlán seo thart ar 80% de na daltaí sna ranganna a ndearnadh tástálacha orthu i naoi scoil. Taispeánann an phróifíl go raibh scóir ag 691 dalta (64%) a bhí faoi bhun an 20ú peircintíl. I leath

na scoileanna bhí níos mó ná 60% de na daltaí sa chúigiú is ísle. In dhá scoil bhí feidhmíocht thart ar 80% de na daltaí a ndearnadh tástálacha orthu ó rang 1 go dtí rang 6 sa chúigiú is ísle sa mhatamaitic. Bhí céatadán i bhfad níos ísle de dhaltaí sa bhanda is ísle sin ag ceann amháin de na naoi scoil, áit inar bhain 18.4% de dhaltaí scóir sa raon sin amach.



Fíor 3.2: Céatadán na ndaltaí uile (ó rang 1 go dtí rang 6) a ndearnadh tástálacha orthu laistigh de gach banda de chúigiú den pheircintíl sa mhatamaitic. Baineann an chairt seo le 1,080 dalta ó naoi scoil.

As an 1,080 dalta a ndearnadh tástálacha orthu níor bhain ach céatadán an-íseal marc níos airde ná an 80ú peircintíl amach sa mhatamaitic. Thuairiscigh scoileanna nach bhfuair ach 29 dalta (2.7%) scóir laistigh den bhanda is airde. Chuaigh céatadán na ndaltaí a bhain scóir sa bhanda is airde amach ó 0.3% go 14.3%.

Tá an chuma air go dtagann meath ar ghnóthachtáil daltaí sa mhatamaitic, i gcomparáid le daltaí go ginearálta, de réir mar a théann siad tríd an scoil. Bhí 479 den 1,080 dalta sna ranganna sinsearacha sin sna naoi scoil a sholáthair faisnéis maidir le feidhmíocht i dtástálacha sa mhatamaitic a rinneadh le déanaí. Fuair 350 dalta (73%) i rang 5 agus rang 6 scóir sa bhanda cúigiú is ísle, agus ní bhfuair ach 6 dalta as an 479 (1.25%) scóir sa bhanda is airde de ghnóthachtáil sa mhatamaitic.

	Peircintíl	
	Ag an 20ú peircintíl nó faoina bhun	Níos airde ná an 80ú peircintíl
Meánscóir do gach leibhéal ranga san uimhearthacht	64%	2.7%
Scóir rang 5 agus rang 6	73%	1.25%

Tábla 3.3: Céatadán na ndaltaí i rang 5 agus rang 6 a fuair scóir faoi bhun an 20ú peircintíl agus os cionn an 80ú peircintíl i dtástálacha caighdeánaithe san uimhearthacht a rinne na scoileanna

Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh difríochtaí sna próifílí gnóthachtala ó scoil go scoil laistigh de na raonta ar cuireadh síos orthu thuas, agus i roinnt scoileanna tá leibhéal na gnóthachtála ísle i bhfad níos ísle ná mar atá sé i scoileanna eile. Caithfear cuimhneamh go bhfuil na torthaí seo bunaithe ar shampla beag scoileanna.

An dúshlán a bhaineann le dul i ngleic le leibhéil ísle gnóthachtála

Is fíordhíol imní scála na gnóthachtála ísle sa litearthacht agus san uimhearthacht a nocht an tionscadal próifíliúcháin. Tugann na sonraí thuas le fios go bhfuil na daltaí sa sampla go mór ar gcúl

ar dhaltaí eile ó thaobh an mháistreacht atá acu ar scileanna agus coincheapa bunúsacha sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic araon. Léiríonn na torthaí seo go bhfuil go leor daltaí ag fágáil bunscoileanna le leibhéil an-íseal d'inniúlacht sa léitheoireacht agus le tuiscint lag ar choincheapa matamaitice. Tugann na leibhéil ghnóthachtála a tuairiscíodh atá suntasach íseal le fios nach bhfuil daltaí ag baint tairbhe iomlán as a n-eispéiris oideachais. Tá go leor daltaí ag aistriú go scoileanna dara leibhéal le réimse scileanna agus inniúlachtaí lárnacha an-teoranta, agus mar thoradh air sin tá féidearthacht theoranta ann go mbainfidh siad tairbhe as oideachas dara leibhéal. Ba chóir go mbeadh na torthaí sin mar dhíol mór imní do scoileanna agus don lucht déanta beartas toisc go bhfuil inniúlacht teanga mar bhunús foghlama ina lán ábhair agus go bhfuil scileanna agus coincheapa matamaitice go ríthábhachtach sna réimsí foghlama eolaíochta agus teicniúla ag an dara leibhéal.

3.5 Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus naisc idir baile agus scoil

Cuireann an Curaclam Bunscoile béim ar an tairbhe shuntasach oideachasúil, shóisialta agus iompraíochta a fhaigheann leanaí nuair a bhíonn páirtíocht éifeachtúil idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Tá gá le comhoibriú éifeachtúil idir an baile agus an scoil má tá sé chun a bheith curtha ar cumas leanaí an rath is mó is féidir a bhaint amach ar scoil. Tugann na torthaí a chuirtear in iúl sa tuarascáil mheastóireachta seo le fios, áfach, go raibh éifeachtúlacht na nasc idir an baile agus an scoil measartha nó lag, go háirithe sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha. Cé go raibh gníomhartha déanta ag go leor scoileanna chun rannpháirtíocht níos mó tuismitheoirí a spreagadh, d'aithin formhór an phearsanra scoile go raibh sé riachtanach i bhfad níos mó a dhéanamh chun go n-éireodh leo. Mhol roinnt múinteoirí rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a éascaíodh tríd an tionscnamh Tús Luath. D'aithin a lán príomhoidí freisin gur baineadh rath teoranta amach i dtuismitheoirí a spreagadh le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim a gcuid leanaí.

I bhformhór na suíomh ranga thug múinteoirí faoi deara gur bhain dúshlán mór le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in obair na scoile a ardú. Rinne roinnt múinteoirí tagairt don fhreastal íseal ar chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, go háirithe sna ranganna sinsearacha, agus luadh go minic cé go raibh tuismitheoirí páirteach le linn na mblianta naíonán nár lean an rannpháirtíocht sin ar aghaidh de réir mar a chuaigh na leanaí ar aghaidh sa scoil.

Ceapann príomhoidí scoile agus múinteoirí go bhfuil páirt thábhachtach ag an tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal i rannpháirtíocht tuismitheoirí in obair scoileanna a chur chun cinn. Dúirt múinteoirí ranga gur tacaíocht éifeachtúil é agus tuismitheoirí leanaí níos óige á spreagadh le bheith rannpháirteach sa litearthacht, agus cuireadh léitheoireacht i mbeirteanna agus léitheoireacht roinnte chun cinn i roinnt scoileanna. I scoil amháin tugadh spreagadh do thuismitheoirí baint a bheith acu leis an bpróiseas measúnaithe, agus chuaigh siad i dteagmháil le múinteoirí agus anailísiú á dhéanamh ar thástáil scagacháin. Ní raibh baint mhór ach ag fíorbheagán tuismitheoirí le cruthú cláir oibre aonair do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. I mbeagán scoileanna ardaíodh próifíl uimhearthachta na dtuismitheoirí trí thionscnamh "matamaitic roinnte" a bhí curtha chun cinn ag an múinteoir teagmhála baile-scoil-pobal, an múinteoir ranga, agus an múinteoir tacaíochta foghlama. Dúirt na múinteoirí sin gur mhodh iontach é an tionscadal sin chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le hacmhainní matamaitice agus chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an matamaitic in oideachas na leanaí. I roinnt scoileanna d'éirigh leis an tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal maoiniú a fháil ón gCoiste Gairmoideachais chun réimse de chúrsaí oideachais a sholáthar do thuismitheoirí.

Tugann na torthaí sin le fios go dtuigeann scoileanna cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach in oideachas a leanaí. Mar sin féin, ní raibh ach rath teoranta ag go leor tionscnaimh scoile maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí.

3.6 Leithroinnt foirne agus ráta athraithe múinteoirí

Tá dúshláin thromchúiseacha le sárú ag scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste maidir le míbhuntáiste sóisialta agus cultúrtha, easpa spéise agus easpa rannpháirtíochta measta na dtuismitheoirí, gnóthachtáil íseal, agus an líon ard daltaí a mbíonn leibhéil tinrimh an-íseal acu. Cuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta foireann bhreise ar fáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, agus sa dá scoil déag bhí an cóimheas iomlán idir daltaí agus múinteoirí ag 11:1. Bhí 194 múinteoir leithroinnte ar na scoileanna sin, agus bhí 2,132 dalta cláraithe ar an iomlán ar 3 Meán Fómhair 2003. Bhí príomhoide riaracháin ag deich gcinn den dá scoil déag. Taifeadadh go raibh 119 múinteoir leithroinnte ar dhualgais teagaisc i ranganna príomhshrutha.

Bhí 42 múinteoir leithroinnte ar thacaíocht foghlama, theagasc acmhainne, nó shuímh ranganna speisialta. Bhí aonaid réamhscolaíochta Tús Luath ag cúig scoil (seachtar múinteoirí). Bhí fáil ag an dá scoil déag ar sheirbhís teagmhála baile-scoil-pobal. Scoileanna ina raibh post teagmhála baile-scoil-pobal bunaithe ba ea seacht scoil sa sampla. Tugann tábla 5 thíos faisnéis ar an leithroinnt pearsanra teagaisc ar an dá scoil déag.

Príomhoide riaracháin	10
Múinteoirí ranga príomhshrutha	119
Tús Luath	7
Tacaíocht foghlama, acmhainn, nó rang speisialta	42
Tacaíocht teanga	2
Múinteoirí acmhainne don Lucht Siúil	4
Painéal soláthair	3
Teagmháil baile-scoil-pobal	7
Leithroinnt iomlán na múinteoirí	194

Tábla 3.4: Róil an phearsanra teagaisc sa dá scoil déag

Dúirt príomhoidí scoile go raibh sé deacair foireann a mhealladh agus a choinneáil i roinnt scoileanna i ngeall ar na fachtóirí dúshlánacha comhthéacs scoile, agus i mbeagán scoileanna bhí ráta athraithe múinteoirí mar fhíordheacracht do bhainisteoireacht na scoile agus iad ag iarraidh leanúnachas foirne a sholáthar. I scoil amháin le 24 ball foirne bhí trí bliana taithí teagaisc nó níos lú ag 16 mhúinteoir. I mbeagán scoileanna ba dhíol imní do na príomhoidí é go raibh sé deacair múinteoirí oilte le taithí a mhealladh, agus dhearbhaigh siad gur bhain dúshlán leanúnach le baill foirne a choinneáil. Bhí 18 múinteoir neamhoilte (9% de líon foirne iomlán an dá scoil déag) fostaithe sna scoileanna nuair a rinneadh an mheastóireacht. Rinne roinnt múinteoirí tagairt don ghá a bhí le sprid a choinneáil ar leibhéal ard i measc mhúinteoirí na scoileanna mar gheall ar na dúshláin a tháinig chun cinn mar thoradh ar an ráta ard athraithe múinteoirí.

3.7 Tionscnaimh thacaíochta do scoileanna faoi mhíbhuntáiste

Fuair na scoileanna uile tacaíochtaí breise chun cabhrú leo freastal ar riachtanais na ndaltaí, agus ba bheag nach raibh na príomhoidí agus na múinteoirí uile dearfach faoin luach a bhain leis na tionscnaimh sin. Bíonn seacht gcinn de na scoileanna rannpháirteach sa scéim Breaking the Cycle, a chuireann ranganna a bhfuil cúig dhalta dhéag iontu ar fáil suas go dtí rang 2 agus a thugann

cúnamh deontas breise do scoileanna. Tacaítear na scoileanna trí mheán an tionscnaimh Giving Childrean an Even Break. Feidhmíonn an Clár um Chríochnú Scoile i ndeich scoil, déanann sé monatóireacht ar fhreastal na ndaltaí ar scoil, agus tugann sé bricfeasta do na daltaí gach maidin.

Tá na scoileanna uile rannpháirteach sa Scéim Teagmhála Baile-Scoil-Pobal. Tá seirbhís teagmhála baile-scoil-pobal roinnte ag roinnt scoileanna. Tá an tionscnamh réamhscolaíochta Tús Luath ar fáil i mbeagán scoileanna, agus go ginearálta aithnítear go bhfuil an tionscnamh sin an-luachmhar ó thaobh eispéireas luathoideachais saibhir a sholáthar do leanaí sula dtéann siad isteach sna naíonáin bheaga. Rinneadh tagairt don obair dhearfach a bhí déanta ag múinteoirí tacaíochta agus cúntóirí riachtanas speisialta toisc gur chuir siad ar chumas scoileanna freastal ar dhaltaí faoi mhíchumais foghlama agus daltaí le deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta.

Chuir na príomhoidí uile béim ar an tábhacht a bhain le naisc le gníomhaireachtaí seachtracha, ar nós na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí treorach leanaí. Measadh gur deiseanna úsáideacha iad na deiseanna a fuair múinteoirí ar dhul i gcomhairle le teiripeoirí urlabhra agus teanga chun straitéisí a roinnt a bhí dírithe ar dhaltaí le deacrachtaí urlabhra agus teanga. Fostaíonn scoil amháin a fhaigheann maoiniú breise ón Ireland Fund teiripeoir urlabhra chun cabhrú le leanaí le riachtanais sonracha urlabhra agus teanga, agus measann an scoil go gcabhraíonn sé go mór leis agus í ag tabhairt aire dá cuid daltaí tríd is tríd. Lena chois sin, aithníonn príomhoidí scoile an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí Ghrúpaí Comhpháirtíochta Ceantair agus trí thionscadail de chuid na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí. Faigheann beagán scoileanna maoiniú le haghaidh clubanna iarscoile.

I mbeagán scoileanna bhí an tionscal príobháideach an-fhlaithiúil ó thaobh tacaíocht a thabhairt do roinnt tionscadail oideachais a raibh torthaí dearfacha acu maidir le timpeallachtaí scoile, spreagadh na ndaltaí, agus spreagadh na múinteoirí. Mar shampla, fuair dhá cheann de na scoileanna leibhéil arda tacaíochta ó Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath (DDDA). Dúradh go raibh tacaíocht an DDDA maidir le maoiniú a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí, forbairt na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus tionscadail oideachasúla a raibh tionchar díreach acu ar na daltaí thar a bheith luachmhar.

3.8 Forbairt ghairmiúil múinteoirí

Tá gá le hardleibhéal d'inniúlacht ghairmiúil chun teagasc i scoileanna faoi mhíbhuntáiste. Cuireadh ceisteanna ar mhúinteoirí ranga i leith a n-eispéireas d'fhorbairt ghairmiúil, agus iarradh orthu a rá ar fhreastail siad ar chúrsaí chun feabhas a chur ar a dteagasc litearthachta agus uimhearthachta. Dúirt móramh mór na múinteoirí ar cuireadh agallaimh orthu nár ullmhaigh an réamhoiliúint teagaisc iad go leordhóthanach chun dúshlán a suíomh teagaisc reatha a shárú agus nach raibh a n-oiliúint mar ullmhúchán éifeachtúil do theagasc i suíomh faoi mhíbhuntáiste. Dúirt múinteoirí go raibh a gcleachtais ó lá go lá sna scoileanna thar a bheith difriúil ón teoiric ar tugadh aghaidh uirthi sna coláistí. Luaigh múinteoirí gur fhoghlaim siad go príomha óna gcuid eispéireas féin, agus bhí sé soiléir ó fhreagraí roinnt múinteoirí gur bhraith siad go ginearálta go raibh siad "ag foghlaim agus iad ag dul ar aghaidh."

Luaigh roinnt múinteoirí gnéithe de chúrsaí forbartha gairmiúla nó eispéireas gairmiúil ar thug siad fúthu a raibh luachmhar ó thaobh tacaíocht a thabhairt dá gcuid cleachtas. Tagraíodh d'eiseamláirí ar nós an oiliúint le haghaidh Tús Luath, cúrsaí samhraidh, cúrsaí oideachais speisialta, cúrsaí ionduchtaithe do mhúinteoirí acmhainne, cúrsaí ar dhisléicse, oiliúint Montessori, am ciorcail, agus ceardlanna TEFL (teagasc an Bhéarla mar theanga iasachta). Mhol beagán múinteoirí na cúrsaí a bhí curtha ar fáil mar chuid de Chlár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile, lena n-áirítear an tacaíocht a chuir an tSeirbhís Réigiúnach Tacaíochta Curaclaim ar fail (cuiditheoirí). I measc na dtacaíochtaí eile

a luaigh na múinteoirí bhí na cúrsaí inseirbhíse a chuir an Scéim Teagmhála Baile-Scoil-Pobal ar fáil i gcomhthéacs an mhíbhuntáiste agus na heachtraí agus na seisiúin eolais a bhain le hAisghabháil Léitheoireachta agus Aisghabháil Matamaitice. D'aithin múinteoirí freisin gur bhain luach leis na cúrsaí inseirbhíse ar idirghabháil na scoile iomláine agus tacaíocht foghlama a bhí curtha ar fáil ag na coláistí oideachais. Níor fhreastail ach fíorbheagán múinteoirí ar chúrsa inseirbhíse a bhí dírithe go sonrach ar uimhearthacht a theagasc.

Dúirt formhór na múinteoirí nach raibh aon chur amach acu ar chúrsaí a bhí ar fáil a mbeadh chun a leasa maidir le scileanna a fhorbairt i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta. Ba cheart scrúdú breise a dhéanamh ar an toradh nach bhfuil a fhios ag múinteoirí cá háit is féidir leo dul chun tacaíocht forbartha gairmiúla a fháil atá dírithe ar litearthacht agus uimhearthacht. B'fhéidir nach bhfuil fáil fhorleathan ar chúrsaí dírithe ar an litearthacht agus an uimhearthacht, nó, má tá siad ar fáil, b'fhéidir go bhfuil sé deacair do mhúinteoirí faisnéis a fháil fúthu. Moltar gur cheart bunachar sonraí de sholáthróirí seirbhíse agus de chúrsaí a fhorbairt ar an idirlíon ionas go mbeidh múinteoirí agus scoileanna in ann faisnéis maidir leis na cúrsaí cuí atá ar fáil a fháil go héasca.

Luaigh beagán príomhoidí scoile go raibh spéis acu i leas a bhaint as na cláir Aisghabháil Léitheoireachta agus Aisghabháil Matamaitice. Iarradh freisin ar níos mó oiliúna do mhúinteoirí tacaíochta foghlama sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, níos mó ama chun pleanáil chomhoibritheach a dhéanamh, am chun tacaíocht a fháil ón tSeirbhís Réigiúnach Tacaíochta Curaclaim (cuiditheoirí), agus deiseanna níos fearr do mhúinteoirí ar thuiscint a fháil ar mhíbhuntáiste.

Agus meastóireacht á déanamh ar an tosaíocht a thug gach scoil d'fhorbairt foirne a bhain le litearthacht agus uimhearthacht, dhírigh cigirí go háirithe ar fhorbairt foirne trí phleanáil chomh-oibritheach, cúnamh ó "shaineolaithe" laistigh den scoil nó lasmuigh di, nó an soláthar a rinneadh d'fhreastal ar chúrsaí faoi litearthacht agus uimhearthacht. I móramh na gcásanna ní raibh mórán fianaise ann gur thug na pleananna scoile tosaíocht d'fhorbairt foirne. Ghlac thart ar leath de na scoileanna páirt i roinnt tionscnamh chun feabhas a chur ar scileanna múinteoirí trí chuireadh a thabhairt do shaineolaithe teacht agus labhairt leis an bhfoireann nó trí chabhrú le múinteoirí freastal ar chúrsaí.

3.9 Athróga scoilbhunaithe a mbíonn tionchar acu ar litearthacht agus uimhearthacht

Ag gach céim dá cuid oibre d'aithin an fhoireann meastóireachta an comhthéacs dúshlánach ina n-oibríonn na scoileanna seo agus na fachtóirí seachtracha a mbíonn tionchar diúltach acu ar dhul chun cinn na ndaltaí san fhoghlaim, mar a cuireadh síos orthu i gcuid thosaigh na caibidle seo. Dhírigh an mheastóireacht ar na cinntí is féidir le scoileanna a dhéanamh maidir le caighdeán an teagaisc, an tslí lena n-eagraítear, a riartar agus a ndéantar monatóireacht ar theagasc agus fhoghlaim, caighdeán na n-acmhainní, agus an tslí lena n-eagraíonn scoileanna a n-acmhainní daonna agus fisiceacha chun tacú leis an teagasc agus an fhoghlaim. Díríonn an chuid eile den tuarascáil seo ar na hathróga laistigh de scoileanna a mbíonn tionchar acu ar an soláthar a dhéantar do dhaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Ba chóir go dtabharfadh an próiseas pleanála don scoil ina hiomláine tús áite d'fhorbairt foirne agus pleanáil chomhoibritheach, ag díriú ar fhorbairt agus feabhas straitéiseach.

4 Pleanáil do litearthacht agus uimhearthacht

4.1 Forbhreathnú ar phleanáil don scoil ina hiomláine

Cuireann an réamhrá den Churaclam Bunscoile béim ar an bpáirt lárnach atá ag pleanáil don scoil ina hiomláine ó thaobh feabhas a chur ar sholáthar an oideachais agus ó thaobh eispéiris foghlama den chéad scoth a sholáthar do leanaí. Molann an curaclam go gcothófar pleanáil sa scoil ag fís a thugann le fios go bhfuil an leanbh ag lár an phróisis foghlama, go bhfuiltear ag tnúth le gnóthachtáil ard, agus go bhfuil an próiseas pleanála féin ríthábhachtach agus eispéiris churaclaim a sholáthar don leanbh atá ábhartha agus cuí dá gcuid riachtanas (*An Curaclam Bunscoile*, 1999, lch 63).

D'aithin cigirí na tréithe a bhain le pleananna éifeachtúla scoile. Bíonn na tréithe seo a leanas acu:

- cuimsíonn siad prionsabail na réimsí curaclaim agus bíonn siad bunaithe ar *An Curaclam Bunscoile* (1999),
- léiríonn siad comhthéacs aonair na scoile agus láidreachtaí foghlama agus riachtanais foghlama na leanaí,
- baineann siad an úsáid is fearr is féidir as saineolas na foirne teagaisc,
- áirítear pleananna gnímh orthu chun a chinntiú go leagtar spriocanna sonracha amach sa litearthacht agus san uimhearthacht agus go ndéantar athbhreithniú ar an dul chun chinn a dhéantar go leanúnach,
- cuireann sé cur chuige comhaontaithe in iúl maidir le pleanáil seomra ranga (go gearrthréimhseach agus go fadtréimhseach) agus taifead a dhéanamh ar dhul chun chinn (cuntais mhíosúla),
- cuireann sé straitéisí praiticiúla san áireamh chun cabhrú le tuismitheoirí a bheith bainteach le foghlaim a leanaí,
- leagann siad amach ráitis leathana ábhair a bhíonn bunaithe ar shraitheanna agus shraithaonaid an churaclaim chun a chinntiú go mbíonn dul chun cinn, leanúnachas, cobhsaíocht agus fairsinge i gceist sna cláir phleanáilte,
- leagann siad amach modheolaíochtaí teagaisc agus straitéisí eagraíochtúla ar féidir iad a úsáid ar leibhéil ranga dhifriúla ionas gur féidir obair ghrúpa, teagasc an ranga iomláin agus obair le leanaí aonair a éascú, agus áirítear orthu sin tagairtí d'úsáid acmhainní agus téacsleabhar,
- tugann siad treoir faoin mbealach ar féidir an curaclam a oiriúnú agus a idirdhealú do leanaí le deacrachtaí foghlama, riachtanais speisialta oideachais, nó leanaí le hinniúlachtaí eisceachtúla,
- leagann siad amach an cur chuige i leith measúnú múnlaitheach agus breisithe a chuirfear i bhfeidhm chun faisnéis chruinn leanúnach a sholáthar maidir le foghlaim leanbh aonair agus a chuirfidh le feabhais i dteagasc agus foghlaim.

4.2 Pleanáil litearthachta agus uimhearthachta don scoil ina hiomláine

4.2.1 An próiseas pleanála don scoil ina hiomláine

Chum formhór na scoileanna pleananna scoile don Bhéarla agus don mhatamaitic. I móramh na scoileanna pleanáil chomhoibritheach a bhí sa phleanáil don scoil ina hiomláine, agus cuireadh béim

ar na saincheisteanna a bhain le litearthacht agus uimhearthacht ag na cruinnithe foirne. Dúirt múinteoirí gur aontaíodh ar roinnt nithe úsáideacha ar leibhéal na scoile ina hiomláine nó ar leibhéal grúpaí múinteoirí ag caighdeáin ranganna áirithe ar laethanta pleanála agus athbhreithnithe a bhí éascaithe ag PCSP agus SDPS. Dúirt cigirí, áfach, go raibh na pleananna do na scoileanna ina n-iomláine ar chaighdeán íseal i roinnt scoileanna agus go raibh fianaise ann nach ndearnadh plé leordhóthanach ar roinnt cáipéisí pleanála. Bhí ráta ard athraithe foirne i mbeagán scoileanna, agus luaigh cigire amháin go raibh sé deacair mothú d'úinéireacht an phlean scoile a chothabháil go leanúnach sa chomhthéacs sin.

Luaigh móramh na bpríomhoidí go raibh post dualgas speisialta sa scoil bainteach le litearthacht agus uimhearthacht. Ní raibh freagrachtaí ach ag leath de shealbhóirí na bpost dualgas speisialta, áfach, a bhain le forbairt teagaisc agus foghlama i réimsí curaclaim mar chruthú beartais agus pleanáil sa litearthacht agus san uimhearthacht. Bhí dualgais ar an gcuid eile a bhain le ceannach, cothabháil agus leithdháileadh ábhar.

I mionlach scoileanna bhí an próiseas pleanála don scoil ina hiomláine ar siúl go leanúnach agus go córasach, agus rinne an fhoireann teagaisc beartais do na scoileanna ina n-iomláine maidir le litearthacht agus uimhearthacht a athbhreithniú, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh orthu thar thréimhse. Sna scoileanna sin rinneadh pleanáil chomhoibritheach nó pleanáil foirne faoi stiúir comhordaitheoirí curaclaim a bhí ina sealbhóirí poist de ghnáth. Bhuail na grúpaí pleanála le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus thug siad aiseolas ag cruinnithe foirne.

4.2.2 Ábhar pleananna do scoileanna ina n-iomláine

Go ginearálta, léirigh pleananna do scoileanna ina n-iomláine maidir le litearthacht agus uimhearthacht prionsabail agus béimeanna *An Curaclam Bunscoile* (1999). I scoileanna sóisearacha chuir na pleananna litearthachta sin síos ar straitéisí chun tacaíocht le héisteacht, feasacht fóineolaíochta, forbairt stór focal agus scileanna luatha léitheoireachta na leanaí. Thug pleananna scoile mionsonraí ar chur chuige comhaontaithe maidir le litriú, scileanna aitheanta focal agus forbairt scileanna tuisceana. Taifeadadh cinntí maidir le húsáid úrscéalta agus téacsleabhar agus grádú leabhar ón leabharlann de réir leibhéal aoise agus inniúlachta. Cuireadh straitéisí ar nós DEAR (Drop Everything and Read), CAPER (Childrean and Parents Enjoying Reading) agus USSR (Uninterrupted Sustained Silent Reading) i bhfeidhm ar leibhéal an ranga. I mbeagán scoileanna tugadh aird ar fhorbairt próifílí measúnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn leanaí sa léitheoireacht agus i dteanga ó bhéal, agus thug roinnt pleananna scoile treoir shonrach ar phróiseas an scríofa.

Rinne formhór na scoileanna cur síos ar phleananna uimhearthachta don scoil ina hiomláine, agus thug na scoileanna sin le fios go leanfaidís ar aghaidh ag forbairt plean matamaitice amach anseo. Dhírigh pleananna uimhearthachta isteach ar eagrú acmhainní, soláthar ábhar coincréiteach, agus bunú córas faire chun trealamh a riaradh. Maidir leis an gcuraclam matamaitice, cuireadh béim ar theanga na matamaitice, eagrú luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla, obair ghrúpa, ábhair choincréiteacha, teagasc coincheapa matamaitice agus fíricí faoi uimhreacha a fhoghlaim. Aithníodh réimsí ar cheart forbairt a dhéanamh orthu amach anseo, lena n-áirítear uimhearthacht ó bhéal agus san inchinn, fadhbanna a réiteach, agus tomhas.

Bhí éagsúlacht ó scoil go scoil i gcaighdeán an phlean litearthachta agus uimhearthachta don scoil ina hiomláine. D'úsáid thart ar leath na scoileanna ábhair chúlra tacúla a bhí curtha ar fáil ag foinsí ar nós Chlár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile agus tionscnamh na Seirbhíse Pleanála um Fhorbairt Scoile. Bhí roinnt de na pleananna scoile ginearálta agus ábharbhunaithe, agus níor thug siad a dhóthain tacaíochta do chur i bhfeidhm éifeachtúil an churaclaim ar leibhéal an tseomra ranga.

Dúirt beagán múinteoirí nár leag na pleananna scoile cuir chuige comhaontaithe ná modh-eolaíochtaí teagaisc amach ar shlí leordhóthanach. Thionscain beagán scoileanna roinnt oibre chun modheolaíochtaí comhaontaithe a leagan amach maidir le litearthacht, agus ar bhonn i bhfad níos lú maidir le huimhríocht, ach níor sholáthair siad an treoir a bhí riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do theagasc agus fhoghlaim ar leibhéil ranga dhifriúla. I mbeagán scoileanna dúirt múinteoirí nach raibh córais i bhfeidhm fós chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht mhodheolaíochtaí teagaisc nua.

Ní raibh cur chuige comhleanúnach córasach forbartha ag trí cheathrú de phleananna scoile chun meastóireacht a dhéanamh ar dhaltaí. Ní dhearna roinnt pleananna scoile tagairt shonrach do pháirt na múinteoirí tacaíochta foghlama agus na múinteoirí acmhainne agus scileanna litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí á bhforbairt. I móramh na gcásanna níor thug na pleananna scoile aghaidh ar shaincheist na forbartha foirne.

4.2.3 Pleananna don scoil ina hiomláine a chur i bhfeidhm sa litearthacht agus san uimhearthacht

Thuairiscigh formhór na múinteoirí ranga go raibh tionchar ag beartais na scoile ina hiomláine ar a gcuid teagaisc agus go raibh tionchar dearfach acu ar fhoghlaim na leanaí. Dúirt móramh mór na múinteoirí go raibh siad ar an eolas maidir le beartas na scoile sa Bhéarla agus sa mhatamaitic, agus luaigh roinnt múinteoirí gur thug an plean scoile treoir do mhúinteoirí maidir leis na hábhair agus na hacmhainní ábhartha a bhí ar fáil sa scoil. D'úsáid múinteoirí eile an plean scoile mar scéim fhadtéarmach, agus thug siad le fios gur chinntigh sé sin go raibh obair na scoile comhordaithe.

Mar sin féin, ní bhfuair cigirí ach fianaise theoranta a thabharfadh le fios go raibh baint dhíreach ag pleananna scoile don Bhéarla agus don uimhearthacht le pleanáil seomra ranga. Níor éirigh ach le ceathrú de mhúinteoirí a n-ullmhúcháin féin don Bhéarla a bhunú ar an bplean don scoil ina hiomláine. Bhain timpeall 40% de mhúinteoirí úsáid as an bplean don scoil ina hiomláine don mhatamaitic chun ullmhúcháin eolacha a dhéanamh. Tuairiscíodh go raibh tionchar diúltach ag pleanáil a bhí bunaithe ar ábhair na dtéacsleabhar in áit a bheith bunaithe ar spriocanna foghlama ar chobhsaíocht agus ord na gclár matamaitice agus litearthachta.

4.2.4 Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna d'fhorbairt agus d'fheabhsú scoileanna ina n-iomláine

Le linn na scoilbhliana 2003/04 bhain scoileanna leas as pleanáil inscoile agus laethanta ath-bhreithnithe a thug deis do na foirne teagaisc ar athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna curaclaim a bhí cumtha go dtí sin agus machnamh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm réimsí curaclaim ar cuireadh tacaíocht inseirbhíse ar fáil dóibh.

Cé gur chum roinnt scoileanna pleananna gnímh inar aithníodh spriocanna litearthachta agus uimhearthachta, níor léirigh ach trian de phleanáil fhadtréimhseach agus ghearrthréimhseach múinteoirí tosaíochtaí pleananna gnímh. Níor úsáid móramh na múinteoirí spriocanna sonracha don ghrúpa ranga agus do leanaí aonair mar fhócas chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht iomlán sa litearthacht. Ní raibh cur chuige córasach scríofa chun monatóireacht a dhéanamh ar fheabhsú scoile ag formhór na scoileanna.

Bhí nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag na scoileanna uile chun caighdeán foghlama na leanaí a mheasúnú. Áirítear ar na nósanna imeachta sin tástálacha caighdeánaithe, breathnóireacht múinteora, ceisteanna a chur, tástálacha a bhí deartha ag an múinteoir, anailís ar earráidí, obair bhaile, samplaí d'obair na leanaí, agus seicliostaí. Dúirt cigirí gur cheart do phleananna scoile tacú le beartas idirghabhála luaithe maidir le gnóthachtáil íseal sa litearthacht. Ní raibh aon fhianaise sna pleananna scoile gur úsáideadh sonraí measúnaithe chun pleanáil i gcomhair feabhas a chur ar fhoghlaim leanaí.

Le linn na n-agallamh le príomhoidí aithníodh gurb í breisfhorbairt na bpróiseas agus na dtacaíochtaí pleanála scoile an phríomh-shaincheist a bhí os comhair bhainisteoireacht na scoile amach. Mhol roinnt príomhoidí scoile go raibh sé riachtanach go dtabharfadh an bhainisteoireacht tacaíocht do phleanáil don scoil ina hiomláine agus go gcruthófaí am breise agus tacaíocht bhreise do phleanáil chomhoibritheach inscoile. Rinne príomhoide amháin tagairt don tionchar dearfach a bhí ag bord bainisteoireachta na scoile nuair a d'iarr siad go ndíreodh an fhoireann teagaisc ar litearthacht agus uimhearthacht agus ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar chultúr measúnaithe, meastóireachta agus tuairiscithe sa scoil. Moladh freisin gur cheart go mbeadh páirt ghníomhach ag bainisteoireacht na scoile i monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an tsoláthair oideachais sa scoil agus gur cheart don bhord agus don bhainisteoireacht inscoile díriú ar chaighdeáin a fheabhsú.

4.3 Achoimre agus moltaí

Is príomhthosaíochtaí iad litearthacht agus uimhearthacht sa churaclam, agus tá sealbhú na scileanna litearthachta agus uimhearthachta lárnach sa chaoi go mbeidh foghlaim éifeachtúil i ngach réimse den churaclam. Ghlac formhór na scoileanna sa mheastóireacht seo páirt i bpleanáil chomhoibritheach, ach bhí fócas níos soiléire ar chaighdeán na dtorthaí foghlama ag teastáil le haghaidh pleanáil don scoil ina hiomláine.

Ní raibh mórán tionchair ag roinnt pleananna scoile ar an gcaighdeán teagaisc agus foghlama, agus ní raibh an nasc idir pleanáil, forfheidhmiú agus athbhreithniú d'fhorbairt agus d'fheabhsú sách bunaithe. Níor aithníodh go raibh forbairt ghairmiúil na bhfoirne mar phríomhthosaíocht do na scoileanna, agus níor cuireadh mórán béime ar fhorbairt saineolais ghairmiúil na múinteoirí chun athruithe sa churaclam a chur i bhfeidhm. I bhformhór na scoileanna níor baineadh úsáid as féidearthacht na múinteoirí a raibh freagrachtaí bainisteoireachta acu cur leis an bpróiseas chun an scoil ina hiomláine a fheabhsú. Níor ghlac na boird bhainisteoireachta agus bainisteoireacht na scoileanna páirt ar bhealach córasach i monatóireacht chaighdeán an tsoláthair oideachais i scoileanna. Níor tugadh aghaidh ar ghnóthachtáil íseal leanaí maidir le litearthacht agus uimhearthacht ar bhealach fócasaithe agus dírithe i bhformhór na scoileanna.

Moltaí

Rinne cigirí na moltaí seo a leanas chun caighdeán na pleanála um litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú:

- Teastaíonn am breise, taobh amuigh d'uaireanta ranga, i scoileanna chun tacú le pleanáil don scoil ina hiomláine agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scoil ina hiomláine, agus moltar mar sin gur chóir do chomhpháirtithe oideachais machnamh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir dóthain ama a chur ar fáil le haghaidh pleanáil chomhoibritheach riachtanach.
- Tá gá ann le ceannaireacht shonrach sa churaclam agus freagrachtaí comhordaithe don scoil ina hiomláine a thiomnú nuair a leagtar amach dualgais bhaill na foirne bainisteoireachta inscoile.
- Ba chóir don phríomhoide agus don fhoireann bainisteoireachta inscoile ról ceannasach a thógáil chun próiseas pleanála éifeachtach a chothú. Tá sé seo dírithe ar naisc shoiléire a chinntiú idir pleanáil don scoil ina hiomláine, ullmhúcháin múinteoirí aonair, agus cleachtas laethúil maidir le litearthacht agus uimhearthacht a theagasc.
- Ba chóir go mbeadh cur chuige idirdhealaitheach curtha san áireamh i bhfad níos mó i bpleanáil na múinteoirí chun freastal ar na daltaí uile, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina measc. Ba chóir do mhúinteoirí spriocanna sonracha a leagadh amach chun freastal ar riachtanais aonair leanaí a bhfuil deacrachtaí acu le forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta agus pleananna gnímh a chruthú chun na spriocanna seo a bhaint amach. Ba chóir téacsleabhair a úsáid mar ábhair acmhainne chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim in áit iad a úsáid mar bhunús na pleanála i gcomhair soláthar curaclaim.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar bheartas leithdháileadh foirne na Roinne maidir le príomhoidí riaracháin a cheapadh i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste chun deis a thabhairt do phríomhoidí ar dhíriú ar a ndualgais ceannaireachta agus páirt a ghlacadh i bpleanáil straitéiseach don scoil agus gníomhaíocht bainisteoireachta go lánaimseartha.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar ghrúpa múinteoirí tacaíochta curaclaim a bhunú a mbeadh saineolas sonrach acu maidir le litearthacht agus uimhearthacht agus a chuirfeadh tacaíocht dhíreach ar fáil do scoileanna ainmnithe a thug tosaíocht do sholáthar litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Ba chóir don tseirbhís cabhrú le príomhoidí scoileanna agus múinteoirí straitéisí a fhorbairt atá dírithe ar fheabhas a chur ar ghnóthachtáil leanaí, agus ba chóir dóibh múnla a chur ar bun do theagasc cuí agus modheolaíochtaí measúnaithe i seomraí ranga agus dea-chleachtas a spreagadh i measc múinteoirí tacaíochta. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht ar fáil don scoil ar feadh tréimhse shonrach.
- Ba chóir cláir mheastóireachta a thabhairt isteach chun tacú le hionduchtú múinteoirí gan mórán taithí nó múinteoirí nuacháilithe.
- Ba chóir do na soláthraithe forbartha gairmiúla réamhsheirbhíse agus leanúnach cuidiú le múinteoirí oibriú mar chleachtóirí féinmhachnamhacha. Ba chóir d'ábhair an chúrsa díriú ar scileanna féinmheastóireachta a fhorbairt, agus ba chóir dóibh treoir a chur ar fáil maidir leis an gcaighdeán teagaisc, foghlama agus measúnaithe a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus i gcomhthéacs míbhuntáiste oideachais.

Tá gá le raon córasach de chur chuige teagaisc maidir le léitheoireacht, a theagascann an rang ar fad, obair ghrúpa agus aird ar dhaltaí ar leith ag brath ar a riachtanais foghlama a chur san áireamh.

5 Teagasc agus foghlaim: Litearthacht

5.1 Pleanáil don seomra ranga i gcomhair teagaisc agus foghlama

Próiseas timthriallach is ea teagasc machnamhach ar ardchaighdeán inar féidir le múinteoirí monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a bpleanáil agus ar na heispéiris foghlama agus na gníomhaíochtaí a chuireann siad ar fáil do leanaí. Déanann siad anailís ar chaighdeán foghlama na leanaí agus déanann siad dul chun cinn na leanaí a mheasúnú agus a thaifead, lena n-áirítear sealbhú a n-eolais agus scileanna agus a dtuisceana. Díríonn an chaibidil seo ar ghnéithe lárnacha an phróisis teagaisc agus foghlama. Tugann sé aghaidh ar chaighdeán na pleanála, éifeachtúlacht na modheolaíochtaí teagaisc a scrúdaíodh, agus caighdeán foghlama na leanaí maidir le litearthacht. Déantar machnamh ar pháirt an mheasúnaithe sa phróiseas teagaisc agus foghlama, agus déantar measúnú ar an tacaíocht atá ann do leanaí a bhfuil riachtanais foghlama sonracha acu.

Le linn na meastóireachta cuireadh béim ar laigí agus easnaimh shuntasacha i bpróiseas timthriallach na pleanála, an teagaisc, agus an mheasúnaithe. Mhothaigh na cigirí go raibh caighdeán na pleanála i gcomhair litearthachta lag nó go raibh forbairt ag teastáil uaidh i bhformhór na suíomh seomra ranga a ndearnadh measúnú orthu. Nuair a tugadh dea-chleachtas faoi deara, rinne cigirí tagairt don tosaíocht ard a tugadh do litearthacht san amchlár ranga. Mar a luadh i gcaibidil 4, thug pleananna gnímh don scoil ina hiomláine tosaíocht do litearthacht i gceathrú de na scoileanna faoi mhíbhuntáiste, ach ní raibh na tosaíochtaí pleanála sin le feiceáil i bpleanáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach fhormhór na múinteoirí ranga. Chuir formhór na múinteoirí pleanáil fhadtréimhseach ar fáil mar phleananna bliantúla nó téarma. Thug cigirí faoi deara i níos mó ná leath de na seomraí ranga ar thug siad cuairt orthu go raibh na pleananna seo ginearálta, nach raibh siad bunaithe go leor ar an gcuraclam agus ar chéim forbartha na leanaí, agus nach raibh siad ina dtacaíocht éifeachtúil maidir le clár córasach litearthachta a chur i bhfeidhm.

Tugadh faoi dearadh go raibh laigí suntasacha sa phleanáil ghearrthréimhseach i bhformhór na seomraí ranga ar tugadh cuairt orthu. Leag líon beag múinteoirí spriocanna síos ina bpleananna chun gnóthachtáil litearthachta a ranganna ina n-iomláine agus leanaí aonair a raibh deacrachtaí litearthachta acu a ardú. Ní raibh na pleananna gearrthréimhseacha seo dírithe go leor ar shain-chuspóirí an churaclaim, agus níor léirigh siad leanúnachas agus dul chun cinn i dteagasc agus foghlaim. Níor bhain formhór na múinteoirí úsáid as an bhfaisnéis a chuir torthaí na measúnuithe ar fáil chun cur lena bpleananna gearrthréimhseacha.

5.2 Caighdeán teagaisc agus foghlama

5.2.1 Timpeallacht an tseomra ranga agus acmhainní

Rinneadh scrúdú ar aon cheacht litearthachta is tríocha le linn na meastóireachta. Bhí formhór na múinteoirí éifeachtúil maidir le smacht a choinneáil agus straitéisí bainisteoireachta le haghaidh iompraíocht dhearfach a chur chun cinn le linn na gceachtanna. Bhí acmhainní teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán i bhformhór na seomraí ranga naíonán agus sóisearacha. Bhí laghdú suntasach i réimse na n-acmhainní a cuireadh ar fáil do mhúinteoirí sna meánranganna agus sna

ranganna sinsearacha, agus ní raibh leibhéal sásúil acmhainní ach ag trian de na seomraí ranga sin. I bhformhór na seomraí ranga naíonán agus sóisearacha bhí taispeántaí maithe nó an-mhaith de shaothar na leanaí, agus bhí scríbhneoireacht phearsanta agus chruthaitheach agus tuairiscí faoi leabhair agus fhilíocht ar taispeáint. Tugadh faoi deara go raibh laghdú suntasach maidir le taispeántaí de shaothar na leanaí i seomraí na meánranganna agus na ranganna sinsearacha, agus aithníodh go raibh gá le forbairt shuntasach a dhéanamh sa réimse seo i dtrí cheathrú de na seomraí ranga sin.

D'éirigh le formhór mhúinteoirí na ranganna naíonán agus sóisearacha timpeallachtaí a bhí saibhir in ábhair chlóite a chur ar fáil. Bhí cairteacha, póstaeir agus lipéid, focail a tháinig chun cinn go minic, aicmí focal, focail aonair agus lánabairtí ar taispeáint le haghaidh na leanaí. Ní raibh timpeallachtaí sásúla a bhí saibhir le hábhair chlóite le fáil ach i níos lú ná leath de na seomraí méan-ranganna agus na seomraí ranga sinsearacha ar tugadh cuairt orthu.

Bhí leabharlanna maithe nó an-mhaith ag formhór na seomraí ranga naíonán agus sóisearacha. Bhí ábhair léitheoireachta breise acu ar nós leabhair léitheoireachta comhthreomhara, leabhair mhóra, téacsanna an-suimiúla nó téacsanna do chumas íseal, úrscéalta, agus leabhair léitheoireachta. Rinne leanaí dul chun cinn go córasach trí réimse ábhair léitheoireachta a bhí forbartha i sraith. Rinneadh cur síos ar tuairim is dhá dtrian de na leabharlanna sna meánraganna agus sna ranganna sinsearacha. Cuireadh imní in iúl nach bhfuil go leor soláthair leabhar ar fáil do léitheoireacht neamhspleách leanaí. I líon beag seomraí ranga bhí sé deacair teacht ar leabhair i ngeall go raibh siad curtha i stóráil in áiteanna taobh amuigh den seomra ranga. Mhol cigirí soláthar níos fearr de réimse níos leithne de leabhair a chuirfeadh téacsanna ar ardchaighdeán san áireamh chomh maith le téacsanna léirmhínitheacha, le scéalta agus léaráidí, agus téacsanna léiritheacha chun léitheoireacht neamhspleách leanaí agus léitheoireacht ghrúpa a fhorbairt.

5.2.2 Caighdeán an teagaisc

Bhí caighdeán na gceachtanna a scrúdaíodh go maith i bhformhór na ranganna, ach ní dhearnadh athbhreithniú ar mhórán ceachtanna ar ceapadh go raibh an caighdeán teagaisc ag an leibhéal is airde. Rinneadh scrúdú ar ghníomhaíochtaí éagsúla de ghnéithe an churaclaim Bhéarla, agus d'éirigh le formhór na múinteoirí naíonán agus sóisearacha obair ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chomhtháthú. Moladh formhór na múinteoirí as réimse córasach de chur chuige teagaisc maidir le léitheoireacht a chur i bhfeidhm, agus ina measc sin bhí teagaisc an ranga ina iomláine, obair ghrúpa, agus cúnamh aonair. Tugadh léitheoireacht chiúin agus léitheoireacht le duine eile isteach, agus ghlac tuismitheoirí páirt sa léitheoireacht roinnte. Chuir formhór na múinteoirí béim inmholta ar fhorbairt na scileanna d'fheasacht fóineolaíochta agus focail a aithint nuair a fheiceann siad iad, agus spreag siad leanaí léamh le linn na gceachtanna litearthachta.

Tugadh faoi deara gur chuir na múinteoirí éifeachtúla ceisteanna féinmhacnamhacha agus gur bhain siad úsáid as réimse ceisteanna chun scileanna tuisceana na leanaí a chothú. Phléigh siad na téacsanna leis na leanaí agus thug siad spreagadh dóibh léamh go ciúin. Bhunaigh formhór na múinteoirí éifeachtúla ar riachtanais aonair na leanaí, agus léirigh siad prionsabail an churaclaim Bhéarla ina gcuid teagaisc agus pleanála.

Bhí caighdeán an teagaisc litearthachta sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha go

maith, agus d'éirigh leis na múinteoirí ranga uile ceachtanna léitheoireachta struchtúrtha a chur i láthair. Cuireadh béim i bhformhór na ranganna ar na scileanna chun focail a aithint a fhorbairt, mar shampla focail a ghearradh ina siollaí chun stór focal nua a thuiscint. I níos mó ná leath de na ranganna fuair leanaí taithí ar sheánraí léitheoireachta éagsúla. Bhain formhór na leanaí taitneamh as léitheoireacht, agus sna ranganna uile léigh na leanaí gach lá. I líon beag seomraí ranga thug na cigirí faoi deara go raibh an t-ábhar léitheoireachta ró-dheacair do na leanaí. Sna meánranganna agus na ranganna sinsearacha chuir na múinteoirí na hábhair léitheoireachta in oiriúint do leibhéal cumais na leanaí, agus go ginearálta cuireadh béim mhaith ar scileanna tuisceana a fhorbairt. Cuireadh béim mhaith ar scileanna smaointeoireachta ag ord níos airde in dhá dtrian de na ranganna.

Rinneadh obair mhaith ar na scileanna lámhscríbhneoireachta a theagasc. Thug fianaise ó chóipleabhair na leanaí le fios go bhfuair siad cleachtadh ar an scríbhneoireacht trí cheisteanna léamhthuisceana a fhreagairt. Nior scríobh ach 16% de leanaí ó na meánranganna agus na ranganna sinsearacha i seánraí éagsúla. Mhol na cigirí cur chuige próisis maidir le scríbhneoireacht a chur chun cinn, cleachtadh a thabhairt do leanaí éagsúlacht scríbhneoireachta a dhéanamh do luchtanna léitheoireachta éagsúla, agus tacaíocht a thabhairt do shaothar scríbhneoireachta na leanaí chun a ndul chun cinn a chinntiú. Thug roinnt cigirí moltaí dearfacha maidir le teagasc gramadaí.

I mionlach suíomh seomraí ranga fuarthas nach raibh caighdeán na gceachtanna go maith. Bhí réimse teoranta cur chuige teagaisc le fáil sna ceachtanna sin, agus go ginearálta bhí easpa deiseanna ann do na leanaí ar bheith gníomhach ina gcuid foghlama. Sna suímh seo thug cigirí faoi deara go raibh easpa airde tugtha d'idirdhealú sa churaclam agus do riachtanais aonair foghlama na leanaí, go raibh timpeallachtaí leadránacha sna seomraí ranga, agus nach raibh tosaíocht tugtha don litearthacht sa chlár curaclaim agus nach raibh dóthain pleanála don seomra ranga déanta. Ní raibh a fhios ag roinnt de na múinteoirí faoi agallamh go raibh cúrsaí le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach ann a d'fhéadfadh forbairt bhreise a dhéanamh ar a scileanna teagaisc litearthachta.

5.2.3 Caighdeán foghlama

Thug na cigirí le fios den chuid is mó gur éirigh le formhór na leanaí le linn na gceachtanna litearthachta a scrúdaíodh ag gach leibhéal ranga. Bhí suim ag trí cheathrú de na leanaí sna ranganna naíonán agus sóisearacha sna ceachtanna, agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí fiúntacha léitheoireachta a bhí cuí ó thaobh aoise de. Thaispeáin na leanaí gur thuig siad go raibh cló ann agus na gnásanna a ghabhann leis, agus ghlac siad páirt i scéalta agus rímeanna. Dúirt na múinteoirí go raibh aird dírithe ar an teanga labhartha a fhorbairt, agus d'fheabhsaigh sé seo eispéiris foghlama na leanaí sa seomra ranga.

D'fhoghlaim níos mó ná dhá dtrian de na leanaí scileanna chun focail a aithint, agus bhí siad in ann na scileanna seo a chur i bhfeidhm chun focail nua a aithint. In ainneoin go raibh na scileanna léitheoireachta ag na leanaí, áfach, tugadh faoi deara go raibh níos lú ná dhá dtrian de na leanaí in ann léamh go líofa agus an téacs a phlé le tuiscint. Tá an toradh seo nasctha go dlúth le líon na múinteoirí a rinne idirdhealú ina gcuid dteagaisc. D'athraigh leath de na múinteoirí ranganna naíonán agus ranganna sóisearacha a gcur chuige go héifeachtúil chun léitheoireacht a theagasc agus freastal ar riachtanais aonair agus láidreachtaí na leanaí. Sna ranganna seo thaispeáin na leanaí go raibh siad sásta páirt a ghlacadh i dtasacanna litearthachta, go neamhspleách agus i ngrúpaí.

Dúirt múinteoirí agus cigirí araon gur chuidigh cur chuige idirdhealaitheach le dul chun cinn na leanaí a chinntiú.

Rinne na cigirí tagairt do laghdú ar an ráta a fhaigheann leanaí sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha máistreacht ar an litearthacht i gcomparáid leis na leanaí sna ranganna naíonán agus sna ranganna sóisearacha. Thuairiscigh cigire amháin: "Léann roinnt leanaí go líofa agus go cruinn, bhí tuiscint theoranta ag roinnt leanaí ar na téacsanna, agus tá scileanna tuisceana teoranta." D'aithin cigirí gur thuig múinteoirí an gá a bhí le scileanna tuisceana na ndaltaí a fhorbairt, lena n-áirítear a gcumas chur le chéile, an fhreagra a fháil, réamhinsint a thabhairt, agus achoimre a dhéanamh. Cé gur bhain na múinteoirí úsáid as úrscéalta an ranga, leabhair an ranga agus rogha theoranta leabhar ón leabharlann chun na scileanna seo a fhorbairt, bhí níos lú ná leath de na leanaí sna meánranganna agus na ranganna sinsearacha in ann léamh go líofa agus an téacs a phlé le tuiscint. Rinneadh cur síos ar thrian de na leanaí mar léitheoirí neamhspleácha, ach ní raibh formhór na leanaí (84%) in ann anailís a dhéanamh ar an ábhar a léigh siad. Léirigh cigirí agus múinteoirí imní faoi leibhéal inspreagtha agus an easpa neamhspleáchais i measc leanaí mar fhoghlaimeoirí.

5.3 Measúnú

Thug na scoileanna uile scrúduithe caighdeánaithe chun an leibhéal léitheoireachta a bhí ag na daltaí a fháil amach. Rinne ocht gcinn de na scoileanna eile scrúdú in aghaidh na bliana, rinne trí scoil scrúdú gach dara nó tríú bliain, agus rinne scoil amháin scrúdú dhá uair sa bhliain. Fuair cigirí go raibh an soláthar i gcomhair cur chuige comhtháite chun dul chun cinn na leanaí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh air lag, agus i mbeagnach gach suímh ranga (90%) go raibh gá le forbairt shuntasach. Tugadh le fios go raibh deacrachtaí suntasacha ag na múinteoirí nó go raibh gá le forbairt shuntasach a dhéanamh ar fhaisnéis meastóireachta a eagrú faoi dhaltaí aonair ó scrúduithe múnlaitheacha agus diagnóiseacha do leanaí aonair a thaifead agus taifid ar leanaí aonair a chothú.

Thug cigirí le fios go n-úsáideann formhór na múinteoirí ranga foirmeacha ginearálta meastóireachta (tascanna a chum na múinteoirí) lena leanaí mar ghrúpa, agus coinníodh roinnt taifid de na meastóireachta seo. Bhí taifid de thástálacha litrithe agus torthaí meastóireachtaí léitheoireachta san áireamh anseo. Luaigh cigirí gur coinníodh taifid ghinearálta de dhul chun cinn na leanaí, ach níor thug na taifid seo dóthain sonraí faoi láidreachtaí agus laigí na leanaí aonair. Ceartaíodh samplaí d'obair na leanaí i dtimpeall leath de na seomraí ranga ar tugadh cuairt orthu, agus pléadh an dul chun cinn leis na tuismitheoirí. Luaigh formhór na gcigirí nár léirigh na samplaí den obair a ndearnadh athbhreithniú orthu fás i muinín nó dul chun cinn i measc na ndaltaí.

I mionlach seomraí ranga bhí fianaise de dhea-chleachtas ann maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun chinn an linbh aonair. Nuair a tugadh dea-chleachtas faoi deara rinne na cigirí tagairt do thaifid na leanaí a chothú, aird a thabhairt ar idirdhealú, agus úsáid a bhaint as réimse straitéisí meastóireachta, samplaí oibre na ndaltaí a chothú, agus torthaí bhreathnú na múinteoirí agus tascanna a chum na múinteoirí. Choinnigh na múinteoirí cártaí taifid léitheoireachta na leanaí aonair agus na seicliostaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith réimsí ar nós focail a aithint, aicmí focal agus caidrimh idir litreacha agus fuaimeanna, idirdhealú radharcach a dhéanamh, agus focail a aithníonn na leanaí. Rinne roinnt múinteoirí taifid de na leabhair a léigh gach leanbh,

agus rinne siad anailís ar bhotúin ó am go chéile. Coinníodh taifid de thástálacha diagnóiseacha. Nuair a rinneadh réimse leathan straitéisí meastóireachta luaigh cigirí nach raibh mórán fianaise ann chun a thabhairt le fios gur baineadh úsáid as torthaí na meastóireachtaí seo chun cur le pleanáil, teagasc, agus foghlaim.

5.4 Tacaíocht a thabhairt do leanaí le deacrachtaí foghlama

As an dá scoil déag a ndearnadh meastachán orthu, ar an meán fuair cúigiú de na leanaí teagasc breise sa litearthacht. Aithníodh go raibh riachtanais speisialta oideachais ag deichiú de na leanaí agus go raibh siad ag fáil tacaíocht teagaisc acmhainní i mBéarla. Choinnigh níos mó ná leath de na scoileanna próifílí agus cláir foghlama (IPLP) do leanaí a raibh deacrachtaí foghlama acu nó leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu. Choinnigh líon beag múinteoirí seomraí ranga cóipeanna de na pleananna, agus bhí tuairim ag na cigirí gur léirigh sé seo dea-chleachtas. Bhí spriocanna agus straitéisí i gcomhair litearthacht a fhorbairt i níos lú ná leath na bpleananna seo, agus rinneadh cur síos ar na hacmhainní ar baineadh úsáid astu chun tacú le foghlaim na leanaí agus taifid de thorthaí na dtástálacha caighdeánaithe. Luaigh cigirí nach raibh baint ag formhór na múinteoirí seomraí ranga i bhfoirmiú pleananna dá leithéid sin, agus ní raibh mórán fianaise ann go raibh múinteoirí seomraí ranga ag obair i gcomhar le baill foirne riachtanais speisialta oideachais. Ní raibh na míreanna IPLP a bhaineann le múinteoirí seomraí ranga agus an nasc a bhíonn le tuismitheoirí críochnaithe i bhformhór na bpleananna aonair a ndearnadh athbhreithniú orthu, agus thug cigirí le fios nach raibh an cur chuige sách comhordaithe idir an múinteoir seomra ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlama agus acmhainne i soláthar tacaíocht litearthachta do leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Mhol cigire amháin spriocanna agus cur chuige aontaithe, clár comhlántach, aontú ar théacsanna le haghaidh léitheoireachta, leanúnachas maidir leis an obair bhaile atá le déanamh, agus an úsáid is fearr a bhaint as am na ndaltaí mar ghnéithe de chuid plean comhordaithe.

Bhí fianaise theoranta de mhúinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama ag obair sa suíomh seomra ranga, agus tugadh faoi spriocanna ama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a aithint i mionlach scoileanna. Nuair a rinneadh scrúdú ar theagasc tacaíocht foghlama agus teagasc acmhainne sna scoileanna thug na cigirí faoi deara go raibh soláthar próifílí aonair daltaí ar ardchaighdeán—a thaispeáin tuiscint shoiléir ar riachtanais agus fhéidearthacht na ndaltaí, a d'aithin go soiléir láidreachtaí gach linbh indibhidúil, agus a rinne cur síos ar spriocanna foghlama feiliúnacha do na daltaí sin—mar chuid de ghnéithe a ndea-chleachtais. Cuireadh béim ar dhea-chleachtas nuair a choinnigh múinteoirí tacaíochta taifid fheiliúnacha de dhul chun cinn na leanaí agus taifid le sonraí den chlár teagasc breise. Bhain teagasc tacaíocht foghlama inniúla agus acmhainne úsáid as réimse cuí modhanna measúnaithe agus úsáid á baint as na torthaí chun cur leis an teagasc agus an fhoghlaim i gcomhthéacs an teagaisc bhreise.

5.5 Achoimre

Cuireann measúnú ar chleachtais a bhaineann le litearthacht a theagasc fianaise ar fáil go bhfuil pleanáil sa seomra ranga agus an beartas agus cleachtas meastóireachta mar ghnéithe de sholáthar i scoileanna a bhfuil gá aghaidh a thabhairt orthu agus feabhas suntasach a dhéanamh orthu. Cé go bhfuair cur i láthair an cheachta measúnaithe maithe, bhí imní ag cigirí faoi thorthaí na foghlama. Bhí níos lú ná leath de na leanaí i meánranganna agus ranganna sinsearacha in ann léamh go líofa agus le tuiscint ar an méid a bhí á léamh acu. Rinne cigirí tagairt do dhea-chleachtas

a raibh tréithe aige ar nós pleanáil ar ardchaighdeán, gníomhaíochtaí idirdhealaitheacha a chur ar fáil, agus leanaí a spreagadh ina gcuid foghlama. I measc na laigeachtaí coitianta sa soláthar bhí easpa cur chuige comhordaithe maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí agus iad a thaifead, easpa nasc idir torthaí na meastóireachta agus an próiseas teagaisc agus foghlama, agus an soláthar neamh-chomhordaitheach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta agus deacrachtaí foghlama acu. Chuir na cigirí béim ar an ngá atá le cur chuige níos éifeachtaí maidir leis an gcuraclam a chur in oiriúint nó é a idirdhealú, réimse níos leithne d'ábhair léitheoireachta a sholáthar, agus timpeallachtaí foghlama spéisiúla a chruthú.

Moltaí

Is í seo a leanas achoimre ar na príomh-mholtaí a rinne na cigirí tar éis dóibh cuairteanna a thabhairt ar sheomraí ranga:

Pleanáil don seomra ranga i gcomhair teagaisc agus foghlama

- Ba chóir do mhúinteoirí ranga, príomhoidí agus iad siúd a mbíonn freagracht bainisteoireachta inscoile acu i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste teacht ar thuiscint roinnte faoi na naisc atá ann idir pleanáil, teagasc, foghlaim agus meastóireacht sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Ba chóir di seo bunús a chur ar fáil chun riachtanais foghlama leanaí a chomhlíonadh agus a ndul chun cinn maidir le litearthacht a fheabhsú chomh fada agus is féidir.

Timpeallacht an tseomra ranga agus acmhainní

- Moltar réimse níos leithne ábhair léitheoireachta a chur ar fáil i ngach seomra ranga agus timpeallacht an tseomra a fheabhsú chun tabhairt le fios gur tosaíocht í an litearthacht.

Pleanáil

- Ní mholann an mheastóireacht seo níos mó pleanála a sholáthar. Ina áit ba chóir don phleanáil a sholáthraítear a bheith dírithe agus praiticiúil. Ba chóir di cur le cleachtais teagaisc níos éifeachtúla agus cur le caighdeán na foghlama. Ba chóir do phleanáil don scoil ina hiomláine tosaíocht a thabhairt do litearthacht, agus ba chóir dó sin a bheith léirithe i bpleanáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach na múinteoirí. Ba chóir go mbeadh pleanáil fhadtréimhseach bunaithe ar an gcuraclam, agus ba chóir di céim forbartha agus riachtanais na ndaltaí a chur san áireamh.
- Ba chóir do phleanáil ghearrthréimhseach díriú ar spriocanna sonracha an churaclaim, agus ba chóir di leanúnachas agus dul chun cinn a éascú sa teagasc agus sa léitheoireacht. Ba chóir do phleananna gearrthréimhseacha iarmhairtí measta foghlama a aithint agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí foghlama spriocdhírithe na ndaltaí.
- Ba chóir spriocanna a leagadh síos do na grúpaí ranga agus do dhaoine aonair mar fhócas chun feidhmíocht sa litearthacht a fheabhsú tríd is tríd, agus ba chóir na daltaí a chur ar an eolas faoi na spriocanna sin.
- Ba chóir tabhairt faoi phleanáil i gcomhair leanaí aonair agus grúpaí leanaí ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh teagasc sa seomra idirdhealaithe chun freastal ar a riachtanais.
- Ba chóir do thaifid mhíosúla na múinteoirí ar dhul chun cinn, torthaí measúnaithe agus taifid faoi dhul chun cinn na leanaí cur le pleanáil ghearrthréimhseach na múinteoirí.

Tacaíocht do leanaí a bhfuil riachtanais foghlama acu

- Ba chóir plean na scoile cur chuige i leith idirghabháil luath a leagadh amach maidir le leibhéal íseal gnóthachtála sa litearthacht.
- Ba chóir do mhúinteoirí ranga agus mhúinteoirí tacaíochta dul i gcomhar lena chéile go míosúil chun tacú le riachtanais foghlama na leanaí a fhaigheann tacaíocht bhreise.
- Ba chóir comhordú éifeachtúil a dhéanamh ar sholáthar tacaíochta breise do leanaí agus é a bheith comhordaithe go héifeachtúil chun a chinntiú nach bhfuil ach aon mhúinteoir tacaíochta nó acmhainne amháin ag gach leanbh agus chun a chinntiú go ndéantar teagmháil éifeachtúil idir an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí aonair.
- Ba chóir do mhúinteoirí ranga agus mhúinteoirí tacaíochta taifid níos cuimsithí a choinneáil de dhul chun cinn na leanaí.

Measúnú

- Ba chóir do na scoileanna beartas don scoil ina hiomláine le cois cur chuige córasach i leith measúnaithe agus dul chun cinn na ndaltaí ag leibhéal an tseomra ranga a thaifead.
- Ba chóir do na torthaí ón measúnú cur leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

Tuismitheoirí

- Ba chóir do bheartas na scoile tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú éifeachtúil idir múinteoirí agus tuismitheoirí, agus ba chóir rannpháirtíocht tuismitheoirí a éascú i bhforbairt cláir indibhidúla foghlama do leanaí a dteastaíonn teagasc breise uathu.

Tá gá le tionscnaimh 'matamaitic roinnte' a bhfuil na múinteoirí ranga, na múinteoirí tacaíochta foghlama, múinteoir caidrimh um baile um scoil um pobal (HSCL) agus tuismitheoirí páirteach iontu, chun aird a tharraingt ar an bpróifíl atá ag uimhearthacht in oideachas páistí agus coincheapa agus acmhainní matamaitice a léiriú do thuismitheoirí.

6 Teagasc agus foghlaim: Uimhearthacht

6.1 Réamhrá

Rinne cigirí meastóireacht ar chaighdeán teagasc agus foghlaim uimhearthachta i gcúig sheomra ranga agus tríocha, agus rinne siad athbhreithniú ar cháipéisí pleanála a chuir na múinteoirí ar fáil. Áirítear ar an bpleanáil sin ullmhú scríofa fadtréimhseach agus gearrthréimhseach, taifid mhíosúla d'obair a bhí críochnaithe, pleananna aonair oideachais, agus taifid mheasúnuithe. Rinneadh meastóireacht ar chaighdeán na timpeallachta foghlama agus úsáid na n-ábhar agus na n-acmhainní coincréiteacha sna ceachtanna matamaitice. Rinneadh machnamh ar chleachtais mheasúnaithe i seomraí ranga aonair agus i scoileanna, agus rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta a bhí ann do dhaltaí a raibh riachtanais speisialta acu. Críochnaíonn an chaibidil le cur síos ar achoimre de na príomhthorthaí a bhaineann le huimhearthacht agus le moltaí shonracha.

6.2 Pleanáil i gcomhair teagasc agus foghlaim san uimhearthacht

Chuir móramh na múinteoirí cláir ama, pleanáil fhadtréimhseach agus pleanáil ghearrthréimhseach i gcomhair uimhearthachta ar fáil. Rinne cigirí tagairt, áfach, do na difríochtaí suntasacha a bhí idir nádúr agus éifeachtúlacht an ullmhúcháin scríofa. Nuair a bhí fianaise de dhea-chleachtas ann, chuir múinteoirí pleananna ar fáil a léirigh an curaclam agus céim forbartha na leanaí. Nuair a bhí an phleanáil lag, dúirt cigirí nár thug sí treoir éifeachtúil agus tacaíocht chuí do na múinteoirí maidir le riachtanais shonracha na leanaí sa mhatamaitic a chomhlíonadh. Níor chuir na pleananna seo fianaise ar fáil maidir leis an gcaoi a ndearnadh idirdhealú ar an gcuraclam chun freastal ar dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Tríd is tríd, thug an t-athbhreithniú ar cháipéisí le fios go raibh níos mó ná leath na pleanála lag nó go raibh scóp ann chun forbairt a dhéanamh uirthi. Ba chúis imní iad na saincheisteanna seo a leanas:

- Bhunaigh níos lú ná leath de na múinteoirí a bpleanáil ghearrthréimhseach ar spriocanna sonracha Churaclam na Bunscoile. Ní éascaíonn móramh na bpleananna gearrthréimhseacha leanúnachas agus dul chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim.
- Níor chuir ach beagán múinteoirí ullmhúchán scríofa ar fáil faoi dhaltaí aonair nó grúpaí daltaí sa chaoi go bhfreastalódh teagasc sa seomra ranga ar a riachtanais foghlama.
- Léiríodh tosaíochtaí na bpleananna don scoil ina hiomláine i bpleanáil fhadtréimhseach agus ghearrthréimhseach de níos lú na leath de na múinteoirí.
- Leag níos lú ná leath de na múinteoirí spriocanna san uimhearthacht síos do ghrúpaí ranga ná do dhaltaí aonair.

6.3 Caighdeán teagaisc agus foghlama san uimhearthacht

6.3.1 Timpeallacht an tseomra ranga agus acmhainní

Bhí beagnach na múinteoirí uile a ndearnadh breathnóireacht orthu teochroíoch leis na daltaí, thug siad tacaíocht dóibh, agus d'éirigh leo atmaisféar dearfach a chruthú sa seomra ranga. Luaigh cigirí gur chruthaigh múinteoirí timpeallachtaí dea-eagraithe, agus go ginearálta thug siad treoir shoiléir do dhaltaí i leith comhoibriú go héifeachtach le daoine eile. B'fhachtóirí iad a bhain le hatmaisféar dearfach agus seomraí ranga dea-eagraithe a chur chun cinn feasacht na múinteoirí maidir le hidirghabhálacha sa seomra ranga, monatóireacht leanúnach ar na daltaí, na ceachtanna a eagrú ag luas oiriúnach, agus úsáid a bhaint as moladh cuí.

Ba dhúshlán suntasach é mí-iompar daltaí do mhúinteoirí i mbeagán beag de sheomraí ranga. Bhí an cur isteach leanúnach agus neamhaird ag briseadh isteach ar an teagasc go minic. I measc na laigí is mó i gcur chuige a aithníodh do bhainisteoireacht an tseomra ranga bhí easpa soiléireachta maidir le spriocanna agus struchtúr na gceachtanna, úsáid a bhaint as cur chuige mí-oiriúnach teagaisc agus caitheamh le cur isteach beag mar shárú mór ar rialacha an tseomra ranga. I mbeagán cásanna nuair a bhí gníomhaíocht sa seomra ranga múinteoirlárnaithe cuireadh bac ar dheiseanna ar idirghabhálacha éifeachtúla idir dhaltaí.

Bhí timpeallacht "saibhir le hábhair mhatamaitice," is é sin timpeallacht ina raibh fáil mhaith ar acmhainní matamaitice i gcomhair teagaisc agus foghlama, i dtuairim is leath de na seomraí ranga ar tugadh cuairt orthu. I roinnt ranganna saibhríodh an timpeallacht trí limistéar ar leith don mhatamaitic a chruthú agus trí thaispeántais shoiléire d'ábhair léiritheacha a dhéanamh. Luaigh cigirí go raibh roinnt samplaí an-mhaith de chairteacha míniúcháin éifeachtúla agus de dhea-eagrúchán na n-acmhainní i mbeagán níos mó ná leath de na suímh ranga.

I gcéatadán suntasach de na seomraí ranga cuireadh béim ar an easpa cairteacha curaclaim agus ábhair ghrafacha chun cuidiú le cur i láthair an cheachta sa mhatamaitic agus an soláthar teoranta ábhair choincréiteacha mar limistéir shuntasacha a bhfuil gá le feabhas a dhéanamh orthu. In dhá dtrian de na suímh ranga thuairiscigh na cigirí go raibh scóp ann chun forbairt a dhéanamh ar an taispeántas de shaothar na leanaí sa mhatamaitic agus in úsáid acmhainní TFC chun cur le foghlaim.

6.3.2 Caighdeán an teagaisc

Nuair a rinneadh tuairisc air, chaith beagnach gach múinteoir am feiliúnach ag teagasc uimhearthachta. Dúirt cigirí gur baineadh úsáid as réimse de stíleanna teagaisc agus modh-eolaíochtaí teagaisc, lena n-áirítear ceisteanna a thagann ón múinteoir agus obair i ngrúpaí nuair a bhí comhoibriú i measc na ndaltaí mar thréith aige. Bhí na tréithe seo a leanas ag teagasc maith: cumarsáid mhaith faoi ionchais shoiléire, tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim na ndaltaí tríd an gceacht, agus comhoibriú idir na daltaí agus an múinteoir. D'úsáid níos mó ná trí cheathrú de na múinteoirí ranga luas cuí ina gceachtanna, agus thug siad gníomhaíochtaí feiliúnacha do na leanaí le déanamh. Bhain formhór na múinteoirí úsáid as modheolaíochtaí gníomhaíochta ina n-úsáideann na daltaí ábhair choincréiteacha. Níor éirigh ach le ceathrú de na múinteoirí a dteagasc a chur in oiriúint d'inniúlachtaí aonair na ndaltaí.

Chuir formhór na múinteoirí béim inmholta ar fhorbairt na teanga matamaitice, ar fhiricí a fhoghlaim, agus ar scileanna meastacháin a bhunú. Rinne múinteoirí monatóireacht ar obair na

ndaltaí go rialta. Tugann an ráiteas seo ó chigire amháin cur síos ar obair múinteoirí ar an leibhéal is airde:

> *Tá béim inmholta curtha ar nasc idir uimhir agus cruth, agus glacann daltaí páirt ghníomhach ina gcuid foghlama. Bíonn teagasc an ranga ina iomláine go maith. Déantar obair i ngrúpaí agus le daoine aonair más gá. Tugtar spreagadh do dhaltaí machnamh a dhéanamh faoin matamaitic.*

Bhí scóp mór ann chun forbairt a dhéanamh ar chleachtadh i dtuairim is ceathrú de na suímh seomraí ranga. Ba ghnéithe den chleachtadh iad a raibh scóp ann chun forbairt a dhéanamh orthu plé a raibh an mhúinteoir i bhfeighil air, teagasc an ranga ina iomláine, agus úsáid neamhleor a bhaint as ábhair choincréiteacha le linn na gceachtanna. Sna cásanna sin tugadh spreagadh do mhúinteoirí níos mó béime a chur ar úsáid ábhair ionramhála agus deiseanna eile a chur ar fáil ar rannpháirtíocht na ndaltaí. Cuireadh imní in iúl faoin easpa obair thraschuraclaim a bhí eagraithe ag na múinteoirí.

6.3.2 Caighdeán na foghlama

Measadh go raibh caighdeán foghlama na ndaltaí lag sa mhatamaitic i móramh na suíomh ranga a ndearnadh meastóireacht orthu. Thuairiscigh na cigirí gur thosaigh formhór na ndaltaí amach go maith ag foghlaim na matamaitice sna ranganna naíonán agus sna ranganna sóisearacha áit ina raibh treoir mhaith ag gníomhaíochtaí an mhúinteora agus inar éascaíodh foghlaim na ndaltaí trí úsáid fhairsing a bhaint as ábhair choincréiteacha. Mar sin féin, cé gur luaigh cigirí go raibh réimsí gnóthachtála maithe ag daltaí sa mhatamaitic sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha, d'aithin siad roinnt réimsí deacrachta freisin. Ina measc sin bhí drochthuiscint ar luach áite agus drochscileanna meastacháin agus réiteach fadhbanna, agus ní raibh fíricí bunúsacha faoi uimhreacha ar eolas ag 44% de na leanaí. Bhí níos mó ná leath na ndaltaí (54%) in ann ríomh go cruinn. I móramh na seomraí ranga níor cuireadh béim chuí ar thascanna a idirdhealú chun freastal ar riachtanais aonair agus ar dheiseanna a chur ar fáil do na daltaí ar an mhatamaitic a fhoghlaim trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Thug cigirí le fios nach raibh coincheapa daingnithe agus go raibh deacracht ag daltaí cuimhneamh ar ábhar a teagascadh dóibh sna seachtainí roimhe sin. Rinne cigirí tagairt don easpa daingnithe agus athbhreithnithe, agus fuair siad nach raibh naisc idir na sraitheanna sa mhatamaitic bunaithe ach ag níos lú ná leath de na múinteoirí.

Dúirt cigirí go raibh móramh na gceachtanna matamaitice ar breathnaíodh orthu éifeachtúil ach nach raibh cobhsaíocht idir teagasc agus torthaí foghlama na ndaltaí. Thuig na múinteoirí go raibh gnóthachtáil na ndaltaí sa mhatamaitic ar leibhéal íseal, agus dúirt níos lú ná leath de na múinteoirí a ndearnadh agallamh orthu go raibh feabhas tar éis teacht ar eispéiris foghlama na ndaltaí. Nuair a tugadh feabhsuithe faoi deara rinneadh tagairt d'fhás leibhéal muiníne na ndaltaí. Cheap múinteoirí gur tháinig an feabhas seo ó níos mó béime a bheith curtha ar fhorbairt teanga ó bhéal.

Nuair nach raibh dul chun cinn á dhéanamh ag na daltaí nó nuair nach raibh siad ag fáil máistreacht ar scileanna matamaitice bhí fianaise ann de sholáthar neamh-chomhordaithe d'uimhearthacht, drochthimpeallachtaí foghlama, easpa uirlisí agus straitéisí measúnaithe, brath an iomarca ar théacsleabhair agus leabhair oibre, agus drochphleanáil i gcomhair ceachtanna.

6.4 Measúnú

Ní raibh ach ceathrú do na scoileanna tar éis cur chuige comhleanúnach agus córasach a fhorbairt i leith measúnú a dhéanamh ar dhaltaí. Rinne formhór na scoileanna tástáil chaighdeánaithe de chineál éigin go bliantúil, ach ní dhearnadh aon athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha seo mar chuid den phróiseas pleanála, agus níor tugadh faisnéis mheasúnaithe le chéile agus ní dhearnadh anailís uirthi ar leibhéal na scoile ina hiomláine. Luaigh cigirí nuair a raibh cóipeanna de thorthaí an ranga sna tástálacha caighdeánaithe ag na múinteoirí nár baineadh úsáid as an bhfaisnéis seo chun idirghabhálacha a phleanáil do dhaltaí nár éirigh go maith leo sna tástálacha. Bhí cothabháil na faisnéise measúnaithe agus coinneáil taifead maidir le daltaí aonair lag i níos mó ná dhá dtrian de na ranganna. Níor coinníodh torthaí de mheasúnuithe múnlaitheacha agus críochnaitheacha i dtaifid na ndaltaí aonair. Ní raibh dea-chleachtas i gcothabháil taifead dea-eagraithe a raibh sé éasca teacht orthu agus a bhí stóráilte go sábháilte le feiceáil ach i níos lú ná leath de na seomraí ranga.

6.5 Tacaíocht a thabhairt do leanaí le deacrachtaí foghlama

I mbeagán scoileanna mhol na cigirí an soláthar a bhí ann do dhaltaí le riachtanais foghlama sa mhatamaitic. Bhí baint ag cleachtadh éifeachtúil le comhordú maith idir obair na múinteoirí ranga agus obair na múinteoirí tacaíochta foghlama agus le forbairt agus cur i bhfeidhm pleananna aonair do dhaltaí. I gcás amháin de dhea-chleachtas chuir an múinteoir tacaíochta tacaíocht ar fáil do dhaltaí sa seomra ranga. I leath de na scoileanna, áfach, thuairiscigh cigirí nach raibh soláthar tacaíochta foghlama ar fáil do dhaltaí a raibh riachtanais foghlama acu san uimhearthacht.

Dúirt go leor cigirí go raibh easpa pleananna ann a bhí pleanáilte do dhaltaí aonair a raibh deacrachtaí foghlama acu sa mhatamaitic. Ní raibh mórán tagairtí do phróifílí aonair agus cláir foghlama. Rinne roinnt cigirí tagairt don easpa idirdhealaithe a bhí ann maidir le freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí aonair, fiú nuair a fuair na daltaí am agus aird ar bhonn aonair.

I bhformhór na suíomh chuir cigirí béim ar an ngá atá ann le cur chuige níos comhordaithe agus lánpháirtithe do dhaltaí le riachtanais foghlama san uimhearthacht. Cé go n-oibríonn múinteoirí le chéile go neamhfhoirmiúil, mhol cigirí go raibh comhoibriú níos fearr idir múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta foghlama riachtanach i bpleanáil agus i soláthar cláir tacaíochta dírithe. Aithníodh rannpháirtíocht múinteoirí ranga i bpleanáil dhírithe do dhaltaí le riachtanais tacaíochta foghlama mar réimse lena mbaineann laige ar leith.

I suíomh amháin léirigh cigirí imní faoi leanaí aonair ag fáil tacaíochta ó roinnt múinteoirí. Dúirt leanbh amháin: "Ní bhfuair mé deis ar é seo a chríochnú, mar go gcaithfidh mé dul ag triúr múinteoirí." Léiríonn an ráiteas seo go bhfuil gá le heispéireas lánpháirtithe agus comhordaithe oideachasúil a chinntiú do dhaltaí agus go bhfuil freagracht ar an scoil déanamh cinnte go gcuireann múinteoirí droichead éifeachtúil ar fáil idir an clár tacaíochta breise agus obair an linbh ina shuíomh ranga.

6.6 Peirspictíochtaí na múinteoirí ar theagasc agus fhoghlaim san uimhearthacht

Léirigh a lán de na múinteoirí agus na príomhoidí a bhí faoi agallamh mar chuid den mheastóireacht seo go raibh easpa tacaíochta sa bhaile maidir le huimhearthacht agus gur chuir sé seo bac tromchúiseach ar dhul i bhfeabhas. Tá scileanna uimhearthachta mórán tuismitheoirí an-lag, dar leis na múinteoirí, agus dá bhrí sin ní bhíonn siad in ann cúnamh a thabhairt dá leanaí. Chum roinnt scoileanna faoi stiúir comhordaitheoirí teagmhála baile-scoil-pobal straitéisí chun cúiteamh a dhéanamh san fhadhb seo. I gcás amháin tugadh isteach gníomhaíochtaí "spraoi sa mhatamaitic," agus tá scoil eile ag forbairt físeáin a bhfuil sé mar aidhm aige treoir a thabhairt do thuismitheoirí cabhrú lena leanaí a n-obair bhaile a chríochnú.

D'iarr múinteoirí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta níos mó tacaíochta a thabhairt d'uimhearthacht trí oiliúint agus pearsanra a chur ar fáil. D'iarr múinteoirí, go háirithe ó scoileanna sóisearacha, tríú bliain a thabhairt isteach do dhaltaí naíonán. Rinne siad an argóint go ligfeadh sé seo do scoileanna dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le moill teanga, agus creidtear gurb é seo ceann de na bunchúiseanna le deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta.

Achoimre ar thuairimí a bhaineann le teagasc agus foghlaim: Uimhearthacht

Go ginearálta, bhí baint ag dea-chleachtas i gceachtanna matamaitice le pleanáil a dhéanamh go cuspóireach, tascanna foghlama a bhí struchtúrtha go maith, úsáid a bhaint as meascán oiriúnach de theagasc an ranga ina iomláine, an ghrúpa, agus teagasc aonair, agus cleachtais mhaithe mheasúnaithe. Ghlac daltaí páirt sna tascanna a fuair siad le déanamh go díograiseach, agus thaispeáin siad go raibh tuiscint chuí acu ar theanga agus choincheapa matamaitice. Tá sé suimiúil, áfach, nach ndearna aon chigire tagairt do chaighdeáin ghnóthachtála an-ard, fiú nuair a tuairiscíodh na cleachtais teagaisc is fearr.

Dúirt cigirí go raibh roinnt múinteoirí ag cloí go dlúth le roinnt príomhphrionsabal ón gcuraclam, ar nós modhanna gníomhaíochta agus an úsáid cheart a bhaint as acmhainní le béim oiriúnach curtha ar an teanga mhatamaitice. Cé go raibh ceachtanna curtha ar bun go cuspóireach, agus cé go raibh siad éifeachtúil, bhí eolas na ndaltaí tríd is tríd maidir le réimsí tábhachtacha an churaclaim mhatamaitice sách teoranta. Thug na rudaí seo a leanas le fios nár éirigh le daltaí tuiscint iomlán a fháil ar na gnéithe tábhachtacha seo den chlár: easpa tuisceana ar shlánuimhir agus luach áite, drochthuisicnt ar an gcóras deachúil agus na naisc atá ann le codáin agus céatadáin, agus droch-chuimhne ar eolas bunúsach a bhaineann le tomhas.

I mionlach ranganna, thuairiscigh cigirí faoi dhrochphleanáil, easpa acmhainní teagaisc leor-dhóthanacha, agus beagán tuisceana ar phrionsabail ar nós foghlaim ó thaithí, fionnachtain threoraithe, idirdhealú, agus an úsáid cheart a bhaint as teanga mhatamaitice. Sna ranganna seo thug cigirí faoi deara nach raibh mórán béime curtha ar mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn fiúntach na ndaltaí.

Moltaí sonracha

Is í seo a leanas achoimre ar na príomh-mholtaí a rinne na cigirí tar éis dóibh cuairteanna a thabhairt ar sheomraí ranga:

Timpeallacht an tseomra ranga

- Maidir le thart ar leath de na scoileanna, rinne cigirí tagairt don riachtanas atá ann timpeallacht a chruthú a chuirfeadh tacaíocht ar fáil chun coincheapa a bhí sna ceachtanna matamaitice a dhaingniú.
- Tá sé riachtanach níos mó den obair a rinne na daltaí san uimhearthacht a chur ar taispeáint.

Pleanáil

- Ba chóir cur síos a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc i bplean na scoile, agus, chomh fada agus atá sé cuí, ba chóir do mhúinteoirí na modheolaíochtaí agus na straitéisí a chur i bhfeidhm ina dteagasc, chun a chinntiú go mbeidh leanúnachas i bpleanáil na foghlama ó leibhéal ranga go leibhéal ranga.
- Ba chóir go mbeadh an phleanáil níos mine, agus ba chóir dó spriocanna foghlama sonracha maidir le ham a leagadh síos. Ba chóir monatóireacht a dhéanamh agus tuairisc a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach agus tuairisc a dhéanamh air.
- Bíonn leibhéal níos airde idirdhealaithe de dhíth ar roinnt daltaí, agus ba chóir go mbeadh sé seo mar chuid den phleanáil fhoirmiúil i gcomhair an tseomra ranga. Ina theannta moltar forbairt agus úsáid a bhaint as IPLP do leanaí aonair sna ranganna.
- Ba chóir go mbeadh nasc níos fearr idir an curaclam, plean na scoile, agus pleanáil fhad-tréimhseach agus ghearrthréimhseach na múinteoirí.

Teagasc agus foghlaim

- Tá gá ann le cleachtadh fairsing chun scileanna matamaitice a fhorbairt laistigh de shraitheanna uile an churaclaim, agus ba chóir tabhairt faoi theagasc na bpróiseas matamaitice ar nós tuiscint agus meabhrú agus úsáid a bhaint as straitéisí agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar bhealach córasach.
- Ba chóir daltaí a spreagadh chun úsáid a bhaint as réimse straitéisí réasúnaíochta agus fadhbréiteach. Ba chóir tascanna fadhbréiteacha atá bunaithe ar riachtanais foghlama agus eispéiris na ndaltaí a chur ar fáil. Níor chóir eispéiris foghlama sa limistéar seo a choinneáil ag an réimse teoranta d'fhadhbanna a chuirtear ar fáil in ábhair téacsleabhar.
- Ba chóir níos mó béime a chur ar luach áite agus obair le deachúla agus codáin, agus ba chóir níos mó airde a dhíriú ar an nasc idir coincheapa agus cur i bhfeidhm na gcoincheap.
- Moltar nasc a chruthú idir shraitheanna uile an churaclaim.
- Ba chóir tascanna foghlama a idirdhealú chun difríochtaí aonair a chur san áireamh sa chaoi go mbeidh eispéireas ag daltaí inar éirigh leo.
- Tá comhoibriú níos fearr idir múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta ag teastáil.

Measúnú

- Ba chóir anailís a dhéanamh ar thástálacha caighdeánaithe agus iad a phlé ar bhonn na scoile ina hiomláine. Ba chóir go mbeadh torthaí na ndaltaí sna tástálacha seo agus i dtástálacha atá cumtha ag an múinteoir agus measúnuithe múnlaitheacha mar fhócas tionscnamh straitéiseach sa scoil.
- Ba chóir níos mó béime a chur ar thaifead a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí sa mhatamaitic.

Tá gá le comhoibriú foirmiúil idir múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta maidir le cláir teagaisc bhreise dhírithe a phleanáil agus a chur ar fáil atá nasctha le agus a chuireann le hobair an pháiste sa seomra ranga.

7 Measúnú a dhéanamh ar litearthacht agus uimhearthacht

7.1 Cur chuige ar bhonn na scoile ina hiomláine i leith daltaí a mheasúnú

Rinneadh roinnt plé ar shaincheisteanna a bhaineann le measúnú múnlaitheach agus críochnaitheach sna caibidlí roimhe seo. Tá na próisis mheasúnaithe ríthábhachtach chun go n-éireoidh le teagasc agus foghlaim. Cuireann an chaibidil seo anailís bhreise ar na torthaí ar fáil, agus déanann sí scrúdú ar na himpleachtaí le haghaidh cleachtais i scoileanna.

In *An Curaclam Bunscoile—Réamhrá* (1999) tá an tuairim go bhfuil measúnú lárnach don phróiseas teagaisc agus foghlama.

> *"Baintear feidhm as chun próisis fhoghlama a fhaire agus chun gnóthachtáil a thomhas i ngach achar den churaclam. Tríd an measúnú cruthaíonn an múinteoir samhail chuimsitheach de riachtanais fhoghlama an pháiste, idir ghearrthéarmach is fhadtéarmach, agus pleanálann sé/sí obair don todhchaí. Baintear feidhm as an measúnú freisin chun páistí a mbíonn sainmhíchumais fhoghlama iontu a aithint sa chaoi gur féidir an tacaíocht agus an chabhair a bhíonn de dhíth orthu a aithint, agus straitéisí agus cláir fhoghlama chuí a sholáthar dóibh chun go mbeidh ar a gcumas na deacrachtaí faoi leith a bhíonn acu a shárú."*

Tá céatadán suntasach níos airde de leanaí a fuair torthaí laistigh den chúigiú is ísle sna tástálacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta sa dá scoil déag atá sa mheastóireacht seo. I roinnt cásanna tá an leibhéal íseal gnóthachtála tromchúiseach. Mar sin, iarradh ar chigirí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta na scoile maidir le measúnú ar leibhéal na scoile ina hiomláine, ar leibhéal an ranga aonair, agus ar leanaí a fhreastalaíonn ar theagasc tacaíochta foghlama nó teagasc acmhainne.

Rinne móramh na scoileanna tástálacha caighdeánaithe de shaghas éigin chun fáil amach faoi inniúlachtaí na leanaí sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic. Baineadh úsáid as gléasanna tástálacha éagsúla chun faisnéis a chur ar fáil faoi chumas na ndaltaí tríd is tríd agus chun daltaí a scagadh sna blianta tosaigh den scoil. Go ginearálta, riar na múinteoirí ranga i gcomhar le múinteoirí tacaíochta foghlama na dtástálacha seo. D'athraigh minicíocht na dtástálacha ó scoil go scoil, agus rinne móramh na scoileanna tástáil go bliantúil. Baineadh úsáid as foirmeacha eile de mheasúnaithe sna scoileanna, ar nós na tástálacha a chum na múinteoirí iad féin, seicliostaí de choincheapa nó de scileanna a fuair na daltaí máistreacht orthu, breathnóireacht neamhfhoirmiúil na múinteoirí iad féin, tástálacha a thagraíonn do chritéir, próifílí na múinteoirí, scrúduithe cainte, samplaí d'obair na ndaltaí, tástálacha i leabhair oibre nó téacsleabhair, tionscadail, sceidil bhreathnóireachta urlabhartha agus teanga, agus réimse tástálacha diagnóiseacha.

Cuireadh imní in iúl go raibh scóp suntasach ann d'fhorbairt i bhformhór na gcáispéisí pleanála don scoil ina hiomláine a ndearnadh athbhreithniú orthu, agus moladh beartas ar mheasúnú don scoil ina hiomláine agus taifid a choinneáil a chur le chéile. Mhol cigirí gur chóir machnamh a dhéanamh ar chur chuige córasach a fhorbairt maidir le measúnú a dhéanamh ar dhaltaí i bplean na scoile, agus d'fhéadfadh sé seo a bheith léirithe i bpleananna na múinteoirí. Agus beartas scoile ar mheasúnú agus choinneáil taifid á bhforbairt bheadh sé riachtanach a léiriú cén chaoi agus cén uair

a bhféadfaí na huirlisí difriúla measúnaithe a úsáid, cén chaoi a ndéanfaí taifead ar dhul chun cinn na leanaí, agus cén chaoi agus cén áit a mbeadh na taifid sin stóráilte. Cé gur thug na scoileanna roinnt aiseolais do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a leanaí, ní raibh forbairt déanta ar chleachtas ann de thuairisc inscoile a thabhairt i leith torthaí measúnaithe.

I mbeagán scoileanna bhí cur chuige comhleanúnach córasach ann den scoil ina hiomláine i leith measúnú a dhéanamh ar dhaltaí, agus bhí sárchleachtas ann maidir le sonraí measúnuithe a úsáid. Sna suímh sin sholáthair taifid dhul chun cinn na leanaí an fócas do thionscnaimh straitéiseacha tríd an scoil, agus bhí cur chuige níos éifeachtúla maidir le hidirdhealú sa churaclam agus teagasc dírithe mar thoradh air.

7.2 Measúnú ag leibhéal ranga

I mionlach suntasach de sheomraí ranga bhí fianaise ann de dhea-chleachtas maidir le réimse na n-uirlisí meastóireachta ar baineadh úsáid astu. Áiríodh orthu sin monatóireacht a dhéanamh ar obair scríofa go minic, breathnóireacht an mhúinteora, tascanna cumtha ag an múinteoir, monatóireacht a dhéanamh ar obair bhaile, anailís ar bhotúin, seicliostaí chun dul chun cinn a thaifead maidir le máistreacht a fháil ar chuspóirí sonracha, samplaí d'obair leanaí, tástálacha caighdeánaithe, agus tástálacha diagnóiseacha.

Nuair a tugadh cleachtas cumasach faoi deara rinne cigirí tagairt do chothabháil agus athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid na leanaí aonair, aird a dhíriú ar idirdhealú agus phleananna fadtréimhseacha agus gearrthréimhseacha a cheangail torthaí foghlama leanaí, cur chuige teagaisc, agus úsáid a bhaint as acmhainní curaclaim. Go ginearálta, thug formhór na ráiteas meastóireachta a rinne cigirí le fios go bhfuil beartas agus cleachtas measúnaithe mar ghnéithe den soláthar a bhfuil gá aghaidh a thabhairt orthu agus feabhas suntasach a dhéanamh orthu. Mhol siad gur chóir tástáil a thagraíonn do chritéir a dhéanamh go córasach chun aiseolas éifeachtúil a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le cláir litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm agus gur chóir go mbeadh gnóthachtáil na leanaí mar a thomhaiseann na huirlisí measúnaithe éagsúla í mar fhócas do phleanáil i gcomhair an tseomra ranga.

Réimse a tháinig chun cinn go minic i moltaí na gcigirí ba ea idirdhealú sa churaclam a dhéanamh bunaithe ar mhionscrúdú ar thorthaí na measúnuithe. Moladh gur chóir beartais éifeachtúla le haghaidh idirdhealaithe sa churaclam ar leibhéal na scoile ina hiomláine a fhorbairt, agus cuireadh béim ar an ngá atá le comhoibriú níos fearr idir múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta foghlama nó múinteoirí acmhainne. I móramh na suíomh ranga moladh go raibh gá le pleanáil spriocdhírithe níos éifeachtúla le haghaidh riachtanais foghlama na leanaí aonair sa mhatamaitic. Moladh go raibh gá le nasc a chruthú idir leagadh síos na spriocanna, cuspóirí a bhaint amach, agus nós imeachta éifeachtúil monatóireachta agus measúnaithe. Luaigh cigirí gur leanadh cláir nach raibh oiriúnach do riachtanais leanaí i gcásanna áirithe, agus moladh go mbainfeadh múinteoirí tairbhe as fáil ar shaineolas seachtrach chun cuidiú leo a gcumas féin a fhorbairt maidir le cláir a phleanáil do leanaí a bhaineann gnóthachtáil íseal amach sa litearthacht agus sa mhatamaitic.

Bhí dlúthnasc idir na moltaí faoi mheasúnú agus an gá a bhí le níos mó airde a dhíriú ar dhul chun cinn gach linbh agus pictiúr soiléir a bheith ann do láidreachtaí agus laigí aonair. Tugadh spreagadh do scoileanna cur chuige comhleanúnach a úsáid a chinnteodh go mbainfí úsáid as réimse uirlisí cuí measúnaithe a mbeadh tionchar acu ar phleanáil le haghaidh forbairt múnlaitheach in idirghníomhaíocht na ndaltaí le scileanna agus coincheapa matamaitice. Níl sé i gceist go gcuirfeadh beartais agus cleachtais measúnaithe le tascanna riaracháin múinteoirí, príomhoidí, múinteoirí

tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne. Ba chóir go dtarlódh measúnú go minic agus go mbeadh sé éagsúil agus mar dhlúthchuid den timthriall teagaisc agus foghlama, in áit cur isteach ar an am teagaisc. Ba chóir go mbeadh tionchar as torthaí an mheasúnaithe ar chleachtais teagaisc agus go bhfeabhsóidís foghlaim na ndaltaí a fheabhsú. Léirigh an mheastóireacht seo nach raibh sé seo ag tarlú mar ba chóir sna scoileanna seo.

7.3 Measúnú ar leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus riachtanais speisialta oideachais

Go ginearálta, aithníodh cleachtas cumasach agus éifeachtúil mhóramh na múinteoirí acmhainne agus na múinteoirí tacaíochta foghlama maidir le measúnú. Áiríodh ar ghnéithe de dhea-chleachtas caighdeán ard phróifílí aonair na ndaltaí nuair a thaispeáin múinteoirí acmhainne go raibh tuiscint shoiléir acu ar riachtanais na ndaltaí agus a bhféidearthacht, gur aithin siad go soiléir láidreachtaí an linbh aonair, agus gur aithin siad spriocanna cuí foghlama do na daltaí seo. Cuireadh béim ar dhea-chleachtas nuair a choinnigh múinteoirí tacaíochta taifid fheiliúnacha de dhul chun cinn na leanaí agus taifid mionsonraithe ar an gclár teagaisc bhreise. Bhain teagasc tacaíochta foghlama agus acmhainne éifeachtúla úsáid as réimse modhanna cuí measúnaithe, agus bhain siad úsáid as torthaí na measúnaithe chun cur leis an teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs an teagaisc bhreise. Tugadh easpaí faoi deara i mionlach suíomh nuair nach raibh na torthaí measúnaithe nasctha le próifílí aonair na ndaltaí agus pleananna foghlama mar a moladh sa *Learning-Support Guidelines* (2000).

7.4 Moltaí sonracha

Is achoimre é an méid seo a leanas ar mholtaí a rinne cigirí maidir le measúnú:

- Ba chóir do phlean na scoile beartas measúnaithe na scoile a chur in iúl agus an chaoi a dtabharfaidh na múinteoirí faoi éagsúlacht teicníochtaí measúnaithe ina seomraí ranga a leagadh amach. Ba chóir don bheartas cur síos a dhéanamh ar mhinicíocht an mheasúnaithe, agus ba chóir aontú ar chleachtais na scoile ina hiomláine a chinnteoidh go ndéanfar measúnú mar dhlúthchuid den timthriall teagaisc agus foghlama.
- Ba chóir do bheartas measúnaithe na scoile monatóireacht éifeachtúil agus taifead ar dhul chun cinn na leanaí a chur ar fáil.
- Tá cur chuige córasach maidir le measúnú ag teastáil a éascóidh cur le chéile rialta na faisnéise maidir le dul chun cinn na ndaltaí uile.
- Ba chóir go mbeadh tionchar ag torthaí an mheasúnaithe ar phleanáil i gcomhair an tseomra ranga agus cur i bhfeidhm cláir teagaisc chórasacha a dhíríonn ar scil agus choincheap a fhorbairt sa litearthacht agus san uimhearthacht a sholáthraíonn aiseolas maidir le foghlaim na ndaltaí agus éifeachtúlacht chur i bhfeidhm na gclár litearthachta agus uimhearthachta.
- Tá gá ann le nasc a chruthú idir spriocanna a leagadh síos ar leibhéal an dalta aonair agus leibhéal an ranga, gnóthachtáil cuspóirí curaclaim sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus nós imeachta monatóireachta agus measúnaithe éifeachtúil.
- Ba chóir anailís a dhéanamh ar na scóir i dtástálacha caighdeánaithe, agus ba chóir iad a phlé ar bhonn na scoile ina hiomláine. Ba chóir go mbeadh torthaí na leanaí sna tástálacha seo agus tástálacha a chumann na múinteoirí mar fhócas tionscnamh straitéiseach tríd an scoil, agus ar an gcaoi sin d'éascófaí cur chuige níos éifeachtúla i leith idirdhealaithe sa churaclam.
- Ba chóir cúrsaí forbartha gairmiúla ar chleachtais mheasúnaithe mhúnlaitheacha a sholáthar do mhúinteoirí uile i scoileanna faoi mhíbhuntáiste. Sainaithníonn taighde go gcuireann sé seo le caighdeán foghlama na ndaltaí a bhaineann leibhéal íseal gnóthachtála amach.

Tagann deachleachtas i gceachtanna matamaitice ó phleanáil cheart, gníomhaíochtaí foghlama atá struchtúrtha, úsáid raon de mhodheolaíochtaí feiliúnacha agus cur chuige atá comhleanúnach le measúnú a dhéanamh ar dhaltaí.

8 Príomhthorthaí agus moltaí

Déanann an chaibidil seo cur síos ar phríomhthorthaí agus mholtaí na meastóireachta litearthachta agus uimhearthachta.

8.1 Príomhthorthaí na meastóireachta

8.1.1 Ceannaireacht agus bainisteoireacht straitéiseach na scoile

Tá impleachtaí ag an scála gnóthachtála ísle sa litearthacht agus san uimhearthacht araon, a léirítear sa mheastóireacht seo, do bhoird bhainisteoireachta, do phríomhoidí scoile, agus d'fhoirne bainisteoireachta inscoile. Ní mór dá dtasc lárnach ceannaireachta cultúr na n-athruithe agus na bhfeabhsúchán a chur chun cinn agus a fheabhsú. Ní mór do bhoird bhainisteoireachta, príomhoidí agus foirne bainisteoireachta inscoile cur síos a dhéanamh ar straitéis shoiléir chun caighdeáin a fheabhsú, agus ní mór an cur chuige sin a a chur in iúl do phobal na scoile. Cuireann an tasc seo éilimh ar bhoird bhainisteoireachta, ar na príomhoidí agus ar mhúinteoirí a mbíonn poist dualgas speisialta acu. Bíonn deacrachtaí faoi leith ag príomhoidí scoile ar scoileanna níos lú a ainmnítear mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste agus a mbíonn dualgais teagaisc lánaimseartha acu chomh maith lena ról ceannaireachta sa scoil.

Thuairiscigh móramh na bpríomhoidí go raibh post dualgas speisialta sa scoil a bhain le litearthacht agus le huimhearthacht, agus bhíothas ag súil go dtugadh na sealbhóirí poist seo treoir d'athruithe i modheolaíochtaí teagaisc. Cé go bhfuil na poist sin ann, áfach, níor thug ach fíorbheagán scoileanna a raibh baint acu leis an meastóireacht freagrachtaí sonracha do mhúinteoirí a bhain le forbairt a dhéanamh ar chur chuige éifeachtúil sa teagasc agus san fhoghlaim nó feabhsuithe a chur i bhfeidhm sa litearthacht agus san uimhearthacht a chur i bhfeidhm. Níor baineadh féidearthacht na bpríomhoidí agus na foirne amach ina n-iomláine i bhformhór na scoileanna maidir le ceannaireacht curaclaim a chur ar fáil agus cuidiú le próiseas feabhsúcháin na scoile ina hiomláine.

8.1.2 Pleanáil don scoil ina hiomláine

Thug na scoileanna uile aghaidh ar phleanáil don scoil ina hiomláine. Tá an méid a phleanálann scoileanna go straitéiseach trí spriocanna forbartha na scoile agus tosaíochtaí teagaisc agus foghlama a aithint teoranta, mar a rinneadh cur síos air i gcaibidlí 4–6. Mothaíonn roinnt múinteoirí easpa idirghníomhaíochta leis an bpróiseas pleanála, agus i roinnt cásanna braitheann siad go gcuirtear pleananna agus beartais scoile le chéile uaireanta mar go mbíonn gá leo faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair seachas a bheith mar chuid d'fhreagairt straitéiseach ar fhíor-riachtanais na scoile. Go ginearálta, ní bhíonn pleanáil na múinteoirí nasctha go leor le beartais na scoile, agus ní thugann sé an bunús le haghaidh fhorfheidhmiú córasach na gclár teagaisc agus foghlama atá de dhíth i gcomhthéacs dúshlánach teagaisc.

8.1.3 Forbairt ghairmiúil múinteoirí

Is réimse í forbairt ghairmiúil múinteoirí a bhfuil gá le feabhas suntasach a dhéanamh air. Dúirt móramh na múinteoirí a bhí faoi agallamh nár ullmhaigh a n-oiliúint agus a n-oideachas iad don dúshlán a bhain le bheith ag teagasc i dtimpeallacht faoi mhíbhuntáiste. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo nuair a chuirtear san áireamh go raibh trí bliana taithí nó níos lú ag trian de na

múinteoirí sa sampla a ndearnadh athbhreithniú air. Ina theannta sin, dúirt roinnt múinteoirí nach raibh aon chur amach acu ar na cúrsaí a bhí ar fáil a mbeadh chun a leasa ó thaobh scileanna a fhorbairt i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta. Ní dheachthas i ngleic le saincheist lárnach forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus foireann tacaíochta ar leibhéal na scoile ina hiomláine, trí na boird bhainisteoireachta, nó tríd an bpríomhoide agus tríd an bhfoireann bainisteoireachta inscoile. Faigheann a lán scoileanna tacaíocht ó sheirbhísí ar nós Chlár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile (PCSP), Seirbhís Réigiúnach Tacaíochta Curaclaim (RCSS), agus tionscnamh na Seirbhíse Tacaíochta um Pleanáil Scoile (SDPS). Cuireann roinnt lárionaid oideachais tacaíocht luachmhar d'fhorbairt ghairmiúil ar fáil. Bíonn rannpháirtíocht múinteoirí ar bhonn deonach aonair go minic. Dá bhrí sin tá gá le cláir forbartha gairmiúla scoilbhunaithe a phleanáil a thabharfadh tacaíocht d'fhreagraí intuigthe bunaithe ar an scoil ina hiomláine ar riachtanais agus chomhthéacsanna ar leith gach aon scoil.

8.1.4 Caighdeán teagaisc agus foghlama san uimhearthacht

Mar gheall ar na riachtanais foghlama aonair a bhíonn ag leanaí sna scoileanna ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste tá gá le sárchleachtas teagaisc agus le pleanáil ar an gcaighdeán is fearr. Le linn na meastóireachta bhí sé soiléir nár aithin nó nár thug ach cuid de na scoileanna go leor tiomantais dá gcláir litearthachta agus uimhearthachta a chur in oiriúint chun go mbainfí an leas is fearr ab fhéidir a bhaint as féidearthacht na leanaí. D'aithin na scoileanna an gá atá le spriocanna ama sonracha a leagadh síos mar chuid den timthriall teagaisc agus foghlama, agus bhain siad úsáid as uirlisí éagsúla measúnaithe chun cur lena gcláir teagaisc. Theastaigh tacaíocht saineolaithe seachtracha ó roinnt scoileanna, agus thug siad cláir shonracha isteach a bhí dírithe ar chaighdeán litearthachta agus uimhearthachta a ardú.

Bhí sé soiléir ón meastóireacht seo, áfach, nach ndéanann múinteoirí machnamh iomlán ar chéimeanna forbartha na leanaí a mhúineann siad i mionlach tábhachtach cásanna, nó nach mothaíonn siad go bhfuil sé ar a gcumas aghaidh a thabhairt orthu. Ba dhíol imní é an easpa naisc idir pleananna don scoil ina hiomláine i gcomhair na litearthachta agus uimhearthachta, ullmhúcháin aonair na múinteoirí agus cleachtas sa seomra ranga sa réimse seo. Eagraíodh ábhar na gceachtanna agus gníomhaíochtaí foghlama go minic mar ghníomhaíochtaí don rang ina iomláine, agus níor cuireadh ábhair nó gníomhaíochtaí in oiriúint do riachtanais nó chumais na ndaltaí. Cé gur thug na cigirí tuairiscí dearfacha faoi chaighdeán roinnt de na ceachtanna indibhidiúla a cuireadh i láthair le linn na meastóireachta, bhí tuairim acu gur chóir níos mó airde a dhíriú ar dhaingniú na foghlama agus daingniú na nasc idir shraitheanna den churaclam.

8.1.5 Measúnú

Tugann formhór na ráiteas meastóireachta a rinne cigirí le fios go bhfuil beartas agus cleachtas meastóireachta mar ghnéithe den soláthar a bhfuil gá le haghaidh a thabhairt orthu agus feabhas suntasach a dhéanamh orthu. Cé go mbaineann formhór na scoileanna úsáid as éagsúlacht d'uirlisí measúnaithe, tá an anailís ar na sonraí a bailíodh agus an úsáid a mbaintear astu teoranta. Ní bhaineann formhór na scoileanna úsáid as sonraí measúnaithe chun cur le forbairt clár oiriúnach teagaisc, ar leibhéal na scoile ina hiomláine nó ar leibhéal an tseomra ranga aonair, agus ní bhaineann siad úsáid as sonraí mar mheán éifeachtúlacht an chur chuige teagaisc a mheasúnú.

Cé go dtugann na scoileanna uile roinnt aiseolais do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a leanaí,

ní raibh forbairt déanta ar chleachtas tuairiscithe inscoile i leith torthaí measúnaithe. Má tá sé mar chuid de phróiseas pleanála gnímh tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag iarraidh teacht níos mó le cuspóirí curaclaim, cláir teagaisc agus foghlama a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as cur chuige éifeachtúil measúnaithe.

8.1.6 Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus tinreamh scoile

Tuigeann na scoileanna uile an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheoirí a fháil in oideachas a leanaí agus cultúr tinrimh scoile a chothú. Tá tionscnaimh bunaithe ag roinnt scoileanna agus faigheann siad uile tacaíocht ón tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal chun rannpháirtíocht níos mó na dtuismitheoirí a chur chun cinn. I móramh suíomh scoileanna, áfach, bíonn rannpháirtíocht na dtuismitheoirí go dona i gcónaí, go háirithe i gcás tuismitheoirí leanaí sna meán-ranganna agus sna ranganna sinsearacha. I níos mó ná dhá dtrian de na suímh ranga a ndearnadh meastóireacht orthu aithníodh comhpháirtíocht baile-scoil mar réimse a raibh gá le feabhas suntasach a dhéanamh air. Rud eile de, tá a lán impleachtaí ag leibhéal suntasach neamh-láithreachais na ndaltaí do thuismitheoirí, mhúinteoirí, agus bhoird bhainisteoireachta, don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

8.1.7 Gnóthachtáil leanaí

Tá céatadán ard de leanaí a fuair torthaí laistigh den chúigiú is ísle sna tástálacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta sa dá scoil déag a ghlac páirt sa mheastóireacht seo. Tugann taighde a rinneadh le déanaí le fios gur dúshlán mór é an patrún sin de ghnóthachtáil íseal do bhun-scoileanna eile a fhreastalaíonn ar cheantair ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Díol imní is ea méid na gnóthachtála ísle leanaí. Bhí marcanna an-íseal sa léitheoireacht ag beagnach leath de na leanaí sna scoileanna a ndearnadh meastóireacht orthu, agus fuair beagnach dhá dtrian de na leanaí marcanna ag nó faoi bhun an 20ú peircintíl i dtástálacha caighdeánaithe sa mhatamaitic. Tugann sonraí le fios go bhfuil fianaise ann go laghdaíonn gnóthachtáil daltaí agus iad ag dul tríd an mbunscoil agus go bhfuil gnóthachtáil na ndaltaí i rang 5 agus rang 6 sa litearthacht agus san uimhearthacht an-íseal.

Taispeánann na leibhéil ghnóthachtála a tuairiscítear sa mheastóireacht seo go bhfuil a lán leanaí ag fágáil na bunscoile agus tuiscint an-lag acu ar choincheapa matamaitice agus leibhéil ísle cumas léitheoireachta bainte amach acu. Tugann na leibhéil ghnóthachtála atá an-íseal a tuairiscíodh le fios nach bhfuil daltaí ag baint tairbhe iomlán as a n-eispéiris oideachais. Téann a lán leanaí ar scoileanna dara leibhéal agus féidearthachtaí an-teoranta acu. Ba chóir go mbeadh na torthaí sin mar dhíol mór imní do mhúinteoirí, d'údaráis bhainisteoireachta scoile agus don lucht déanta beartas toisc go bhfuil inniúlacht teanga mar bhunús foghlama in a lán ábhair agus go bhfuil scileanna agus coincheapa matamaitice ríthábhachtach sna réimsí foghlama eolaíochta agus teicniúla ar an dara leibhéal.

8.1.8 An dúshlán a bhaineann le dul i ngleic le leibhéil ghnóthachtála ísle

Ba chóir do gach duine a bhíonn ag obair i scoileanna ainmnithe mar scoileanna faoi míbhuntáiste a aithint go gciallaíonn an leibhéal suntasach de ghnóthachtáil íseal sna seomraí ranga go bhfuil gá le cur chuige teagaisc agus foghlama a dhíriú ar riachtanais shonracha leanaí aonair. Ní fhreastalaíonn teagasc atá bunaithe ar théacsleabhair don rang ina hiomláine ar riachtanais na

leanaí seo. Ní mór soláthar sna scoileanna a bhunú ar ionchais arda do na leanaí uile agus ar bhéim a chur ar chaighdeáin a fheabhsú. Ní mór do bhaill na mbord bainisteoireachta, baill na bhfoirne bainisteoireachta inscoile agus múinteoirí a bheith tiomanta do mhisean na scoile atá curtha in iúl go soiléir agus do nósanna imeachta pleanála straitéisí a théann i ngleic leis an tsaincheist shonrach seo. Ba chóir a aithint ar leibhéal na scoile agus ar leibhéil an chórais go bhfuil leibhéal an-ard de shaineolas teagaisc agus creat cleachtais éifeachtúil ag teastáil le haghaidh teagaisc a ghlacann le hullmhúchán den scoth, leibhéil arda saineolais i gcur i láthair ceachta nua, cleachtas ardfhorbartha maidir le leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama agus foghlaim na leanaí a dhaingniú agus cur chuige measúnaithe atá comhtháite go córasach le teagasc agus foghlaim.

8.2 Moltaí

8.2.1 Pleanáil

- Tá gá le próiseas pleanála scoilbhunaithe níos córasaí chun leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na leanaí a chinntiú. Tá bunú tosaíochtaí sonracha atá dírithe ar litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú, laistigh de chomhthéacs an churaclaim atá leanbhlárnach agus cothrom, lárnach sa phróiseas seo. Ba chóir comhaontú ar na tosaíochtaí seo ag leibhéal na scoile ina hiomláine, agus ba chóir do na baill foirne a chur san áireamh ina bpleanáil aonair.
- Ba chóir do mhúinteoirí agus phríomhoidí athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar phleananna na scoile ina hiomláine ar chleachtais teagaisc agus pleanáil i gcomhair an tseomra ranga. Ba chóir tabhairt faoin athbhreithniú mar chuid de phróiseas féin-athbhreithnithe na scoile. Ba chóir d'fhoirne scoile foilseachán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta *Looking at Our School: An Aid to Self-Evaluation in Primary Schools* a úsáid sa phróiseas nuair a bhreathnaíonn siad go criticiúil ar a scoileanna. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil tionchar láidir ag pleananna don scoil ina hiomláine ar chleachtas an tseomra ranga.
- Ba chóir don phríomhoide agus don fhoireann bainisteoireachta inscoile ról ceannasach a thógáil chun próiseas éifeachtach pleanála a chothabháil. Tá sé seo dírithe ar naisc shoiléire a chinntiú idir pleanáil don scoil ina hiomláine, ullmhúcháin múinteoirí aonair, agus cleachtas laethúil maidir le litearthacht agus uimhearthacht a theagasc.
- Ba chóir d'ullmhúchán scríofa na múinteoirí cur chuige idirdhealaitheach a chur san áireamh i bhfad níos mó chun freastal ar na daltaí uile, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus deacrachtaí foghlama acu ina measc. Ba chóir do mhúinteoirí, i gcomhar le múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne, spriocanna sonracha a leagadh amach chun freastal ar riachtanais aonair leanaí a bhfuil deacrachtaí acu le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, agus ba chóir dóibh pleananna gnímh a chruthú chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Ba chóir monatóireacht agus athbhreithniú córasach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm pleananna gnímh litearthachta agus uimhearthachta laistigh den scoil. Ba chóir córas tuairiscithe inscoile a bheith cumtha sa chaoi go ndéanfadh múinteoirí tuairisc ar an méid a chomhlíontar a gcuspóirí teagaisc agus foghlama.
- Tá am breise taobh amuigh d'uaireanta ranga ag teastáil i scoileanna chun tacú le hidir-ghníomhaíocht i bpleanáil, comhobair agus athbhreithniú don scoil ina hiomláine. Moltar, mar sin, gur chóir do chomhpháirtithe oideachais machnamh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir am a chur ar fáil le haghaidh comhphleanáil riachtanach i scoileanna.

8.2.2 Cuir chuige agus modheolaíochtaí teagaisc

- Ba chóir creat éifeachtúil le haghaidh teagaisc a ghlacann le feabhas san ullmhúchán, leibhéil arda saineolais i gcur i láthair an cheachta, cleachtas ardfhorbartha maidir le leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama agus foghlaim na leanaí a dhaingniú agus cur chuige measúnaithe atá comhtháite go córasach le teagasc agus foghlaim a chur chun cinn agus a fhorbairt i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste.
- Ba chóir do mhúinteoirí níos mó airde a dhíriú ar athchleachtadh agus dhaingniú foghlama agus cuidiú le daltaí coincheapa agus eolas a thagann ó shraitheanna éagsúla an churaclaim a nascadh le chéile.
- Ba chóir aghaidh a thabhairt ar scileanna smaointeoireachta ag ord níos airde sa litearthacht agus san uimhearthacht araon a fhorbairt.
- Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil réimse níos leithne ábhar léitheoireachta sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha, agus ba chóir níos béime a chur ar léitheoireacht le haghaidh pléisiúir agus faisnéise.
- Ba chóir do líon suntasach scoileanna timpeallacht atá "saibhir le hábhair mhatamaitice" a chruthú sna seomraí ranga, agus ba chóir dóibh i bhfad níos mó úsáide a bhaint as ábhair choincréiteacha i dteagasc na huimhearthachta.
- Ba chóir do scoileanna comhobair níos fearr a chinntiú idir na múinteoirí ranga agus na múinteoirí a chuireann teagasc breise ar fáil i bhforfheidhmiú an chur chuige idirdhealaithe agus in ullmhú agus i gcur i bhfeidhm próifíl aonair agus clár foghlama aonair (IPLP) do gach leanbh a fhaigheann teagasc breise. Ba chóir go mbeadh tacaíocht bhreise curtha ar fáil do leanaí i litearthacht agus in uimhearthacht i gcomhthéacs eispéireas oideachais atá comhtháite agus oideachasúil do leanaí.

8.2.3 Measúnú agus gnóthachtáil leanaí

- Ba chóir breathnú ar mheasúnú éifeachtúil a dhéanamh ar fhoghlaim leanaí agus a modh-eolaíochtaí teagaisc mar scil lárnach gairmiúil do mhúinteoirí.
- Ba chóir do na seirbhísí tacaíochta éagsúla—lena n-áirítear tionscnamh na Seirbhíse Pleanála um Fhorbairt Scoile (SDPS) agus Clár Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile (PCSP), i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe, agus na gníomhaireachtaí ábhartha—treoir níos comhordaithe a chur ar fáil i scoileanna maidir le straitéisí ar féidir leo tionchar a bheith acu ar fhoghlaim agus ghnóthachtáil na ndaltaí.
- Bíonn níos mó tacaíochta ag teastáil ó scoileanna i réimsí ar nós measúnú curaclambhunaithe, torthaí tástálacha caighdeánaithe a léirmhíniú, agus deacrachtaí foghlama a aithint, go háirithe sa mhatamaitic.
- Ba chóir struchtúir tuarascála shoiléire a bhunú i scoileanna sa chaoi go mbeidh torthaí measúnaithe curtha in iúl go héifeachtúil do dhaltaí, thuismitheoirí, agus bhainisteoireacht na scoile.
- Agus iad ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn na ndaltaí i litearthacht agus in uimhearthacht ba chóir do scoileanna dul chun cinn na leanaí ó bhliain go bliain a thaispeáint, agus ba chóir an fhaisnéis seo a úsáid ag leibhéal na scoile ina hiomláine chun a chinntiú gur féidir le cláir teagaisc cur ar chumas leanaí é seo a bhaint amach a mhéid is indéanta. Chuirfeadh sonraí mar sin ar chumas lucht déanta beartas measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gclár idirghabhála atá deartha chun dul i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha litearthachta agus uimhearthachta agus acmhainní a dhíriú ar na réimsí a bhfuil an riachtanas is mó orthu.

- Ba chóir do phleanáil an tseomra ranga díriú ar na torthaí measta foghlama. Ba chóir do mhodhanna measúnaithe faisnéis a chur fáil faoi fhíorthorthaí na foghlama. Ba chóir an fhaisnéis sin a úsáid mar bhunús do mheastóireacht ar chur chuige teagaisc don scoil ina hiomláine, agus ba chóir di díriú ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí.

8.2.4 Soláthar tacaíochta foghlama

- Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais tacaíochta foghlama chun a chinntiú go cuireann beartas agus cleachtas na scoile riachtanais daltaí san áireamh sa litearthacht agus san uimhearthacht araon. Ba chóir do mhúinteoirí tacaíochta foghlama obair i gcomhar le múinteoirí ranga i bhforbairt clár foghlama do dhaltaí i dteannta teagasc breise díreach a chur ar fáil nuair is cuí.
- Ba chóir soláthar tacaíochta foghlama a chur ar fáil sna scoileanna uile do leanaí a bhfuil gnóthachtáil an-íseal acu sa mhatamaitic. Cabhróidh soláthar cláir ardtacaíochta, mar a mholtar sa tuairisc seo, leis an riachtanas atá ann le tacaíocht a laghdú de réir a chéile.

8.2.5 Tinreamh

- Ba chóir do scoileanna dul i ngleic le straitéisí tinrimh fócasaithe a fhorbairt mar a éilítear faoi alt 22 den Acht Oideachais (Leas) (2000). Ba chóir do scoileanna monatóireacht chórasach agus tuairisc a dhéanamh ar thinreamh na leanaí, straitéisí a chumadh a aithníonn leanaí atá i mbaol fadhbanna tinrimh scoile a bheith acu go luath, agus teagmhálacha níos dlúithe a bhunú leis na teaghlaigh sin.
- Ba chóir don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais obair i gcomhar le scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste i bhforbairt freagairtí éifeachtúla maidir leis na leibhéil thromchúiseacha neamhláithreachais a bhíonn i gceist i roinnt scoileanna. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an gceangal atá orthu a leanaí a chur ar scoil, agus ba chóir tacaíocht a thabhairt do scoileanna cultúr tinrimh a fhorbairt i bpobal na scoileanna. Ba chóir nóta faisnéise do thuismitheoirí a fhoilsiú agus a scaipeadh a mhíneodh an tionchar a bhíonn ag neamhláithreachas.
- Tá páirt thábhachtach ag an Scéim Teagmhála Baile-Scoil-Pobal i dtacú le scoileanna straitéisí éifeachtúla freastail a fhorbairt agus i bhforbairt cultúir tinrimh a chur chun cinn.

8.2.6 Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

- Ba chóir do scoileanna iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a bheith níos rannpháirtí in oideachas a leanaí. Ba chóir don tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal cás-staidéir a léiríonn tionscnaimh rathúla i scoileanna maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a leanaí a fhoilsiú agus a dháileadh ar na scoileanna uile.
- Ba chóir don tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal cur le rathúlacht na dtionscnamh rannpháirtíochta tuismitheoirí leanaí óga a spreagadh, agus ba chóir dóibh na straitéisí sin a leathnú amach chun cur ar chumas tuismitheoirí teagmháil éifeachtúil a dhéanamh leis an scoil de réir mar a théann a leanaí trí na meánranganna agus na ranganna sinsearacha.
- Ba chóir forbairt bhreise a dhéanamh ar chláir oideachais don phobal ar féidir leo tionchar a bheith acu ar leibhéil litearthachta tuismitheoirí agus teaghlaigh i gceantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Ba chóir comhairle a fháil ón tSeirbhís Teagmhála Baile-Scoil-Pobal i bhforbairt cúrsaí a d'fhéadfadh cur ar chumas tuismitheoirí tacú le forbairt oideachais a leanaí.

8.2.7 Luathoideachas

- Ba cheart breis forbartha a dhéanamh ar sholáthar na réamhscolaíochta pobalbhunaithe sna ceantair atá ainmnithe mar cheantair faoi mhíbhuntáiste i bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ón tionscnamh Tús Luath. Ba chóir don soláthar díriú ar theanga ó bhéal a fhorbairt agus forbairt choincheapúil leanaí óga.
- Ba chóir tionscnaimh phobail atá dírithe ar chúram agus oideachas luathóige a fhorbairt níos mó chun deiseanna a sholáthar ar fhorbairt scileanna teanga agus cumarsáide leanaí an-óg.
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta machnamh a dhéanamh ar theiripe tacaíochta urlabhra agus teanga a chur ar fáil do na scoileanna a mbíonn na leibhéil mhíbhuntáiste is airde acu ar feadh tréimhse shonrach. Ní bheadh an tacaíocht seo dírithe ar dhaltaí aonair: tá sé beartaithe go n-oibreodh teiripeoirí teanga le múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta chun cláir a fhorbairt don scoil ina hiomláine a thabharfadh aghaidh ar easpaí teanga, go háirithe sna ranganna naíonán agus sóisearacha, agus go mbeadh sé ar bun ar feadh tréimhse shonrach. Thabharfadh sé seo deiseanna do scoileanna ar aghaidh a thabhairt ar mhoill teanga, a gcreideann múinteoirí gurb é ceann de na bunchúiseanna le deacrachtaí a bhaineann le sealbhú litearthachta agus uimhearthachta.

8.2.8 Ráta athraithe múinteoirí

- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le ráta athraithe múinteoirí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus comhairle agus cúnamh a chur ar fáil do scoileanna i bhforbairt straitéisí chun múinteoirí oilte bunscoile a bhfuil taithí acu a mhealladh agus a choinneáil.

8.2.9 Bainisteoireacht na scoile agus príomhoidí

- Teastaíonn oiliúint shonrach ó bhoird bhainisteoireachta a chuirfeadh ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i monatóireacht ar éifeachtúlacht sholáthar an oideachais ina scoileanna.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar bheartas leithdháileadh foirne na Roinne maidir le príomhoidí riaracháin a cheapadh i scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair atá faoi leibhéil an-ard míbhuntáiste chun deis a thabhairt do phríomhoidí ar dhíriú ar a ndualgais ceannaireachta agus páirt a ghlacadh i bpleanáil straitéiseach don scoil agus gníomhaíocht bainisteoireachta go lánaimseartha.
- Ba chóir do na príomhoidí uile páirt a ghlacadh i gcláir forbartha gairmiúla atá dírithe ar a n-inniúlacht a fhorbairt i gceannaireacht straitéiseach agus riaradh athraithe.
- Teastaíonn oiliúint ó phearsanra bainisteoireachta inscoile a chuirfidh lena gcumas forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartas a chur i bhfeidhm atá fócasaithe ar fheabhas a chur ar theagasc agus fhoghlaim agus a chabhróidh leis na beartais sin a chur i bhfeidhm.
- Tá gá le ceannaireacht curaclaim shonraigh agus freagrachtaí comhordaithe don scoil ina hiomláine a thiomnú nuair a leagtar amach dualgais speisialta bhaill na foirne bainisteoireachta inscoile.

8.2.10 Forbairt ghairmiúil múinteoirí agus tacaíocht sheachtrach

- Ba chóir do na soláthraithe d'fhorbairt ghairmiúil réamhsheirbhíse agus leanúnach a chinntiú go bhfuil cúrsaí curtha ar fáil i dteagasc litearthachta agus uimhearthachta, agus ba chóir dóibh treoir a chur ar fáil maidir le pleanáil an chaighdeáin teagaisc, an chaighdeáin foghlama agus measúnaithe i gcomhthéacs míbhuntáiste oideachais.

- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar shuíomh gréasáin lárnach a fhorbairt nó iomprach náisiúnta d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí. D'fhéadfadh an Rannóg um Oideachas Múinteoirí an áis seo a fhorbairt i gcomhairle leis na lárionaid oideachais agus na soláthraithe oideachais inscoile. D'fhéadfadh an suíomh gréasáin seo feabhas mór a chur ar fháil ar fhaisnéis faoi chúrsaí forbartha gairmiúla, lena n-áirítear cúrsaí atá dírithe ar litearthacht agus uimhearthacht. Agus riachtanais forbartha gairmiúla aitheanta acu ar leibhéal na scoile ina hiomláine, d'fhéadfadh múinteoirí teacht ar thacaíocht forbartha gairmiúla mar chuid de fhreagra straitéiseach scoilbhunaithe ar sholáthar litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar dhianchláir ardtacaíochta idirghabhála, ar nós Aisghabháil Léitheoireachta agus Aisghabháil Matamaitice, a leathnú amach ag na scoileanna a bhfuil na céatadáin is airde daltaí atá faoi mhíbhuntáiste acu ar dtús agus é a leathnú amach ag na scoileanna uile atá ainmnithe mar scoileanna faoi mhíbhuntáiste de réir a chéile. Mar chuid den fhreagra seo ba chóir na modheolaíochtaí atá mar bhunchloch ag na dianchláir aisghabhála i litearthacht agus uimhearthacht a scaipeadh go forleathan. Chuirfeadh sé seo ar chumas na múinteoirí seomraí ranga agus múinteoirí a bhíonn ag obair i ról tacaíochta a réimse cur chuige teagaisc a leathnú amach, agus thabharfadh sé na scileanna dóibh atá riachtanach chun cláir chórasacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sa litearthacht agus san uimhearthacht.
- Ba chóir machnamh a dhéanamh ar ghrúpa múinteoirí tacaíochta curaclaim a bhunú, faoi chúram na Seirbhíse Réigiúnaí Tacaíochta Curaclaim, a mbeadh saineolas sonrach acu faoi litearthacht agus uimhearthacht agus a chuirfeadh tacaíocht dhíreach ar fáil do scoileanna ainmnithe a thug tosaíocht d'fhorbairt soláthair litearthachta agus uimhearthachta. Ba chóir don tseirbhís iarracht a dhéanamh cuidiú le príomhoidí scoile le straitéisí a fhorbairt atá dírithe ar ghnóthachtáil leanaí a fheabhsú. Ba chóir dó múnla cuí a chur ar fáil do theagasc agus do mhodheolaíochta measúnaithe i seomraí ranga, agus ba chóir dó dea-chleachtas a scaipeadh i measc múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht ar fáil don scoil ar feadh tréimhse shonrach.

8.3 Conclúid

Tá sé mar aidhm ag an gcóras oideachais, tríd an gCuraclam Bunscoile, réimse eispéireas foghlama a sholáthar do leanaí a bheadh ábhartha dá riachtanais san am i láthair agus amach anseo. I scoileanna atá ainmnithe mar scoileanna a fhreastalaíonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste tá dúshlán ar leith ann má táthar chun aghaidh a thabhairt ar phatrún gnóthachtála ísle na ndaltaí. Díreoidh pleanáil straitéiseach ar ardchaighdeán ar ról na dtuismitheoirí, na múinteoirí agus na scoileanna an leas is fearr a bhaint as féidearthacht an churaclaim. Éilíonn rathúlacht i straitéisí teagaisc agus foghlama tosaíocht shoiléir a thabhairt d'oideachas litearthachta agus uimhearthachta ina mbaintear an úsáid is éifeachtúla is féidir as acmhainní fisiceacha agus daonna. Tá cultúr an athraithe ag teastáil sa chaoi go mbainfimid amach an feabhas a éilítear chun caighdeán foghlama na leanaí a fheabhsú ar bhealach forbartha fiúntach.

9 Tagairtí

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999). *Curriculum for Primary Schools—English (Curriculum Content and Guidelines).* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999). *Curriculum for Primary Schools—Mathematics (Curriculum Content and Guidelines).* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Cosgrove, J., Kellaghan, T., Forde, P., agus Morgan, M. (2000). *The 1998 National Assessment of English Reading*. Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.

Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (1992). *High-Quality Education and Training for All.* Paris: OECD.

Eivers, E., Shiel, G., agus Shortt, F. (2004). *Reading Literacy in Disadvantaged Primary Schools*. Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.

Fullan, M. G. (1992). *Successful School Improvement: The Implementation Perspective and Beyond*. Milton Keynes: Open University Press.

Kellaghan, T., Weir, S., Ó hUallacháin, S., agus Morgan, M. (1995). *Educational Disadvantage in Ireland.* Baile Átha Cliath: Roinn Oideachas agus Eolaíochta, Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta, agus Lárionad Taighde Oideachais.

Levine, D. U., agus Lezotte, L. W. (1990). *Unusually Effective Schools: A Review and an Analysis of Research and Practice.* Madison (Wis.): National Center for Effective Schools Research and Development.

Mortimore, P., Sammons, P., Stoll, L., Lewis, D., agus Ecob, R. (1988). *School Matters: The Junior Years.* Wells: Open Books. (Athchló ag Paul Chapman Publishing, Londain, 1994.)

Murphy, B. (2000). *Support for the Educationally and Socially Disadvantaged: An Introductory Guide to Government-Funded Initiatives in Ireland.* Corcaigh: Coláiste na hOllscoile agus an Roinn Oideachais.

Reynolds, D., agus Cuttance, P. (1992). *School Effectiveness: Research, Policy and Practice.* Londain: Cassell.

Rialtas na hÉireann, *An tAcht Oideachais (1998).*

Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004). *Submissions Made to the Minister for Education and Science, Educational Disadvantage Committee (2003 Report).*

Rutter, M., Maughan, B., Mortimore, P., agus Oustom, J. (1979). *Fifteen Thousand Hours: Secondary Schools and Their Effects on Children.* Londain: Open Books.

Sammons, P., Hillman, J., agus Mortimore, P. (1995). *Key Characteristics of Effective Schools: A Review of School Effectiveness Research.* Londain: Office for Standards in Education and Institute of Education.

Sammons, P., Thomas, S., agus Mortimore, P. (1997). *Forging Links: Effective Schools and Effective Departments.* Londain: Paul Chapman Publishing.

Shiel, G., Cosgrove, J., Sofroniou, N., agus Kelly, A. (2001). *Ready for Life?: The Literacy Achievements of Irish 15-Year-Olds with Comparative International Data*. Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.

Smyth, E. (1999). *Do Schools Differ?: Academic and Personal Development among Pupils in the Second-Level Sector*. Baile Átha Cliath: Oak Tree Press, i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Weir, S. (2003). *The Evaluation of Breaking the Cycle: A Follow-Up of the Achievements of the 6th-Class Pupils in Urban Schools in 2003*. Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.

Weir, S., Milis, L., agus Ryan, C. (2002). *The Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Final Evaluation Report*. Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.

Weir, S., agus Ryan, C. (2000). *Interim Report on the Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Report to the Department of Education and Science.* Baile Átha Cliath: Lárionad Taighde Oideachais.Sammons, P., Hillman, J., and Mortimore, P. (1995). *Key Characteristics of Effective Schools: A Review of School Effectiveness Research*. London: Office for Standards in Education and Institute of Education.

Sammons, P., Thomas, S., and Mortimore, P. (1997). *Forging Links: Effective Schools and Effective Departments*. London, Paul Chapman Publishing.

Shiel, G., Cosgrove, J., Sofroniou, N., and Kelly, A. (2001). *Ready for Life?: The Literacy Achievements of Irish 15-Year-Olds with Comparative International Data*. Dublin: Educational Research Centre.

Smyth, E. (1999). *Do Schools Differ?: Academic and Personal Development among Pupils in the Second-Level Sector*. Dublin: Oak Tree Press, in association with the Economic and Social Research Institute.

Weir, S. (2003). *The Evaluation of Breaking the Cycle: A Follow-Up of the Achievements of the 6th Class Pupils in Urban Schools in 2003*. Dublin: Educational Research Centre.

Weir, S., and Ryan, C. (2000). *Interim Report on the Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Report to the Department of Education and Science*. Dublin: Educational Research Centre.

Weir, S., Milis, L., and Ryan, C. (2002). *The Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Final Evaluation Report*. Dublin: Educational Research Centre.